Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Nollaig 2020
(OR. en)

14124/20

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0361(COD)**

**COMPET 641
MI 576
JAI 1116
TELECOM 268
CT 119
PI 92
AUDIO 65
CONSOM 222**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Nollaig 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 825 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 825 final.

Faoi iamh: COM(2020) 825 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.12.2020
COM(2020) 825 final

2020/0361 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2020) 432 final} - {SWD(2020) 348 final} - {SWD(2020) 349 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Ó glacadh le Treoir 2000/31/CE[1] (‘an Treoir maidir le Ríomhthráchtáil’), tá seirbhísí (digiteacha) sochaí faisnéise nua agus nuálacha tagtha chun cinn, ag athrú saol laethúil saoránaigh an Aontais agus ag cur cruth agus athrú ó bhonn ar an gcaoi a ndéanann siad cumarsáid, nascadh, ídiú agus gnó. Chuir na seirbhísí sin go mór le hathruithe ó bhonn ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar san Aontas agus ar fud an domhain. Ag an tráth céanna, tá an úsáid a bhaintear as na seirbhísí sin anois ina foinse rioscaí agus dúshlán nua, don tsochaí ina hiomláine agus do dhaoine aonair a úsáideann na seirbhísí sin. Is féidir le seirbhísí digiteacha tacú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach trí chur le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil. Tá an tábhacht a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha i ngach gné den saol nua-aimseartha léirithe ag géarchéim an choróinvíris. Taispeánadh léi go soiléir an méid a bhíonn ár ngeilleagar agus ár sochaí ag brath ar sheirbhísí digiteacha agus tarraingíodh aird ar na tairbhí agus ar na rioscaí araon a eascraíonn as an gcreat reatha maidir le feidhmiú seirbhísí digiteacha.

Sa Teachtaireacht ‘Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú’[2], thug an Coimisiún gealltanas chun na rialacha cothrománacha lena sainmhínítear freagrachtaí agus oibleagáidí soláthraithe seirbhísí digiteacha, agus ardáin ar líne go háirithe a thabhairt cothrom le dáta.

Agus sin á dhéanamh, chuir an Coimisiún san áireamh na saincheisteanna a sainaithníodh i dtuarascálacha féintionscnaimh Pharlaimint na hEorpa agus rinne sé anailís ar na tograí iontu. Ghlac Parlaimint na hEorpa le dhá rún ar bhonn Airteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ar ‘an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha – Feabhas a chur ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair’[3] agus ar ‘an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha: rialacha an dlí tráchtála agus shibhialta a oiriúnú d’eintitis tráchtála a bhíonn ag feidhmiú ar líne’[4]. Ghlac Parlaimint na hEorpa le rún freisin faoin nós imeachta neamhreachtach ar ‘an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus ar shaincheisteanna a cuireadh maidir le cearta bunúsacha’[5]. Go bunúsach, is rúin chomhlántacha iad ar go leor bealaí. Áirítear orthu éileamh láidir chun na croí-phrionsabail sa Treoir maidir le Ríomhthráchtáil a choinneáil ar bun agus chun cearta bunúsacha a chosaint sa timpeallacht ar líne, chomh maith le hanaithnideacht ar líne pé áit is féidir go teicniúil. Éilítear trédhearcacht, oibleagáidí faisnéise agus cuntasacht iontu do sholáthraithe seirbhísí digiteacha agus cuirtear oibleagáidí éifeachtacha chun dul i ngleic le hábhar neamhdhleathach ar líne chun cinn iontu. Tacaítear le formhaoirseacht phoiblí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta sna rúin freisin, agus le comhar idir údaráis inniúla thar dhlínsí chun an dlí a fhorfheidhmiú, go háirithe le linn dóibh a bheith ag dul i ngleic le hábhair trasteorann.

---

[1] Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an tráchtáil leictreonach, go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach (Treoir maidir le tráchtáil leictreonach) (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1).

[2] https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/communication-_shaping-_europes-_digital-_future-_feb2020_en_4.pdf

[3] Parlaimint na hEorpa, Rún maidir le feabhas a chur ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair (2020/2018(INL)).

[4] Parlaimint na hEorpa, Rún maidir le rialacha an dlí tráchtála agus shibhialta a oiriúnú d’eintitis tráchtála a bhíonn ag feidhmiú ar líne (2020/2019(INL)).

[5] Parlaimint na hEorpa, Rún maidir leis an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus ar shaincheisteanna a cuireadh maidir le cearta bunúsacha (2020/2022(INI))

Éilítear sa rún maidir leis 'an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha – Feabhas a chur ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair' go ndéanfaí athchóiriú uaillmhianach ar an gcreat dlíthiúil ríomhthráchtála reatha san Aontas Eorpach fad is a choinnítear ar bun croíphrionsabail a chórais dliteanais, cosc na monatóireachta ginearálta agus clásal an mhargaidh inmheánaigh, a mheasann sé a bheith bailí fós inniu. Ag deimhniú cuspóirí na Treorach maidir le Ríomhthráchtáil, éilítear bearta sa rún a bhfuil cosaint tomhaltóirí ina gcroílár, trí roinn mhionsonraithe a áireamh ann maidir le margaí ar líne, agus trína n- áirithítear muinín an tomhaltóra sa gheilleagar digiteach, agus cearta bunúsacha úsáideoirí á n- urramú ag an am céanna. Féachtar sa rún freisin le hoibriú ar son rialacha a bheidh mar bhonn taca faoi thimpeallacht dhigiteach iomaíoch san Eoraip, agus beartaítear an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha mar bhunaitheoir caighdeán ar leibhéal domhanda.

Éilítear sa rún maidir leis 'an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha: rialacha an dlí tráchtála agus shibhialta a oiriúnú d'eintitis tráchtála a bhíonn ag feidhmiú ar líne' níos mó cothroime, trédhearcachta agus cuntasachta do phróisis mhodhnaithe ábhar seirbhísí digiteacha, ag áirithiú go ndéantar cearta bunúsacha a urramú, agus iontaoibh neamhspleách maidir le sásamh breithiúnach a ráthú. Áirítear sa rún freisin an iarraidh le haghaidh sásra mionsonraithe 'fógra agus gnímh' ina dtéitear i ngleic le hábhar neamhdhleathach, rialacha cuimsitheacha maidir le fógraíocht ar líne, lena n- áirítear fógraíocht spriocdhírithe, agus a chumasaíonn forbairt agus úsáid conarthaí cliste.

Tarraingítear aird sa rún neamhreachtach maidir leis 'an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus ar shaincheisteanna a cuireadh maidir le cearta bunúsacha' ar an ngá atá le soiléireacht dhlíthiúil d'ardáin agus úsáideoirí, agus cearta bunúsacha mar gheall ar fhorbairt thapa na teicneolaíochta a urramú. Éilítear ann rialacha comhchuibhithe le dul i ngleic le hábhar neamhdhleathach ar líne agus i gcomhair díolúintí ó dhliteanas agus modhnú ábhair. Áirítear freagrachtaí soiléire sa rún freisin maidir le tuairisciú agus trédhearcacht d'ardáin agus d'údaráis. Cuireadh fáilte i gConclúidí na Comhairle[6] freisin roimh an bhfógra a rinne an Coimisiún faoin Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha, ag leagan béime ar 'an ngá atá le rialacha soiléire agus comhchuibhithe bunaithe ar fhianaise maidir le freagrachtaí agus cuntasacht do sheirbhísí digiteacha a ráthódh leibhéal iomchuí deimhneachta dlíthiúla d'idirghabhálaithe idirlín', ag cur i dtábhacht 'an gá atá le cumais Eorpacha agus comhar na n- údarás náisiúnta a bhreisiú, ag caomhnú agus ag atreisiú prionsabail bhunúsacha an Mhargaidh Aonair agus an gá atá le sábháilteacht saoránach a bhreisiú agus a gcearta a chosaint sa réimse digiteach ar fud an Mhargaidh Aonair'. Athdhearbhaíodh an ghairm chun gnímh seo i gConclúidí na Comhairle an 2 Deireadh Fómhair 2020[7].

Ag tógáil ar na príomhphrionsabail a leagtar amach sa Treoir maidir le Ríomhthráchtáil, atá bailí fós inniu, déantar iarracht sa togra seo na coinníollacha is fearr a áirithiú chun seirbhísí digiteacha nuálacha a sholáthar sa mhargadh inmheánach, le cur le sábháilteacht ar líne agus an chosaint do chearta bunúsacha, agus chun struchtúr láidir agus inmharthanach rialachais a bhunú chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha.

Sainmhínítear sa togra freagrachtaí soiléire agus cuntasacht do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha, agus go háirithe ardáin ar líne, cosúil leis na meáin shóisialta agus margaí. Ach oibleagáidí soiléire maidir leis an dícheall cuí a leagan amach le haghaidh seirbhísí idirghabhálacha áirithe, nósanna imeachta fógra agus gnímh a áireamh d'ábhar

[6] Conclúidí ón gComhairle maidir le Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú, 8711/20 an 9 Meitheamh 2020, https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST- 8711- 2020- INIT/ga/pdf

[7] https://www.consilium.europa.eu/media/45910/021020- euco- final- conclusions.pdf

neamhdhleathach agus an fhéidearthacht chun dúshlán a thabhairt do chinntí na n- ardán maidir le modhnú ábhair, féachtar sa togra chun sábháilteacht ar líne úsáideoirí a fheabhsú ar fud an Aontais ar fad agus cosaint dá gcearta bunúsacha a fheabhsú. Thairis sin, áiritheoidh oibleagáid d'ardáin ar líne áirithe chun faisnéis a fháil, a stóráil agus a fhíorú i bpáirt agus a fhoilsiú faoi thrádálaithe a úsáideann a seirbhísí timpeallacht ar líne a bheidh níos sábháilte agus níos trédhearcaí do thomhaltóirí. Ag aithint an tionchar ar leith atá ag ardáin an- mhór ar líne ar ár ngeilleagar agus ár sochaí, leagtar síos caighdeán níos airde trédhearcachta agus cuntasachta sa togra faoin gcaoi a ndéanann soláthraithe na n- ardán sin ábhar a mhodhnú, faoi fhógraíocht agus faoi phróisis algartamacha. Leagtar amach oibleagáidí ann chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann lena gcórais chun uirlisí iomchuí um bainistíocht riosca a fhorbairt chun sláine a seirbhísí a chosaint in aghaidh úsáid teicnící ionramhála. Áirítear sa tairseach oibríochtúil do sholáthraithe seirbhíse faoi raon feidhme na n- oibleagáidí seo na hardáin ar líne sin a bhfuil rochtain shuntasach acu san Aontas, a mheastar faoi láthair a bheith níos mó ná 45 milliún faighteoir seirbhíse. Tá an tairseach seo comhréireach leis na rioscaí a chruthaítear le rochtain na n- ardán san Aontas; i gcás ina n- athraíonn daonra an Aontais de chéatadán áirithe, coigeartóidh an Coimisiún an líon faighteoirí a mheasfar don tairseach, ionas gurb ionann é go comhsheasmhach agus 10 % de dhaonra an Aontais. Anuas air sin, leagfar amach san Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha cúlstad comhrialála, lena n- áirítear forbairt ar thionscnaimh dheonacha reatha.

Coinnítear ar bun sa togra na rialacha dliteanais do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha a leagtar amach sa Treoir maidir le Ríomhthráchtáil – atá bunaithe faoi seo mar bhunchloch an gheilleagair dhigitigh agus rud atá ríthábhachtach chun cearta bunúsacha ar líne a chosaint. Léirmhínigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh na rialacha sin, agus tugadh soiléirithe agus treoraíocht luachmhar dá bhrí sin. Mar sin féin, chun comhchuibhiú a áirithiú ar fud an Aontais agus ilroinnt dhlíthiúil a sheachaint, is gá na rialacha sin a áireamh i Rialachán. Is iomchuí freisin roinnt gnéithe de na rialacha sin a shoiléiriú chun dídhreasachtaí reatha a dhíothú i dtreo féin- imscrúduithe deonacha arna ndéanamh ag soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha chun sábháilteacht a n- úsáideoirí a áirithiú agus chun a ról a shoiléiriú ó dhearcadh tomhaltóirí in imthosca áirithe. Ba cheart go gcabhródh na soiléirithe sin le soláthraithe níos lú, nuálacha méadú agus fás trí thairbhe a bhaint as deimhneacht dhlíthiúil níos mó.

Éilítear i margadh aonair níos doimhne, gan teorainn le haghaidh seirbhísí digiteacha comhar breisithe i measc Ballstát chun formhaoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach a ráthú maidir leis na rialacha nua a leagtar amach sa Rialachán beartaithe. Leagtar freagrachtaí soiléire amach sa togra do na Ballstáit chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíontacht na soláthraithe seirbhísí atá bunaithe ina gcríocha leis na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán beartaithe. Áirithítear leis seo an forfheidhmiú is tapúla agus is éifeachtaí ar rialacha agus tugann sé cosaint do shaoránaigh uile an Aontais Eorpaigh. Tá sé mar aidhm leis na próisis shimplí agus shoiléire do shaoránaigh agus do sholáthraithe seirbhíse a sholáthar chun faoiseamh a fháil ina n- idirghníomhaíochtaí le húdaráis mhaoirseachta. I gcás ina dtagann rioscaí córasacha chun cinn ar fud an Aontais, foráiltear don fhormhaoirseacht agus don fhorfheidhmiú ar leibhéal an Aontais sa Rialachán beartaithe.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an Treoir maidir le Ríomhthráchtáil mar bhonn taca faoi chreat dlíthiúil reatha an Aontais lena rialaítear seirbhísí digiteacha. Tá an Rialachán seo atá beartaithe gan dochar don Treoir maidir le Ríomhthráchtáil, agus tógann sé ar na forálacha a leagtar síos ann, go háirithe ar phrionsabal an mhargaidh aonair a leagtar amach in Airteagal 3. Tá foráil sa Rialachán atá

beartaithe do shásra comhair agus comhordaithe maidir le maoirseacht na n- oibleagáidí a ghearrann sé. Maidir le creat cothrománach na díolúine ó dhliteanas do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha, scriosann an Rialachán seo Airteagail 12- 15 sa Treoir maidir le Ríomhthráchtáil agus déantar iad a atáirgeadh sa Rialachán, agus díolúintí ó dhliteanas na soláthraithe sin á gcoinneáil ar bun, mar a léirmhínigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Ag brath ar chóras dlí gach Ballstáit agus an réimse dlí atá i gceist, féadfaidh údaráis bhreithiúnacha nó riaracháin náisiúnta ordú a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha gníomhú in aghaidh nithe sonracha ar leith d'ábhar neamhdhleathach. Caithfear orduithe den chineál sin, a eisiúint i gcomhréir le dlí an Aontais, go háirithe i gcás ina n- éilíonn siad ar an soláthraí filleadh ábhar neamhdhleathach a chosc, go háirithe leis an gcosc maidir le hoibleagáidí faireacháin ghinearálta, arna léirmhíniú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh[8]. Ní dhéanann an togra seo, go háirithe Airteagal 8 den togra, aon difear don chásdlí seo. Ba cheart go mbeadh an togra seo ina bhunús iomchuí maidir le forbairt teicneolaíochtaí láidre chun filleadh faisnéis neamhdhleathach a chosc, agus na coimircí is airde a bheith ag gabháil leis ionas nach mbaintear ábhar dleathach anuas trí bhotún; d'fhéadfaí na huirlisí sin a fhorbairt ar bhonn comhaontuithe deonacha idir na páirtithe ar fad lena mbaineann agus ba cheart do na Ballstáit iad a spreagadh; gabhann sé chun leasa gach páirtí lena mbaineann seirbhísí idirghabhálacha a sholáthar chun nósanna imeachta den sórt sin a ghlacadh agus a chur chun feidhme; níor cheart go gcuirfeadh forálacha an Rialacháin seo a bhaineann le dliteanas cosc ar fhorbairt agus ar oibriú éifeachtach, ag na páirtithe leasmhara éagsúla, ar chórais teicniúla cosanta agus aitheantais agus aithint uathoibríoch is féidir a dhéanamh mar gheall ar theicneolaíocht dhigiteach laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i Rialachán 2016/679.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tugtar creat cothrománach isteach sa Rialachán seo le haghaidh gach catagóir ábhair, táirge, seirbhísí agus gníomhaíochtaí ar sheirbhísí idirghabhálacha. Ní shainmhínítear cineál neamhdhleathach an ábhair, na dtáirgí nó na seirbhísí sin sa Rialachán seo ach is ann dó de thoradh dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais.

Ní chumhdaíonn ionstraimí earnáilsonracha na bearnaí rialála ar fad a fheictear sa mheasúnú tionchair: ní fhoráiltear iontu rialacha iomlána maidir leis na hoibleagáidí nós imeachta a bhaineann le hábhar neamhdhleathach agus ní áirítear iontu ach na rialacha bunúsacha maidir le trédhearcacht agus cuntasacht soláthraithe seirbhíse agus sásraí formhaoirseachta teoranta. Ina theannta sin, cumhdaíonn dlíthe earnáilsonracha cásanna i gcás ina bhfuil gá le cuir chuige oiriúnaithe. I dtéarmaí raon feidhme, tá siad teoranta ó dhá pheirspictíocht. Ar an gcéad dul síos, téann na hidirghabhálacha earnáilsonracha i ngleic le fothacar beag saincheisteanna (e.g. sáruithe cóipchirt, ábhar sceimhlitheoireachta, ábhar maidir le mí- úsáid gnéis leanaí nó fuathchaint neamhdhleathach, roinnt táirgí neamhdhleathacha). Ar an dara dul síos, ní chumhdaíonn siad ach scaipeadh an ábhair sin ar chineálacha áirithe seirbhísí (e.g. fothacar d'ardáin ar líne maidir le sáruithe cóipchirt, ardáin chomhroinnte físeán amháin agus a mhéid a bhaineann le hábhar sceimhlitheoireachta closamhairc nó fuathchaint amháin). Mar sin féin, tá sé tábhachtach go ndéantar an caidreamh idir an Rialachán nua atá beartaithe agus na hionstraimí earnáilsonracha a shoiléiriú.

[8] Mar shampla, an Breithiúnas an 3 Deireadh Fómhair 2019, Glawischnig- Piesczek (C- 18/18).

Is rud breise é an Rialachán beartaithe a chomhlánaíonn reachtaíocht earnáilsonrach agus ní dhéanann sé aon difear do chur i bhfeidhm dlíthe reatha an Aontais lena rialaítear gnéithe áirithe de sholáthar seirbhísí na sochaí faisnéise, a bhfuil feidhm acu mar *lex specialis*. Mar shampla, beidh feidhm fós ag na hoibleagáidí a leagtar amach i dTreoir 2010/13/CE, arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808, maidir le soláthraithe ardán comhroinnte físeán ('AVSMD') a mhéid a bhaineann le hábhar closamhairc agus cumarsáid tráchtála closamhairc. Baineann an Rialachán seo, áfach, leis na soláthraithe sin a mhéid nach bhfuil forálacha níos sonraíche infheidhme maidir leo in AVSMD nó gníomhaithe dlí eile de chuid an Aontais, amhail an togra do Rialachán maidir le dul i ngleic le scaipeadh ábhar sceimhlitheoireachta ar líne.

Beidh feidhm mar *lex specialis* ag an gcreat arna bhunú sa Rialachán (AE) 2019/1150 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne lena áirithiú go ndeonaítear trédhearcacht, cothroime agus féidearthachtaí sásaimh éifeachtacha d'úsáideoirí gnó na seirbhísí sin agus úsáideoirí suíomhanna gréasáin corparáideacha i ndáil le hinnill chuardaigh ar líne.

Thairis sin, beidh na rialacha a leagtar amach sa togra reatha comhlántach don acquis um chosaint tomhaltóirí agus go sonrach maidir le Treoir (AE) 2019/2161 lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 98/6/CE, Treoir 2005/29/CE agus Treoir 2011/83/AE lena mbunaítear rialacha sonracha chun trédhearcacht a mhéadú maidir le gnéithe áirithe arna gcur ar fáil ag seirbhísí sochaí faisnéise áirithe.

Tá an togra seo gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) agus rialacha eile an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint agus príobháideachas cumarsáide. Mar shampla, comhlánaíonn na bearta a bhaineann le fógraíocht ar ardáin ar líne rialacha reatha maidir le toiliú agus an ceart le cur i gcoinne próiseáil sonraí pearsanta ach ní leasaítear na rialacha sin leo. Forchuireann siad oibleagáidí trédhearcachta i dtreo úsáideoirí ardán ar líne, agus cuirfidh an fhaisnéis seo ar a gcumas dóibh freisin a gcearta a úsáid mar ábhair sonraí. Cumasaíonn siad freisin d'údaráis agus do thaighdeoirí grinnfhiosraithe grinnscrúdú a dhéanamh maidir leis an gcaoi a dtaispeántar fógraí agus an chaoi a ndírítear orthu.

Comhlánófar an togra seo le gníomhaíochtaí breise faoin bPlean Gníomhaíochta um Dhaonlathas Eorpach COM(2020) 790 final, agus é mar chuspóir aige saoránaigh a chumhachtú agus daonlathais níos athléimní a thógáil ar fud an Aontais. Go háirithe, d'fhéadfadh na rialacha ar chóid iompair a bhunaítear sa Rialachán seo a bheith mar bhunús agus d'fhéadfaí iad a chomhlánú le Cód cleachtais athbhreithnithe agus neartaithe maidir le bréagaisnéis, ag forbairt ar threoraíocht an Choimisiúin.

Tá an togra seo freisin go hiomlán comhsheasmhach agus tacaíonn sé a thuilleadh le straitéisí comhionannais ar ghlac an Coimisiún leo i gcomhthéacs an Aontais Chomhionannais. Tá an togra gan dochar do thionscnamh an Choimisiúin atá dírithe ar choinníollacha saothair a fheabhsú do dhaoine a oibríonn trí ardáin dhigiteacha.

Ar deireadh, tógann an rialachán beartaithe seo ar an Moladh maidir le hábhar neamhdhleathach 2018[9]. Cuirtear san áireamh ann freisin eispéiris a fuarthas le hiarrachtaí

[9] Moladh ón gCoimisiún an 1.3.2018 maidir le bearta le dul i ngleic go héifeachtach le hábhar neamhdhleathach ar líne (C(2018) 1177 final)

féinrialála a fuair tacaíocht ón gCoimisiún, amhail an Gealltanas um Shábháilteacht Táirgí[10], an Meabhrán Tuisceana in aghaidh earraí góchumtha[11], an Cód Iompair in aghaidh fuathchaint neamhdhleathach[12], agus Fóram Idirlín an Aontais Eorpaigh i ndáil le hábhar sceimhlitheoireachta.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é an bunús dlí le haghaidh an togra Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena bhforáiltear do bhunú beart lena áirithiú go bhfeidhmíonn an Margadh Inmheánach.

Is é príomhchuspóir an togra seo a áirithiú go bhfeidhmíonn an margadh aonair i gceart, go háirithe i ndáil le seirbhísí digiteacha a sholáthar ar bhonn trasteorann (níos sonraíche, seirbhísí idirghabhálacha). I gcomhréir leis an gcuspóir seo, tá sé mar aidhm leis an togra coinníollacha comhchuibhithe a áirithiú do sheirbhísí nuálacha trasteorann chun forbairt a dhéanamh san Aontas, trí dhul i ngleic le bacainní a thagann chun cinn ar ghníomhaíocht gheilleagrach den chineál sin mar thoradh ar éagsúlachtaí sa bhealach a fhorbraítear dlíthe náisiúnta agus na bacainní sin a chosc, ag cur san áireamh go bhfuil reachtaíocht rite ag roinnt Ballstáit nó go bhfuil sé beartaithe acu reachtaíocht a rith maidir le saincheisteanna cosúil le hábhar neamhdhleathach ar líne a bhaint, dícheall, nósanna imeachta fógra agus gníomhaíochta agus trédhearcacht. Ag an tráth céanna, foráiltear leis an togra do mhaoirseacht iomchuí a dhéanamh ar sheirbhísí digiteacha agus ar chomhar idir údaráis ar leibhéal an Aontais, dá bhrí sin ag tacú le hiontaoibh, nuálaíocht agus fás sa mhargadh inmheánach.

- **Coimhdeacht**

Ag cur san áireamh go dtrasnaíonn an tIdirlíon teorainneacha go nádúrtha, cuireann na hiarrachtaí reachtacha ar an leibhéal náisiúnta thuasluaite bac ar sholáthar agus ar fháil seirbhísí ar fud an Aontais agus tá siad mí- éifeachtach maidir le cosaint shábháilte agus aonfhoirmeach a áirithiú do chearta shaoránaigh agus ghnólachtaí an Aontais ar líne. Ní féidir comhchuibhiú a dhéanamh ar na coinníollacha le haghaidh forbairt nuálach seirbhísí digiteacha trasteorann ach san Aontas Eorpach amháin, fad is a chothaítear timpeallacht sábháilte ar líne.

Tá intuarthacht agus deimhneacht dhlíthiúil le fáil i ngníomh ar leibhéal an Aontais, agus laghdaítear costais chomhlíontachta ar fud an Aontais. Ag an tráth céanna, cothaíonn sé cosaint chothrom gach saoránach san Aontas, trína áirithiú go mbíonn gníomhaíocht in aghaidh ábhar neamhdhleathach ag soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha comhsheasmhacha, beag beann ar cá mbunaítear iad. Áirithítear freisin le córas maoirseachta atá comhordaithe go maith, agus atreisithe ar leibhéal an Aontais, go mbíonn cur chuige comhleanúnach infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha a fheidhmíonn i ngach Ballstát.

---

10 https://ec.europa.eu/info/business- economy- euro/product- safety- and- requirements/product- safety/product- safety- pledge_en

11 https://ec.europa.eu/growth/industry/policy/intellectual- property/enforcement/memorandum- understanding- sale- counterfeit- goods- internet_ga

12 https://ec.europa.eu/info/policies/justice- and- fundamental- rights/combatting- discrimination/racism- and- xenophobia/eu- code- conduct- countering- illegal- hate- speech- online_ga

Chun úsáideoirí ar líne a chosaint go héifeachtach, agus ionas nach mbíonn soláthraithe seirbhísí digiteacha atá bunaithe san Aontas faoi réir mhíbhuntáiste iomaíoch, is gá soláthraithe seirbhíse ábhartha atá bunaithe lasmuigh den Aontas a fheidhmíonn sa mhargadh inmheánach a chumhdach freisin.

- **Comhréireacht**

Déantar iarracht sa togra seo iompar freagrach agus dícheallach a chothú i measc soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha chun timpeallacht shábháilte ar líne a áirithiú, a cheadaíonn do shaoránaigh an Aontais agus do pháirtithe eile a gcearta bunúsacha a fheidhmiú faoi shaoirse, go háirithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil. Cuireann príomhghnéithe an togra teorainn leis an Rialachán chuig an méid a bhfuil fíorghá leis chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Go háirithe, leagtar oibleagáidí neamhshiméadracha maidir leis an dícheall cuí amach sa togra i dtaca leis na cineálacha éagsúla soláthraithe seirbhísí digiteacha ag brath ar chineál a seirbhísí agus a méid, lena áirithiú nach mbaintear mí- úsáid as a seirbhísí i gcomhair gníomhaíochtaí neamhdhleathacha. Téitear i ngleic sa chur chuige seo le fadhbanna áirithe sainaitheanta nach mbíonn ann ach nuair a thagann siad chun cinn, fad is nach gcuireann siad ró- ualach ar sholáthraithe nach mbaineann na fadhbanna sin leo. Tá oibleagáidí substainteacha áirithe teoranta d'ardáin an- mhór ar líne amháin, a bhfuil ról lárnach, sistéamach acu anois mar gheall ar a rochtain, chun an díospóireacht phoiblí agus idirbhearta eacnamaíocha a éascú. Tá soláthraithe an- bheag díolmhaithe ó na hoibleagáidí uile.

A mhéid a bhaineann le soláthraithe seirbhíse digití a bunaíodh lasmuigh den Aontas a thairgeann seirbhísí san Aontas, éilítear sa Rialachán go gceapfaí ionadaí dlí san Aontas chun formhaoirseacht éifeachtach agus, i gcás inar gá, forfheidhmiú, a áirithiú.

I gcomhréir leis na hoibleagáidí, agus ag tabhairt cineál trasteorann na seirbhísí digiteacha san áireamh, tabharfaidh an togra isteach sásra comhair ar fud na mBallstát le formhaoirseacht bhreisithe ar leibhéal an Aontais ar ardáin an- mhór ar líne. De bhreis air sin, ní leasaítear leis an togra reachtaíocht earnáilsonrach ná sásraí forfheidhmithe agus rialachais a leagtar amach fúithi, ach foráiltear ann do chreat cothrománach le brath air, le haghaidh gnéithe níos leithne ná ábhar sonrach nó fochatagóirí seirbhísí a rialaítear i ngníomhartha earnáilsonracha.

Ach creat soiléir a bhunú, a bhfuil comhar idir na Ballstáit agus le Ballstáit ag gabháil leis, chomh maith lena dhéanamh trí féinrialáil, tá sé mar aidhm leis an togra seo deimhneacht dhlíthiúil a bhreisiú agus leibhéil mhuiníne a mhéadú, fad is a bhíonn sé fós ábhartha agus éifeachtach san fhadtéarma mar gheall ar sholúbthacht an chreata comhair.

- **An rogha ionstraime**

Tugtar an fhéidearthacht in Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun rialacháin agus treoracha a ghlacadh.

Chinn an Coimisiún togra a chur ar aghaidh i gcomhair Rialacháin lena áirithiú go mbeidh leibhéal comhsheasmhach cosanta ar fud an Aontais agus chun éagsúlachtaí a chuireann bac ar sholáthar saor in aisce na seirbhísí ábhartha laistigh den mhargadh inmheánach a chosc, chomh maith le cosaint aonfhoirmeach do chearta agus oibleagáidí aonfhoirmeacha do ghnó agus do thomhaltóirí ar fud an mhargaidh inmheánaigh a ráthú. Tá sé seo riachtanach chun deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht a sholáthar d'oibreoirí eacnamaíocha agus do thomhaltóirí araon. Áirithítear sa Rialachán beartaithe freisin faireachán comhsheasmhach ar chearta agus oibleagáidí, agus smachtbhannaí coibhéiseacha i ngach Ballstát, chomh maith le

comhar éifeachtach idir údaráis mhaoirseachta i mBallstáit éagsúla agus ar leibhéal an Aontais.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Forbraítear sa togra seo an mheastóireacht ar an Treoir maidir le Ríomhthráchtáil, arna dhéanamh mar mheastóireacht 'as a chéile' agus an Measúnú Tionchair ag gabháil leis an togra. Ba iad cuspóirí sonracha na Treorach maidir le Ríomhthráchtáil a áirithiú go mbeadh (i) margadh inmheánach ann a fheidhmíonn go maith do sheirbhísí digiteacha, (ii) baint éifeachtach ábhar neamhdhleathach ar líne chun urramú iomlán a thabhairt do chearta bunúsacha, agus (iii) leibhéal leordhóthanach faisnéise agus trédhearcachta do thomhaltóirí.

A mhéid a bhaineann le **héifeachtacht** na Treorach maidir le Ríomhthráchtáil, léirítear sa mheastóireacht cé gur soláthraíodh dreasacht mhaith d'fhás an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh seirbhísí digiteacha sa Treoir maidir le Ríomhthráchtáil, agus gur cumasaíodh ann iontráil agus méadú soláthraithe nua na seirbhísí sin, nár baineadh amach na cuspóirí tosaigh ina n- iomláine.

Go háirithe, tá dúshláin nua áirithe ag baint le fás dinimiciúil an gheilleagair dhigitigh agus teacht chun cinn cineálacha nua soláthraithe seirbhíse, arna láimhseáil ar bhealaí éagsúla ag na Ballstáit, i gcás inar gá an chéad sraith cuspóirí a shoiléiriú. Anuas air sin, cuireann na forbairtí sin brú breise ar chuspóirí atá ann cheana a bhaint amach mar a léirítear san ilroinnt dlíthiúil méadaithe.

Léiríodh sa mheastóireacht freisin, cé go gcuidíonn roinnt ionstraimí nua rialála go fiúntach chun roinnt de na cuspóirí beartais a leagtar amach sa Treoir maidir le Ríomhthráchtáil a bhaint amach, ní chuireann siad ach réitigh earnáilsonracha ar fáil ar roinnt de na fadhbanna bunúsacha (e.g. le dul i ngleic le leathadh cineálacha sonracha gníomhaíochta neamhdhleathaí). Dá bhrí sin, ní théann siad i ngleic le saincheisteanna den chineál sin go comhsheasmhach don éiceachóras digiteach ar fad, mar go bhfuil siad teoranta do chineálacha áirithe seirbhísí nó cineálacha áirithe ábhar neamhdhleathach. Thairis sin, cé gur léirigh tionscnaimh féinrialála torthaí dearfacha go ginearálta, ní féidir iad a fhorfheidhmiú go dlíthiúil, ná ní chumhdaíonn siad gach rannpháirtí sa gheilleagar digiteach. A mhéid a bhaineann le **héifeachtúlacht** na Treorach maidir le Ríomhthráchtáil, níor fhorchuir an Treoir ach costais bhreise theoranta do riaracháin Bhallstát agus soláthraithe seirbhísí na sochaí faisnéise. Níor nochtadh sa mheastóireacht costais an- ard nó neamhréireacha agus níor ardaíodh imní shubstaintiúil maidir leis na tionchair ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Baineann an phríomhimní chuige seo leis an easpa soiléireachta sa sásra comhair ar fud na mBallstát, ag cruthú ualaí agus dúbláil costas, d'ainneoin cuspóir malartach na Treorach, go háirithe i gcás ina bhfuil maoirseacht ar ardáin ar líne i gceist. Go bunúsach, laghdaigh sé seo a éifeachtúlacht chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a choinneáil ar bun.

I ndáil le ceisteanna maidir le **hábharthacht** leanúnach na gcuspóirí a shaothraítear sa Treoir maidir le Ríomhthráchtáil, léirítear sa mheastóireacht go bhfuil na cuspóirí sa Treoir maidir le Ríomhthráchtáil fós bailí, agus ag an tráth céanna tá roinnt forbairtí nua nach léirítear go maith sna cuspóirí beartais phoiblí reatha.

Ar an gcéad dul síos, deimhníonn an comhairliúchán poiblí, aighneachtaí spriocdhírithe ó gheallsealbhóirí, tuarascálacha arna n- eisiúint ag Parlaimint na hEorpa[13] chomh maith le conclúidí ón gComhairle[14] go bhfuil na prionsabail agus na cuspóirí reatha sa Treoir maidir le Ríomhthráchtáil fós bailí inniu. Ach, tá neamhshiméadrachtaí agus rioscaí nua faisnéise tagtha chun cinn ó tháinig an Treoir i bhfeidhm, go háirithe na cinn a bhaineann le teacht chun cinn na n- ardán ar líne, go háirithe cinn an- mhór, agus ar scála an chlaochlaithe dhigitigh. Is amhlaidh atá, mar shampla, i réimsí na cinnteoireachta algartamaí (le tionchar ar an gcaoi a ndéantar idirghabháil ar shreabha faisnéise ar líne), nó i gcórais fógraíochta ar líne.

Léiríodh sa mheastóireacht go bhfuil an Treoir maidir le Ríomhthráchtáil **comhleanúnach** le hidirghabhálacha eile an Aontais a tharla ó glacadh léi. Níor aithníodh sa mheastóireacht ach oiread aon neamhleanúnachas inmheánach sa Treoir maidir le Ríomhthráchtáil.

Ar deireadh, d'fhéadfaí breith a dhéanamh ar chodanna de thairbhithe iarbhír na Treorach maidir le Ríomhthráchtáil a sainaithníodh sa mheastóireacht mar **bhreisluach AE**. Is dóchúil go leanfadh na Ballstáit ag cur a gcórais rialála féin i bhfeidhm gan aon sraith chomónta prionsabal agus go leanfadh roinnt Ballstát ar aghaidh gan aon rialacha cothrománacha i bhfeidhm acu in aon chor. In éagmais fianaise láidir, ní féidir, áfach, conclúidí láidre a tharraingt maidir le méid an bhreisluacha AE seo.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Le cúig bliana anuas, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le réimse leathan páirtithe leasmhara difriúla, lena n- áirítear soláthraithe seirbhísí digiteacha amhail ardáin ar líne agus seirbhísí idirghabhálacha eile, gnólachtaí a thrádálann ar líne, foilsitheoirí meán, úinéirí brandaí agus gnólachtaí eile, comhpháirtithe sóisialta, úsáideoirí seirbhísí digiteacha, eagraíochtaí na sochaí shibhialta, údaráis náisiúnta, acadóirí, an pobal teicniúil, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus an pobal i gcoitinne. Ghabh réimse céimeanna comhairliúcháin spriocdhírithe tuairimí na bpáirtithe leasmhara go beacht maidir le saincheisteanna a bhaineann le seirbhísí digiteacha agus ardáin ar líne le roinnt blianta anuas.

Bhí an comhairliúchán poiblí oscailte maidir leis an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha oscailte ar feadh 14 sheachtaine, idir an 2 Meitheamh agus an 8 Meán Fómhair agus fuarthas 2,863 freagra agus thart ar 300 páipéar seasaimh ó ghrúpa éagsúil páirtithe leasmhara. Chuir an pobal i gcoitinne formhór an aiseolais isteach (66 % ó shaoránaigh an Aontais, 8 % ó shaoránaigh ó thíortha lasmuigh den Aontas), cuideachtaí/ eagraíochtaí gnó (7.4 %), cumainn ghnó (6 %), agus eagraíochtaí neamhrialtasacha (5.6 %). Ina dhiaidh seo bhí údaráis áitiúla (2.2 %), institiúidí acadúla/taighde (1.2 %), ceardchumainn (0.9 %), agus eagraíochtaí tomhaltóirí agus comhshaoil (0.4 %).

Ar an iomlán, tá comhaontú ginearálta i measc páirtithe leasmhara maidir leis an ngá atá le gníomhaíocht, idir dul i ngleic le sábháilteacht ar líne agus an margadh inmheánach le haghaidh seirbhísí digiteacha a chur chun cinn.

Tá na páirtithe leasmhara ar aon intinn maidir le hábharthacht leanúnach na bpríomhphrionsabal sa Treoir maidir le Ríomhthráchtáil agus aontaíonn siad gur cheart iad a chothabháil, lena n- áirítear prionsabal an mhargaidh inmheánaigh maidir le maoirseacht ar sheirbhísí digiteacha, an córas dliteanais, agus an cosc ar oibleagáidí ginearálta maidir le faireachán a dhéanamh.

[13] Parlaimint na hEorpa, *ibidem*

[14] Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú, ar fáil ag: https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST- 8711- 2020- INIT/ga/pdf.

Aontaíonn na páirtithe leasmhara go leathan freisin go bhfuil gá leis an gcreat a thabhairt chun dáta i bhfianaise dhúshláin an lae inniu trí oibleagáidí soiléire a leagan síos do sholáthraithe seirbhíse, a bheidh comhchuibhithe ar fud an Aontais. Thug formhór na bhfreagróirí, i ngach catagóir, le fios gur tháinig siad ar ábhar, earraí nó seirbhísí dochracha agus neamhdhleathacha ar líne, agus thug siad méadú faoi deara go sonrach i rith phaindéim Covid- 19, méadú a chuireann iontas orthu. Chuir sciar mhór de na freagróirí a deir gur thug siad fógra faoi ábhar nó earraí neamhdhleathacha do sholáthraithe seirbhíse a míshástacht in iúl leis an bhfreagra agus neamhéifeachtúlacht na sásraí tuairiscithe tar éis don nochtadh tarlú. Thairis sin, braitheann úsáideoirí go bhfuil neamhréir ann idir beartais soláthraithe mar a luadh agus a ngníomhaíochtaí coincréiteacha.

Tá comhthoil leathan ann, lena n- áirítear i measc soláthraithe seirbhíse a thug freagra ar an gcomhairliúchán, maidir leis an ngá atá le fógra simplí, caighdeánach, trédhearcach agus oibleagáidí gníomhaíochta, atá comhchuibhithe ar fud an mhargaidh inmheánaigh. Meastar go bhfuil sé seo fíor- riachtanach chun freagairtí tapa ar ábhar neamhdhleathach a chumasú agus soiléireacht dhlíthiúil a bhreisiú d'úsáideoirí ardán agus d'ardáin bheaga a dteastaíonn uathu méadú sa mhargadh inmheánach. Tá freagróirí ar aon intinn freisin faoin tábhacht a bhaineann le sásraí sásaimh.

Maidir le margaí ar líne, luaigh roinnt páirtithe leasmhara an gá atá le bearta níos spriocdhírithe cosúil le díoltóirí a shainaithint.

Aontaíonn freagróirí go ginearálta freisin nár cheart a áireamh le raon feidhme críochach do na hoibleagáidí seo gach páirtí atá ag tairiscint earraí, faisnéise nó seirbhísí san Aontas, d'ainneoin a n- áit bhunaithe. Leag sciar mhór freagróirí béim ar an tábhacht a bhaineann leis na saincheisteanna seo go háirithe nuair a bhaineann sé le hardáin mhóra.

Tá comhaontú ginearálta i measc páirtithe leasmhara nár cheart ábhar 'díobhálach' (nach bhfuil neamhdhleathach go fóill, nó nach gá go mbeadh sé neamhdhleathach) a shainmhíniú san Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus nár cheart go mbeadh sé faoi réir oibleagáidí bainte, mar gur réimse leochaileach é seo le himpleachtaí diana maidir leis an gcosaint don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.

Ach, is réimse imní i measc catagóir leathan páirtithe leasmhara é an bealach a múnlaíonn córais algartamacha sreafaí faisnéise ar líne. Thug roinnt páirtithe leasmhara le fios, go háirithe an tsochaí shibhialta agus acadóirí, go raibh gá le cuntasacht algartamach agus iniúchtaí trédhearcachta**,** go háirithe maidir leis an gcaoi a dtugtar tosaíocht d'fhaisnéis agus an chaoi a ndírítear ar fhaisnéis**.** Ar an gcaoi chéanna, maidir le fógraíocht ar líne, luadh i dtuairimí páirtithe leasmhara an imní leathan maidir leis an easpa cumhachtaithe atá ag úsáideoirí agus an easpa formhaoirseachta agus forfheidhmithe bríoch.

Maidir le forfheidhmiú, tá tuiscint ghinearálta i measc páirtithe leasmhara gur cheart comhar idir údaráis a fheabhsú ar bhonn trasteorann agus laistigh de gach Ballstát. Meastar go bhfuil formhaoirseacht san Aontas ríthábhachtach agus is cosúil gur fearr le formhór freagróirí eintiteas formhaoirseachta aontaithe.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá céimeanna ullmhúcháin an togra bunaithe ar shraith staidéar agus sainchomhairle, lena n- áirítear roinnt staidéar dlíthiúil arna gcoimisiúnú ag díriú ar fhorfheidhmiú na Treorach maidir le Ríomhthráchtáil agus an staid ina bhfuil ilroinnt dlíthiúil[15], staidéir maidir le

[15]Van Hoboken J. et al (2018), Hosting Intermediary Services and Illegal Content Online, and Schwemer, S., Mahler, T. & Styri, H. (2020). Anailís dhlíthiúil ar sholáthraithe seirbhíse idirghabhálaí de chineál

trédhearcacht agus cuntasacht algartamach[16], chomh maith le staidéir inmheánacha ar na costais a bhaineann le modhnú ábhar, córais dliteanais d'idirghabhálaithe, agus costas neamh- Eorpach, le tacaíocht Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh. Chun tuairimí agus dearcthaí an phobail i gcoitinne a bhailiú, reáchtáil an Coimisiún suirbhé Eorabharaiméadair in 2018 le sampla ionadaíoch d'os cionn 33,000 freagróir ó gach Ballstát[17].

Tá an anailís dhlíthiúil ag brath freisin ar bhailiúchán saibhir cásdlí, go háirithe de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ar roinnt forálacha den Treoir maidir le Ríomhthráchtáil agus gníomhartha lena mbaineann, amhail forálacha a bhaineann le léirmhíniú an choincheapa 'seirbhísí na sochaí faisnéise'[18] nó forálacha a bhaineann le dliteanas soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha[19] Bhailigh an Coimisiún freisin saineolas agus tuairimí trí chomhairliúcháin spriocdhírithe agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta, lena n- áirítear sraith ceardlann, comhdhálacha, agallaimh le saineolaithe agus breithimh, comhairliúcháin le Grúpa Saineolaithe faoin ríomhthráchtáil, chomh maith le roinnt cruinnithe déthaobhacha agus anailís ar sheasamh ad hoc agus páipéir thaighde ó eagraíochtaí, ionadaithe tionscail, ón tsochaí shibhialta agus ó acadóirí.

Ar deireadh, tá an anailís ag brath ar athbhreithniú litríochta breise, staidéir agus páipéir thaighde arna gcur isteach ag acadóirí sa chomhairliúchán poiblí oscailte agus staidéir neamhspleácha eile, lena n- áirítear an bailiúchán staidéar arna ndéanamh do Pharlaimint na hEorpa[20].

- **Measúnú tionchair**

D'eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach ón measúnú tionchair, ach bhí roinnt agús léi, lena n- áirítear moltaí i gcomhair feabhsúcháin[21]. Rinneadh athbhreithniú breise ar an tuarascáil ar an Measúnú Tionchair ar an mbonn seo, go háirithe trí na hidirnaisc idir an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus an creat rialála níos leithne a shoiléiriú, ag tabhairt tuairimí níos mionsonraithe ar na roghanna beartais, agus anailís níos mionsonraithe

---

neamhóstach, ICF, Grimaldi, An Córas Dliteanais agus Nósanna Imeachta Fógra agus Gnímh, SMART 2016/0039

[16] Comhairleoirí Barrmhaitheasa, SMART 2017/ 055 Tógáil ar Fheasacht Algartamach – Tuarascáil úrscothach agus LNE, Sásraí Rialachais agus Cuntasachta do Chórais Algartamacha (ag teacht gan mhoill). SMART 2018/37

[17] Eorabharaiméadar TNS. (2018, Mí Iúil). Flash Eurobarometer 469: Ábhar neamhdhleathach ar líne

[18] Mar shampla, Cás C- 108/09, *Ker- Optika*, ECLI:EU:C:2010:725, Cás C- 291/13, *Papasavvas*, ECLI:EU:C:2014:2209, Cás C- 484/14, *Tobias McFadden v. Sony Music*, ECLI:EU:C:2016:689; Cás C- 434/15 *Asociación Profesional Élite Taxi*, ECLI:EU:C:2017:981 nó Cás C- 390/18 *Airbnb Ireland UC*, ECLI:EU:C:2019:1112.

[19] Cásanna C- 236/08 go C- 238/08, *Google France agus Google v. Vuitton*, ECLI:EU:C:2010:159; Cás C- 324/09, *eBay,* ECLI:EU:C:2011:474; Cás C- 70/10, *Scarlet*, ECLI:EU:C:2011:771; Cás C- 360/10, Netlog, ECLI:EU:C:2012:85; Cás C- 314/12, *UPC Telekabel Wien*, EU:C:2014:192; Cás C- 484/14, *Tobias McFadden v. Sony Music*, ECLI:EU:C:2016:689 nó Cás C- 18/18, *Glawischnig*. ECLI:EU:C:2019:821.

[20] An Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha: Feabhas a chur ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair, ar fáil ag: https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA- 9- 2020- 0272_GA.html An Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha: rialacha an dlí tráchtála agus shibhialta a oiriúnú d'eintitis tráchtála a bhíonn ag feidhmiú ar líne, ar fáil ag: https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA- 9- 2020- 0273_GA.html. an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus saincheisteanna a cuireadh maidir le cearta bunúsacha, ar fáil ag: https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA- 9- 2020- 0274_GA.html.

[21] Áireofar naisc chuig an mbileog achomair agus chuig tuairim dhearfach an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála tar éis a bhfoilsithe.

ar an mbun- fhianaise a dtéitear i ngleic leis sa tuarascáil measúnaithe tionchair athbhreithnithe.

Leanfaidh an tábhacht inár ngeilleagar agus inár sochaí, chomh maith leis na rioscaí atá ag fás mar gheall ar sheirbhísí digiteacha, ag méadú. Sa chás bonnlíne, leanfaidh an Coimisiún ag forfheidhmiú na rialacha reatha, lena n- áirítear maidir le saincheisteanna earnáilsonracha, agus tacóidh sé leis na hiarrachtaí féinrialála atá i bhfeidhm. Ach, mar gheall ar na fadhbanna atá ag teacht chun cinn, leanfaidh na Ballstáit ag rith reachtaíochta go neamhspleách. Ní hamháin go dteipfidh ar an ilroinnt dlíthiúil agus an meascán mearaí de bhearta náisiúnta mar gheall air, chun dul i ngleic go héifeachtach le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha agus cearta bunúsacha saoránaigh a chosaint ar fud an Aontais, ach cuirfidh sé bac freisin ar sheirbhísí nua, nuálacha méadú sa mhargadh inmheánach, ag daingniú seasamh na mbeagán imreoirí atá in acmhainn costais chomhlíonta bhreise a sheasamh. Fágann seo gurb iad na cuideachtaí móra príobháideacha is mó a bheidh ag leagan síos rialacha agus á bhforfheidhmiú, agus go mbeidh neamhshiméadracht faisnéise ag fás i gcónaí idir seirbhísí ar líne, a n- úsáideoirí agus údaráis phoiblí.

Rinneadh measúnú ar thrí phríomhrogha beartais, mar aon leis an mbonnlíne. Dhéanfaí Moladh 2018 a chódú le Rogha 1: leagfaí síos leis réimse oibleagáidí nós imeachta d'ardáin ar líne le dul i ngleic le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha arna ndéanamh ag a n- úsáideoirí. D'áireofaí leis na hoibleagáidí freisin na coimircí is gá d'fhonn cearta bunúsacha úsáideoirí a chosaint agus trédhearcacht a áirithiú. Bhreiseodh sé freisin na sásraí comhair breisithe d'údaráis chun saincheisteanna trasteorann a réiteach trí theach imréitigh digiteach, ag éascú sreafaí faisnéise. Le Rogha 2, bhainfí na dídhreasachtaí ar sholáthraithe seirbhíse chun bearta deonacha a ghlacadh in aghaidh ábhar neamhdhleathach, agus bearta a thabhairt isteach chun trédhearcacht a bhreisiú timpeall ar chórais mholtóra agus fógraíocht, chomh maith leis na bearta i rogha 1. Bhreiseofaí an sásra forfheidhmithe agus comhair trí chomhordaitheoir lárnach a cheapadh i ngach Ballstát. Áirítear i rogha 3, ag tógáil ar na bearta arna leagan amach sna roghanna roimhe seo, bearta neamhshiméadracha le hoibleagáidí níos láidre d'ardáin an- mhór ar líne a bhfuil na leibhéil is airde riosca ag baint leo do shochaí agus do gheilleagar an Aontais, chomh maith le soiléirithe teoranta áirithe maidir leis an gcóras dliteanais i gcomhair soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha agus córas rialachais an Aontais le formhaoirseacht agus cumhachtaí forfheidhmithe atreisithe.

Léirigh an measúnú ar na tionchair eacnamaíocha agus shóisialta arna sainaithint, agus comparáid a éifeachta, a éifeachtúlachta, a chomhleanúnachais agus a chomhréireachta gurb é Rogha 3 ab fhearr a shásódh cuspóirí na hidirghabhála tríd an gcreat comhréireach a bhunú le dul in oiriúint do dhúshláin atá ag teacht chun cinn sa domhan digiteach dinimiciúil. Tacaíonn páirtithe leasmhara tríd is tríd leis na comhpháirteanna a áiríodh i Rogha 3 freisin, lena n- áirítear seasaimh ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Bhallstáit.

Thacódh an rogha thosaíochta le rochtain ar an margadh inmheánach do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha an Aontais Eorpaigh agus a gcumas méadú trí chostais a bhaineann le hilroinnt dlíthiúil a laghdú. Cé go bhfuiltear ag súil le costais chomhlíonta leis na hoibleagáidí díchill chuí, meastar go seach- chuirtear é seo tríd an ilroinnt reatha a laghdú trí chomhchuibhiú. Tá sé á thuar go mbeidh tionchar dearfach aige ar iomaíochas, nuálaíocht agus infheistíocht i seirbhísí digiteacha, go háirithe i ngnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú san Aontas Eorpach a thairgeann samhlacha gnó ardáin ach freisin, de mhéideanna éagsúla, ar earnálacha a bhfuil an ríomhthráchtáil mar bhuntaca leo agus a méadaíonn an ríomhthráchtáil iad.

Tá sé beartaithe leis an rogha thosaíochta go sainmhíneofaí an roinnt iomchuí freagrachtaí idir seirbhísí idirghabhálacha, a bhfaighteoirí agus údaráis agus iad ag troid in aghaidh ábhar

neamhdhleathach ar líne. Chun a leithéid a dhéanamh, tugtar isteach cur chuige neamhshiméadrach ann i leith oibleagáidí díchill chuí a fhorchuirtear ar ardáin an- mhór ar líne: is cur chuige bainistíochta riosca maoirsithe é seo, le ról tábhachtach an chórais rialachais maidir le forfheidhmiú. Ní fhorchuirtear na hoibleagáidí neamhshiméadracha ach ar ardáin an- mhór ar líne, a bhfuil, bunaithe ar na sonraí reatha, an rochtain is leithne acu, chomh maith le bheith ar na cuideachtaí móra le láimhdeachas tábhachtach. Dá dheasca sin, cé go bhfuil na bearta spriocdhírithe níos sriantaí ná mar atá do chuideachtaí eile, tá siad i gcomhréir le cumas na gcuideachtaí comhlíonadh.

I dtaca le húdaráis phoiblí, ghearrfadh an rogha atá molta costais a chruthófaí de bharr na neamhéifeachtúlachtaí agus na ndúbailtí sa chóras reatha maidir le comhar idir údaráis. Cé go seasfadh na Ballstáit an costas a bhainfeadh le húdarás inniúil a cheapadh, idir cheann nua nó údarás atá bunaithe cheana féin, táthar ag súil gur mó na gnóthachtálacha éifeachtúlachta ná iad: i gcás na n- údarás aonair trí fhrithpháirtiú acmhainní, sreafaí faisnéise níos fearr, agus próisis shimplí chun idirghníomhú a dhéanamh lena gcontrapháirtithe ar fud an mhargaidh inmheánaigh, chomh maith le soláthraithe seirbhíse.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Sainaithnítear sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra an luach breise a bhaineann le hidirghabháil an Aontais amháin agus é ag dul i ngleic leis an riosca ilroinnte dlíthiúla mar thoradh ar chuir chuige rialála agus maoirseachta éagsúla (ar an dóigh sin, gan cuntas a thabhairt don tsábháilteacht agus iontaofacht mhéadaithe ar sheirbhísí digiteacha) i méadú féideartha idir 1 agus 1.8 % i dtrádáil digiteach trasteorann, i.e. méadú sa láimhdeachas trasteorann a gineadh atá cothrom le EUR 8.6 billiún agus suas le EUR 15.5 billiún.

Maidir leis an luach breise i bhforfheidhmiú na mbeart, cruthaíonn an tionscnamh gnóthachain éifeachtúlachta thábhachtacha sa chomhar idir Ballstáit agus ag bailiú roinnt acmhainní le haghaidh cúnamh teicniúil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun iniúchadh a dhéanamh ar chórais modhnaithe ábhair, córais mholtaí agus ar fhógraíocht ar ardáin an- mhór ar líne. Beidh éifeachtacht mhéadaithe maidir le forfheidhmiú agus maoirseacht na mbeart mar thoradh air sin, de bhrí go bhfuil an córas reatha ag brath ar an gcumas teoranta atá ann i líon beag Ballstát den chuid is mó.

- **Cearta bunúsacha**

Nochtar saoránaigh an Aontais agus daoine eile do rioscaí agus díobhálacha i bhfad níos mó ar líne – idir a bheith ag scaipeadh ábhar agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha, agus teorainneacha chun iad féin a chur in iúl agus díobhálacha eile de chuid na sochaí. Feabhsóidh na bearta beartais a bheartaítear sa togra reachtach seo an cás seo go suntasach trí chreat rialachais nua- aimseartha, stóinseach don todhchaí, a thabharfaidh cosaint go héifeachtach do chearta agus leasanna dlisteanacha gach páirtí lena mbaineann, go háirithe saoránaigh uile an Aontais. Tugtar isteach coimircí tábhachtacha leis an togra chun deis a thabhairt do shaoránaigh iad féin a chur in iúl faoi shaoirse, fad is a bhreisítear acmhainn an úsáideora sa timpeallacht ar líne, chomh maith le feidhmiú cearta bunúsacha eile cosúil leis an gceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil, neamh- idirdhealú, cearta an linbh chomh maith le sonraí pearsanta agus príobháideachas a chosaint ar líne.

Sa Rialachán beartaithe, maolófar rioscaí maidir le caint a bhlocáil go hearráideach nó gan údar, rachfar i ngleic leis na tionchair scanrúla ar chaint, spreagfar an tsaoirse chun faisnéis a fháil agus tuairimí a bheith agat, chomh maith le féidearthachtaí sásaimh úsáideoirí a atreisiú. D’fhéadfadh grúpaí nó daoine ar leith a bheith leochaileach nó faoi mhíbhuntáiste san úsáid a bhaineann siad as seirbhísí ar líne mar gheall a n- inscne, a gcine, a mbunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéis. D’fheadfaí tionchar

neamhréireach a imirt orthu mar gheall ar shrianta agus bearta bainte tar éis claontuairimí (neamh- chomhfhiosacha nó comhfhiosacha) a d'fhéadfadh úsáideoirí agus tríú páirtithe a leabú sna córais fógra, chomh maith leis an aithris a d'fhéadfaí a dhéanamh orthu in uirlisí modhnaithe arna n- úsáid ag ardáin. Maolóidh an togra rioscaí idirdhealaithe, go háirithe do na grúpaí nó na daoine sin agus cuirfidh sé leis an gcosaint do chearta an linbh agus an ceart maidir le dínit an duine ar líne. Ní éileofar sa togra ach go mbainfí ábhar neamhdhleathach amháin agus cuirfidh sé coimircí sainordaitheacha i bhfeidhm nuair a bhaintear faisnéis úsáideoirí, lena n- áirítear faisnéis mhínitheach a chur ar fáil don úsáideoir, sásraí gearáin a mbeidh tacaíocht acu ó na soláthraithe seirbhíse chomh maith le sásra réitigh díospóide lasmuigh den chúirt. Thairis sin, áiritheoidh sé go dtugtar cosaint freisin do shaoránaigh an Aontais agus seirbhísí á n- úsáid acu arna soláthar ag soláthraithe nach bhfuil bunaithe san Aontas ach atá gníomhach ar an margadh inmheánach, ó tharla go bhfuil na soláthraithe sin cumhdaithe freisin.

Maidir leis an tsaoirse atá ag soláthraithe seirbhíse chun gnó a reáchtáil, déantar na costais a tabhaíodh ar ghnólachtaí a fhritháireamh trí ilroinnt a laghdú ar fud an mhargaidh inmheánaigh. Tugtar isteach coimircí leis an togra chun an t- ualach ar sholáthraithe seirbhíse a mhaolú, lena n- áirítear bearta in aghaidh fógraí athfhillteacha gan údar agus an réamh- ghrinnfhiosrúchán údaráis phoiblí ar chomharthóirí iontaofa. Thairis sin, dírítear oibleagáidí áirithe ar ardáin an- mhór ar líne, i gcás ina dtarlaíonn na rioscaí is tromchúisí go minic agus a bhfuil sé de chumas acu an t- ualach breise a iompar.

Caomhnóidh an reachtaíocht bheartaithe an cosc atá maidir le hoibleagáidí faireacháin ghinearálta sa Treoir maidir le Ríomhthráchtáil, atá ríthábhachtach ann féin don chothromaíocht chóir a éilítear do chearta bunúsacha sa domhan ar líne. Tá cosc sa Rialachán nua ar oibleagáidí faireacháin ghinearálta, mar go bhféadfaidís teorainn neamhréireach a chur leis an tsaoirse atá ag úsáideoirí tuairimí a nochtadh agus an tsaoirse maidir le faisnéis a fháil, agus d'fhéadfaidís ualach iomarcach a chur ar sholáthraithe seirbhíse agus dá bhrí sin cur isteach go míchuí ar a saoirse chun gnó a dhéanamh. Cuireann an cosc teorainn freisin le dreasachtaí faireachais ar líne agus tá impleachtaí dearfacha aige maidir le sonraí pearsanta agus príobháideachas a chosaint.

Tá na bearta ar fad sa togra iomlán comhlíontach agus ailínithe leis an ardchaighdeán um chosaint sonraí pearsanta agus chosaint príobháideachas cumarsáide agus an saol príobháideach, mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Déanfaidh na leithdháiltí a bheartaítear in CAI 2021- 27 tionchar buiséadach an togra a chumhdach faoi imchlúdaigh airgeadais an chláir don Eoraip Dhigiteach agus Chlár an Mhargaidh Aonair mar a mhionsonraítear sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra seo i gcomhar rialacháin. Éilítear sna himpleachtaí seo freisin athchlárú Cheannteideal 7 den Pheirspictíocht Airgeadais.

Cumhdaítear sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra seo i gcomhair Rialacháin na tionchair bhuiséadacha don Rialachán féin.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Bunóidh an Coimisiún creat cuimsitheach chun faireachán leanúnach a dhéanamh ar aschur, ar thorthaí agus ar thionchar na hionstraime reachtaí seo ar dháta a chur i bhfeidhm. Bunaithe ar an gclár faireacháin bunaithe, tá meastóireacht ar an ionstraim beartaithe laistigh de cúig bliana ó thagann sé i bhfeidhm.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leagtar forálacha ginearálta amach i gCaibidil I, lena n- áirítear ábhar agus raon feidhme an Rialacháin (Airteagal 1) agus na sainmhínithe ar phríomhthéarmaí a úsáidtear sa Rialachán (Airteagal 2).

Tá forálacha i gCaibidil II maidir le díolúine ó dhliteanas soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha. Go sonrach, áirítear ann na coinníollacha faoina bhfuil soláthraithe cainéal fórach (Airteagal 3), taisceadh (Airteagal 4) agus seirbhísí óstála (Airteagal 5) díolmhaithe ó dhliteanas d'fhaisnéis tríú páirtí a tharchuireann agus a stórálann siad. Foráiltear leis freisin nár cheart na díolúintí dliteanais a dhífheidhmiú nuair a dhéanann soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha imscrúduithe féintionscnaimh deonacha nó nuair a chomhlíonann siad an dlí (Airteagal 6) agus nuair a leagann sé síos cosc ar fhaireachán ginearálta nó oibleagáidí aimsithe faisnéise gníomhacha do na soláthraithe sin (Airteagal 7). Ar deireadh, forchuireann sé oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha i leith orduithe ó údaráis bhreithiúnacha nó riaracháin náisiúnta le gníomhú in aghaidh ábhar neamhdhleathach (Airteagal 8) agus chun faisnéis a sholáthar (Airteagal 9).

Leagtar amach i gCaibidil III na hoibleagáidí dícheall chuí i gcomhair timpeallacht thrédhearcach agus shábháilte ar líne, i gcúig roinn difriúla.

Leagtar síos i **Roinn 1** na hoibleagáidí is infheidhme maidir le gach soláthraí seirbhísí idirghabhálacha, go háirithe: an oibleagáid chun pointe teagmhála aonair a bhunú chun cumarsáid dhíreach a éascú le húdaráis Bhallstáit, an Coimisiún agus an Bord (Airteagal 10); an oibleagáid chun ionadaí dlíthiúil a ainmniú san Aontas do sholáthraithe nach bhfuil bunaithe in aon Bhallstát, ach a thairgeann a gcuid seirbhísí san Aontas (Airteagal 11); an oibleagáid chun aon srianta a fhorchuireann siad ar úsáid a gcuid seirbhísí a leagan amach ina dtéarmaí agus coinníollacha agus le gníomhú go freagrach agus na srianta sin á gcur i bhfeidhm agus á bhforfheidhmiú (Airteagal 12); agus oibleagáidí tuairiscithe trédhearcachta i ndáil le baint agus díchumasú faisnéise a mheastar a bheith ina ábhar neamhdhleathach nó a sháraíonn téarmaí agus coinníollacha na soláthraithe (Airteagal 13).

Leagtar síos oibleagáidí i **Roinn 2** sa bhreis orthu siúd i Roinn 1, atá infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí óstála. Go háirithe, cuireann an roinn sin oibleagáid ar na soláthraithe sin sásraí a chur i bhfeidhm le deis a thabhairt do thríú páirtithe a chur in iúl gurb ann d'ábhar neamhdhleathach líomhnaithe (Airteagal 14). Thairis sin, má chinneann soláthraí den sórt sin rochtain ar fhaisnéis ar leith arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse a bhaint nó a dhíchumasú, forchuireann sé oibleagáid chun ráiteas cúiseanna a thabhairt don fhaighteoir sin (Airteagal 15).

Leagtar síos i **Roinn 3** na hoibleagáidí is infheidhme maidir le gach ardán ar líne, sa bhreis orthu siúd faoi Ranna 1 agus 2. Sonraítear sa Roinn seo nach mbaineann sí le hardáin ar líne ar micrifhiontair nó fiontair bheaga iad de réir bhrí na hIarscríbhinne a ghabhann le Moladh

2003/361/CE (Airteagal 16). Leagtar síos oibleagáidí sa Roinn i gcomhair ardáin ar líne chun córas inmheánach um láimhseáil gearán a sholáthar i leith cinntí arna nglacadh i ndáil le hábhar neamhdhleathach líomhnaithe nó faisnéis atá ar neamhréir lena dtéarmaí agus coinníollacha (Airteagal 17). Cuireann sé oibleagáid freisin ar ardáin oibriú le comhlachtaí deimhnithe um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt chun aon díospóid le húsáideoirí a seirbhísí a réiteach (Airteagal 18). Cuireann sé oibleagáid bhreise ar ardáin ar líne lena áirithiú go dtugtar tosaíocht d'fhógraí arna gcur isteach ag eintitis a ndeonaítear stádas mar chomharthóirí iontaofa orthu (Airteagal 19) agus leagtar amach na bearta ann a bheidh le déanamh ag ardáin ar líne in aghaidh mí- úsáide (Airteagal 20). Thairis sin, áirítear sa Roinn seo an ceanglas go gcuirfeadh ardáin ar líne údaráis forfheidhmithe inniúla ar an eolas i gcás go bhfaigheann siad eolas i dtaobh aon fhaisnéis is cionsiocair le hamhras maidir le cionta tromchúiseacha coiriúla a bhaineann le bagairt do shaol nó sábháilteacht daoine (Airteagal 21). Cuireann an Roinn oibleagáid freisin ar ardáin ar líne chun faisnéis shonrach a fháil, a stóráil, iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh chun a hiontaofacht a mheas agus í a fhoilsiú maidir leis na trádálaithe a úsáideann a seirbhísí i gcás ina gceadaíonn na hardáin ar líne sin do thomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích leis na trádálaithe sin (Airteagal 22). Cuirtear oibleagáid ar na hardáin ar líne sin a gcomhéadan a eagrú ar bhealach a chuireann ar a gcumas do thrádálaithe dlí sábháilteachta tomhaltóirí agus táirgí an Aontais a urramú (Airteagal 22a). Cuirtear oibleagáide ar ardáin ar líne freisin chun tuarascálacha a fhoilsiú maidir lena ngníomhaíochtaí i ndáil le baint agus díchumasú faisnéise a mheastar a bheith ina ábhar neamhdhleathach nó a sháraíonn a dtéarmaí agus coinníollacha (Airteagal 23). Tá oibleagáidí trédhearcachta sa Roinn freisin d'ardáin ar líne i leith fógraíocht ar líne (Airteagal 24).

Leagtar síos oibleagáidí i **Roinn 4** anuas ar na hoibleagáidí a leagtar síos i Ranna 1 go 3, i gcomhair ardáin an- mhór ar líne (mar a shainmhínítear in Airteagal 25) chun rioscaí sistéamacha a bhainistiú. Cuirtear oibleagáid ar ardáin an- mhór ar líne measúnuithe riosca a dhéanamh maidir leis na rioscaí sistéamacha a tharlaíonn de bharr feidhmiú agus úsáid a seirbhísí agus de bharr feidhmiú agus úsáid na seirbhísí sin (Airteagal 26) agus bearta réasúnacha agus éifeachtacha a dhéanamh atá dírithe ar na rioscaí sin a mhaolú (Airteagal 27). Caithfidh siad iad féin a chur faoi bhráid iniúchóireachtaí seachtracha agus neamhspleácha freisin (Airteagal 28). Áirítear sa Roinn seo freisin oibleagáid shonrach i gcás go n- úsáideann ardáin an- mhór ar líne córais mholtóra (Airteagal 29) nó go dtaispeánann siad fógraíocht ar líne ar a gcomhéadan ar líne (Airteagal 30). Thairis sin, leagtar amach sa Roinn na coinníollacha faoina soláthraíonn ardáin an- mhór ar líne rochtain ar shonraí don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha bunaithe nó don Choimisiún agus taighdeoirí a bhfuil grinnfhiosrúchán déanta orthu (Airteagal 31), an oibleagáid chun oifigeach comhlíonta amháin nó níos mó a cheapadh chun comhlíontacht a áirithiú leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán (Airteagal 32) agus oibleagáidí tuairiscithe trédhearcachta sonracha, breise (Airteagal 33).

Tá forálacha trasnaí i **Roinn 5** maidir le hoibleagáidí díchill chuí, eadhon na próisis dá dtacóidh an Coimisiún le forbairt agus forfheidhmiú caighdeán Eorpach comhchuibhithe (Airteagal 34) agus dá gcuirfidh sé na próisis sin chun cinn; an creat maidir le cóid iompair a fhorbairt (Airteagal 35); agus an creat maidir le cóid iompair shonracha a fhorbairt i gcomhair fógraíocht ar líne (Airteagal 36). Tá foráil ann freisin maidir le prótacail ghéarchéime chun dul i ngleic le himthosca urghnácha a bhfuil tionchar acu ar an tslándáil phoiblí nó ar an tsláinte phoiblí (Airteagal 37).

Tá forálacha i **gCaibidil IV** maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú an Rialacháin seo.

Leagtar síos forálacha i **Roinn 1** maidir le húdaráis náisiúnta inniúla, lena n- áirítear Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, arb iad na príomhúdaráis náisiúnta iad atá ainmnithe ag na Ballstáit chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach (Airteagal 38). Tá na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, cosúil le húdaráis inniúla ainmnithe eile, neamhspleách agus feidhmíonn siad a gcúraimí go neamhchlaonta, go trédhearcach agus go tráthúil (Airteagal 39). Tá dlínse ag na Ballstáit ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí suite chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú (Airteagal 40). Bronntar cumhachtaí sonracha ar na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha (Airteagal 41). Leagfaidh na Ballstáit rialacha síos maidir le pionóis is infheidhme maidir le sáruithe a dhéanann soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ar na hoibleagáidí faoin Rialachán seo (Airteagal 42). Is féidir le Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha gearáin a fháil in aghaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha as sáruithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo (Airteagal 43). Éilítear ar Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú maidir lena ngníomhaíochtaí (Airteagal 44) agus comhoibriú le Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha i mBallstáit eile (Airteagal 45). Féadfaidh Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha páirt a ghlacadh in imscrúduithe comhpháirteacha i ndáil le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán (Airteagal 46).

Leagtar síos i **Roinn 2** forálacha maidir leis an mBord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha, grúpa comhairleach neamhspleách de Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha (Airteagal 47). Leagtar amach ann freisin struchtúr an Bhoird sin (Airteagal 48) agus a chúraimí (Airteagal 49).

Baineann **Roinn 3** le maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh ar ardáin an- mhór ar líne. Foráiltear leis do mhaoirseacht bhreisithe i gcás go sáraíonn ardáin den chineál sin forálacha Chaibidil III, Roinn 4 (Airteagal 50). Foráiltear leis freisin an fhéidearthacht don Choimisiún idirghabháil a dhéanamh maidir le hardáin an- mhór ar líne i gcás go leanfar de na sáruithe (Airteagal 51). Sna cásanna sin, féadfaidh an Coimisiún imscrúduithe a dhéanamh, lena n- áirítear trí iarrataí ar fhaisnéis (Airteagal 52), agallaimh (Airteagal 53) agus imscrúduithe ar an láthair (Airteagal 54), féadfaidh sé bearta eatramhacha a dhéanamh (Airteagal 55) agus gealltanais cheangailteacha a thabhairt arna dtabhairt ag ardáin an- mhór ar líne (Airteagal 56), chomh maith le faireachán a dhéanamh ar a gcomhlíontacht leis an Rialachán (Airteagal 57). I gcás neamhchomhlíonta, féadfaidh an Coimisiún cinntí neamhchomhlíonta a ghlacadh (Airteagal 58), chomh maith le fíneálacha (Airteagal 59) agus íocaíochtaí pionóis tréimhsiúla (Airteagal 60) maidir le sáruithe ar an Rialachán a dhéanann ardáin an- mhór ar líne chomh maith le faisnéis mhícheart, neamhiomlán nó mhíthreorach a sholáthar i gcomhthéacs an imscrúdaithe. Leagtar tréimhse teorann amach sa Rialachán le haghaidh pionóis a fhorchur (Airteagal 61) agus chun iad a fhorfheidhmiú (Airteagal 62). Ar deireadh, cuireann an Rialachán na ráthaíochtaí nós imeachta os comhair an Choimisiúin, go háirithe an ceart le héisteacht a fháil agus rochtain ar an gcomhad (Airteagal 63) agus cinntí a fhoilsiú (Airteagal 64). Foráiltear sa Roinn freisin do chomhar an Choimisiúin le cúirteanna náisiúnta (Airteagal 65) agus ionstraimí forfheidhmithe a ghlacadh maidir le socrú praiticiúil na n- imeachtaí (Airteagal 66).

Áirítear i **Roinn 4** na forálacha coitianta maidir le forfheidhmiú. Leagtar síos ann rialacha maidir le córas um chomhroinnt faisnéise chun tacú le cumarsáid idir Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, an Coimisiún agus an Bord (Airteagal 67). Áirítear ann freisin ceart faighteoirí na seirbhísí idirghabhálacha chun comhlacht, eagraíocht agus cumann a shainordú chun a gcearta a fheidhmiú thar a gceann (Airteagal 68).

Baineann **Roinn 5** le hionstraimí tarmligthe agus forfheidhmithe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 290 agus 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, faoi seach (Airteagail 69 agus 70).

Ar deireadh, tá forálacha deiridh an Rialacháin seo i **gCaibidil V,** a bhaineann le scriosadh Airteagail 12 go 15 den Treoir maidir le Ríomhthráchtáil ag glacadh leis gur ionchorpraíodh iad sa Rialachán (Airteagal 71), leasuithe ar Threoir 2020/XX/CE (Airteagal 72), meastóireacht ar an Rialachán (Airteagal 73), agus a theacht i bhfeidhm agus a chur i bhfeidhm (Airteagal 74).

2020/0361 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[22],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[23],

Ag féachaint don tuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí[24],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá seirbhísí na sochaí faisnéise agus go háirithe seirbhísí idirghabhálacha anois ina gcuid thábhachtach de gheilleagar an Aontais agus de shaol laethúil shaoránaigh an Aontais. Scór bliain tar éis glacadh leis an gcreat dlíthiúil reatha is infheidhme maidir le seirbhísí den sórt sin a leagtar síos i dTreoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25], thug samhlacha agus seirbhísí nua agus nuálacha gnó, cosúil le líonraí sóisialta agus margaí ar líne, deis d'úsáideoirí gnó agus do thomhaltóirí faisnéis a thabhairt agus a rochtain agus tabhairt faoi idirbhearta ar bhealaí nua. Úsáideann tromlach saoránach an Aontais na seirbhísí sin ar bhonn laethúil anois. Ach, tá an claochlú digiteach agus an úsáid mhéadaithe a bhaintear as na seirbhísí sin anois ina fhoinse rioscaí agus dúshlán nua, d'úsáideoirí aonair agus don tsochaí ina hiomláine.

(2) Tá na Ballstáit ag tabhairt níos mó dlíthe náisiúnta isteach, nó ag smaoineamh ar dhlíthe náisiúnta a thabhairt isteach maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ag forchur, go háirithe, ceanglais díchill chuí do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha. Tá tionchar diúltach ag na dlíthe náisiúnta difriúla sin ar an margadh inmheánach, atá comhdhéanta, de bhun Airteagal 26 den Chonradh, de limistéar gan teorainneacha inmheánacha ina n-áirithítear saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí agus

[22] IO C , , lch. .
[23] IO C , , lch. .
[24] IO C, lch.
[25] Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe dlíthiúla áirithe de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe tráchtáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach ('An Treoir maidir le tráchtáil leictreonach') (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1).

saoirse bhunaíochta, ag tabhairt san áireamh cineál trasteorann an idirlín go bunúsach, a úsáidtear go ginearálta chun na seirbhísí sin a sholáthar. Ba cheart na coinníollacha maidir le soláthar seirbhísí idirghabhálacha ar fud an mhargaidh inmheánaigh a chomhchuibhiú, chun rochtain a chur ar fáil do ghnólachtaí ar mhargaí agus ar dheiseanna nua chun leas a bhaint as buntáistí an mhargaidh inmheánaigh, fad is a cheadaítear do thomhaltóirí agus d’fhaighteoirí eile na seirbhísí rogha níos mó a bheith acu.

(3) Tá iompar freagrach agus dícheallach na soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha fíor-riachtanach i gcomhair timpeallacht shábháilte, intuartha agus iontaofa agus le ligean do shaoránaigh an Aontais agus daoine eile a gcearta bunúsacha a ráthaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’) a fheidhmiú, go háirithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil agus an tsaoirse chun gnó a sheoladh, agus an ceart chun neamh-idirdhealaithe.

(4) Dá bhrí sin, d’fhonn feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a choimirciú agus a fheabhsú, ba cheart sraith spriocdhírithe rialacha sainordaitheacha aonfhoirmeacha, éifeachtacha agus comhréireacha a bhunú ar leibhéal an Aontais. Soláthraítear na coinníollacha sa Rialachán seo do sheirbhísí nuálacha digiteacha teacht chun cinn agus méadú sa mhargadh inmheánach. Tá an comhfhogasú ar bhearta rialála náisiúnta ar leibhéal an Aontais a bhaineann leis na ceanglais do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha riachtanach chun ilroinnt an mhargaidh a sheachaint agus deireadh a chur léi sini agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ag laghdú na héiginnteachta, dá bhrí sin, d’fhorbróirí agus ag cothú idir-inoibritheachta. Ach úsáid a bhaint as ceanglais atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, níor cheart bac a chur ar nuálaíocht ach ba cheart ina ionad sin í a spreagadh.

(5) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le soláthraithe seirbhísí áirithe na sochaí faisnéise mar a shainítear i dTreoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26], is é sin, aon seirbhís a sholáthraítear de ghnáth i gcomhair luach saothair, go cianda, trí mheán leictreonach agus ar iarraidh aonair faighteora. Go sonrach, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, agus go háirithe seirbhísí idirghabhálacha comhdhéanta de sheirbhísí ar a dtugtar seirbhísí ‘cainéal fórach’, ‘taisceadh’ agus ‘óstála’, ós rud é gur mhéadaigh fás easpónantúil na húsáide a bhaintear as na seirbhísí sin, go príomha chun críocha dlisteanacha agus chun tairbhe na sochaí de gach cineál, a ról freisin in idirghabháil agus scaipeadh faisnéise agus gníomhaíochtaí atá neamhdhleathach nó díobhálach ar bhealach eile.

(6) Sa chleachtas, déanann soláthraithe áirithe seirbhísí idirghabhálacha idirghabháil i ndáil le seirbhísí a d’fhéadfaí a chur ar fáil trí mheán leictreonach, cosúil le seirbhísí teicneolaíochta faisnéise cianda, iompar, cóiríocht nó seirbhísí seachadta. Níor cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo ach maidir le seirbhísí idirghabhálacha amháin agus níor cheart dó difear a dhéanamh do cheanglais a leagtar amach san Aontas nó sa dlí náisiúnta a bhaineann le táirgí nó seirbhísí a ndéantar idirghabháil orthu trí sheirbhísí idirghabhálacha, lena n-áirítear i gcásanna inarb ionann an tseirbhís idirghabhálach agus dlúthchuid de sheirbhís eile nach seirbhís idirghabhálach í mar a shonraítear i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

---

[26]Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, lch.1).

(7) D'fhonn éifeachtacht na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo a áirithiú agus cothroime iomaíochta a bheith ann laistigh den mhargadh inmheánach, ba cheart go mbeadh feidhm ag na rialacha sin maidir le soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha gan beann ar áit a mbunaithe nó a gcónaithe, a mhéid a sholáthraíonn siad seirbhísí san Aontas, arna fhianú le nasc substaintiúil leis an Aontas.

(8) Ba cheart féachaint ar nasc substaintiúil den chineál sin leis an Aontas mar rud arb ann dó i gcás ina bhfuil bunaíocht ag an soláthraí seirbhíse san Aontas nó, ina éagmais sin, ar an mbonn go bhfuil líon suntasach úsáideoirí i mBallstát amháin nó níos mó, nó go bhfuil gníomhaíochtaí spriocdhírithe i dtreo Ballstát amháin nó níos mó. Is féidir spriocdhíriú gníomhaíochtaí i dtreo Ballstát amháin nó níos mó a chinneadh ar bhonn na gcúinsí ábhartha ar fad, lena n-áirítear tosca cosúil le húsáid teanga nó airgeadra a úsáidtear go ginearálta sa Bhallstát sin, nó an fhéidearthacht chun táirgí nó seirbhísí a ordú, nó fearann náisiúnta barrleibhéil a úsáid. Ba cheart spriocdhíriú gníomhaíochtaí i dtreo Ballstát amháin nó níos mó a dhíorthú ó infhaighteacht iarratais sa stór iarratais náisiúnta ábhartha, ó fhógraíocht áitiúil nó fógraíocht sa teanga a úsáidtear sa Bhallstát sin a sholáthar, nó ó chaidreamh custaiméirí a láimhseáil cosúil le seirbhís do chustaiméirí a sholáthar sa teanga a úsáidtear go ginearálta sa Bhallstát sin. Ba cheart nasc substaintiúil a thoimhdiú freisin i gcás ina ndíríonn soláthraí seirbhíse a ghníomhaíochtaí i dtreo Ballstát amháin nó níos mó mar a leagtar amach in Airteagal 17(1)(c) de Rialachán (AE) 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27]. Ar an lámh eile, ní féidir díreach inrochtaineacht theicniúil suímh ghréasáin ón Aontas a mheas, ar an bhforas sin amháin, mar rud lena mbunaítear nasc substaintiúil leis an Aontas.

(9) Ba cheart go gcomhlánódh an Rialachán seo, ach nach n-imreodh sé tionchar ar chur i bhfeidhm rialacha a eascraíonn as ionstraimí eile de dhlí an Aontais a rialaíonn gnéithe áirithe de sholáthar seirbhísí idirghabhálacha, go háirithe Treoir 2000/31/CE, cé is moite de na hathruithe sin a thugtar isteach leis an Rialachán seo, Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle arna leasú,[28] agus Rialachán (AE) Uimh.../.. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle – Rialachán beartaithe maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne[29] – beartaithe maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne. Dá bhrí sin, níl tionchar ag an Rialachán seo ar na hionstraimí eile sin, a mheastar a bheith ina lex specialis i ndáil leis an gcreat is infheidhme go ginearálta mar a leagtar amach sa Rialachán seo. Ach, tá feidhm ag rialacha an Rialacháin seo maidir le saincheisteanna nach dtéitear i ngleic leo nó nach dtéitear i ngleic leo go hiomlán sna hionstraimí eile sin chomh maith le saincheisteanna ar a bhfágann na hionstraimí eile sin Ballstáit leis an bhféidearthacht chun bearta áirithe a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta.

[27] Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1).

[28] Treoir 2010/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos i ndlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit a bhaineann le soláthar seirbhísí meán closamhairc (An Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc) (Téacs le hábhartacht EEA), IO L 95 15.4.2010, lch. 1.

[29] Rialachán (AE) Uimh.../.. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle – Rialachán beartaithe maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne

(10) Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart a shonrú freisin go bhfuil an Rialachán seo gan dochar do Rialachán (AE) 2019/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] agus Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,[31], Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] agus Rialachán [.../...] ar mhaolú sealadach ó fhorálacha áirithe na Treorach 2002/58/CE[33] chomh maith le dlí an Aontais ar chosaint tomhaltóirí, go háirithe Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34], Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] agus Treoir 93/13/CEE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36], arna leasú le Treoir (AE) 2019/2161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37], agus ar sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38]. Rialaítear cosaint daoine aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoi rialacha dhlí an Aontais amháin ar an ábhar sin, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir 2002/58/CE. Tá an Rialachán seo freisin gan dochar do rialacha dhlí an Aontais maidir le coinníollacha oibre.

(11) Ba cheart a shoiléiriú go bhfuil an Rialachán seo gan dochar do rialacha dhlí an Aontais maidir le cóipcheart agus cearta lena mbaineann, lena mbunaítear rialacha agus nósanna imeachta sonracha nár cheart go mbeadh tionchar orthu.

(12) D'fhonn an cuspóir a bhaint amach maidir le timpeallacht shábháilte, intuartha agus iontaofa ar líne a áirithiú, chun críche an Rialacháin seo ba cheart coincheap an 'ábhair neamhdhleathaigh' a shainiú go leathan agus cumhdaíonn sé freisin faisnéis a bhaineann le hábhar, táirgí, seirbhísí agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha. Go háirithe, ba cheart a thuiscint leis an gcoincheap sin go dtagraíonn sé d'fhaisnéis, gan beann ar a fhoirm, atá faoin dlí is infheidhme neamhdhleathach ann féin, cosúil le fuathchaint nó ábhar sceimhlitheoireachta neamhdhleathach agus ábhar

---

[30] Rialachán (AE) 2019/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 1).

[31] Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne (IO L 186, 11.7.2019, lch. 57).

[32] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach), IO L 201, 31.7.2002, lch. 37.

[33] Rialachán [.../...] ar mhaolú sealadach ó fhorálacha áirithe na Treorach 2002/58/CE.

[34] Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoir 97/7/CE, Treoir 98/27/CE agus Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma')

[35] Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

[36] Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagothroma i gconarthaí tomhaltóirí

[37] Treoir (AE) 2019/2161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 98/6/CE , 2005/29/CE agus 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forfheidhmiú agus nuachóiriú rialacha cosanta tomhaltóirí an Aontais

[38] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

idirdhealaitheach neamhdhleathach, nó a bhaineann le gníomhaíochtaí atá neamhdhleathach, cosúil le comhroinnt íomhánna ina dtaispeántar mí-úsáid gnéis leanaí, comhroinnt íomhánna príobháideacha neamhthoiliúil neamhdhleathach, cibearstalcaireacht, díolachán táirgí neamhchomhlíontacha nó góchumtha, úsáid neamhúdaraithe ábhar atá faoi chosaint cóipchirt nó gníomhaíochtaí a bhaineann le sáruithe dlí um chosaint tomhaltóirí. I ndáil leis sin, tá sé neamhábhartha an dtagann neamhdhleathacht na faisnéise nó na gníomhaíochta ó dhlí an Aontais nó ón dlí náisiúnta atá comhsheasmhach le dlí an Aontais agus céard é cineál beacht nó ábhar an dlí atá i gceist.

(13) I bhfianaise saintréithe áirithe na seirbhísí lena mbaineann agus an gá comhfhreagrach leis na soláthraithe sin a bheith faoi réir oibleagáidí áirithe sonracha, is gá idirdhealú a dhéanamh, laistigh den chatagóir níos leithne de sholáthraithe seirbhísí óstála mar a shainmhínítear sa Rialachán seo, ar an bhfochatagóir d'ardáin ar líne. Ba cheart ardáin ar líne, cosúil le líonraí sóisialta nó margaí ar líne, a shainmhíniú mar sholáthraithe seirbhísí óstála ní hamháin a stórálann faisnéis a sholáthraíonn faighteoirí na seirbhísí arna iarraidh sin dóibh, ach a scaipeann an fhaisnéis sin ar an bpobal, arís arna iarraidh sin dóibh. Ach, d'fhonn forchur oibleagáidí atá róleathan a sheachaint, níor cheart soláthraithe seirbhísí óstála a mheas mar ardáin ar líne inar mionghné agus gné choimhdeach amháin de sheirbhís eile atá i scaipeadh ar an bpobal agus nach féidir an ghné sin, ar chúiseanna teicniúla cuspóireacha, a úsáid gan an phríomhsheirbhís eile sin, agus nach bealach é comhtháthú na gné sin le dul timpeall ar infheidhmeacht rialacha an Rialacháin seo is infheidhme maidir le hardáin ar líne. Mar shampla, d'fhéadfadh gné den sórt sin a bheith i gceist i rannán na mbarúlacha i nuachtán ar líne, inar léir go bhfuil sé coimhdeach don phríomhsheirbhís a léiríonn an foilseachán nuachta faoi fhreagracht eagarthóireachta an fhoilsitheora.

(14) Ba cheart go n-áireofaí leis an gcoincheap 'scaipeadh ar an bpobal', mar a úsáidtear sa Rialachán seo, faisnéis a chur ar fáil do líon daoine a d'fhéadfadh a bheith neamhtheoranta, is é sin le rá faisnéis a dhéanamh inrochtana d'úsáideoirí i gcoitinne gan gá le tuilleadh gníomhaíochta a bheith le déanamh ó fhaighteoir na seirbhíse a sholáthraíonn an fhaisnéis riachtanach, gan beann ar an féidir leis na daoine sin rochtain a fháil ar an bhfaisnéis atá i gceist nó nach féidir. Níor cheart a thuiscint leis an bhféidearthacht chun grúpaí úsáideoirí seirbhíse ar leith a chruthú, as féin, nach ndéantar an fhaisnéis a scaiptear ar an mbealach sin a scaipeadh ar an bpobal. Ach, ba cheart scaipeadh faisnéise laistigh de ghrúpaí dúnta ina bhfuil líon teoranta daoine réamhchinntithe a eisiamh sa choincheap. Tagann seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,[39] cosúil le ríomhphoist nó seirbhísí teachtaireachta príobháidí, lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo. Níor cheart faisnéis a mheas amhail gur scaipeadh ar an bpobal í de réir bhrí an Rialacháin seo ach amháin i gcás ina dtarlaíonn sé sin ar iarratas díreach ó fhaighteoir na seirbhíse sin a chuir an fhaisnéis ar fáil.

(15) I gcás ina gcumhdaítear roinnt de na seirbhísí a sholáthraíonn soláthraí leis an Rialachán seo cé nach gcumhdaítear roinnt eile, nó i gcás ina gcumhdaítear na seirbhísí a sholáthraíonn soláthraí le ranna éagsúla den Rialachán seo, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha ábhartha an Rialacháin seo maidir leis na seirbhísí sin amháin a thagann faoina raon feidhme.

[39] Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (Athmhúnlú), IO L 321, 17.12.2018, lch. 36

(16) Mar gheall ar an deimhneacht dhlíthiúil arna soláthar ag an gcreat cothrománach le haghaidh díolúintí coinníollacha ó dhliteanas do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha, mar a leagtar síos i dTreoir 2000/31/CE, tháinig go leor seirbhísí nua chun cinn agus tháinig méadú orthu ar fud an mhargaidh inmheánaigh. Ba cheart an creat a chaomhnú dá bhrí sin. D'fhonn na héagsúlachtaí agus na rialacha ábhartha a bheith á dtrasuí agus á gcur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta, áfach, agus ar mhaithe le soiléireacht agus comhleanúnachas, ba cheart an creat sin a ionchorprú sa Rialachán sin. Is gá freisin gnéithe áirithe den chreat sin a shoiléiriú, ag féachaint do chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

(17) Níor cheart rialacha ábhartha Chaibidil II é sin a bhunú ach amháin nuair nach féidir soláthraí na seirbhísí idirghabhálacha lena mbaineann a chur faoi dhliteanas i ndáil le hábhar neamhdhleathach a sholáthraíonn faighteoirí na seirbhíse. Níor cheart tuiscint a bhaint as na rialacha sin lena bhforáiltear dearfach lena bhunú cá huair is féidir le soláthraí a chur faoi dhliteanas, rud a dhéanfar a chinneadh le rialacha infheidhme an Aontais nó an dlí náisiúnta. Thairis sin, ba cheart feidhm a bheith ag na díolúintí ó dhliteanas a bhunaítear sa Rialachán seo maidir le cineál ar bith dliteanais a mhéid a bhaineann le haon chineál ábhair neamhdhleathaigh, gan beann ar ábhar beacht na ndlíthe sin ná ar a gcineál.

(18) Níor cheart feidhm a bheith ag na díolúintí ó dhliteanas a bhunaítear sa Rialachán seo i gcás, seachas é féin a theorannú do sholáthar neodrach na seirbhísí, maidir le próiseáil theicniúil agus uathoibríoch amháin na faisnéise a sholáthraigh faighteoir na seirbhíse, go bhfuil a ról gníomhach ag soláthraí na seirbhísí idirghabhálacha den sórt sin a thugann eolas, nó smacht ar an bhfaisnéis sin. Níor cheart na díolúintí sin a bheith ar fáil dá réir sin maidir le dliteanas a bhaineann le faisnéis nach soláthraíonn faighteoir na seirbhíse ach a sholáthraíonn soláthraí na seirbhíse idirghabhálacha féin, lena n-áirítear i gcás inar forbraíodh an fhaisnéis faoi fhreagracht eagarthóireachta an tsoláthraí sin.

(19) I bhfianaise cineál éagsúil na ngníomhaíochtaí 'cainéal fórach', 'taiscthe' agus 'óstála' agus seasamh agus cumais éagsúla soláthraithe na seirbhísí atá i gceist, is gá idirdhealú a dhéanamh idir na rialacha is infheidhme maidir leis na gníomhaíochtaí sin, a mhéid atá siad faoi réir ceanglais agus coinníollacha éagsúla agus go bhfuil a raon feidhme éagsúil faoin Rialachán seo, mar a léirmhíníonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh é.

(20) Ní sholáthraíonn soláthraí seirbhísí idirghabhálacha a théann i gcomhar d'aon turas le faighteoir seirbhísí d'fhonn tabhairt faoi ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha a sheirbhís go neodrach agus dá bhrí sin níos cheart go mbeadh sé in ann tairbhe a bhaint as na díolúintí ó dhliteanas arna bhforáil sa Rialachán seo.

(21) Ba cheart go mbeadh soláthraí in ann tairbhe a bhaint as na díolúintí ó dhliteanas do 'chainéal fórach' agus do sheirbhísí 'taiscthe' nuair nach mbaineann sé in aon chor leis an bhfaisnéis a tharchuirtear. Éilítear dó seo, i measc nithe eile, nach modhnaíonn an soláthraí an fhaisnéis arna tharchur aige. Ach, níor cheart go dtuigfí an ceanglas seo amhail go gcumhdaítear leis ionramhálacha de chineál teicniúil a tharlaíonn i rith an tarchuir, cosúil le hionramhálacha nach n-athraíonn sláine na faisnéise a tharchuirtear.

(22) Chun tairbhe a bhaint as an díolúine ó dhliteanas i gcomhair seirbhísí óstála, ba cheart don soláthraí, nuair a fhaigheann sé eolas nó feasacht maidir le hábhar neamhdhleathach, feidhmiú go tapa chun rochtain ar an ábhar sin a bhaint nó a dhíchumasú. Ba cheart tabhairt faoi bhaint nó díchumasú na rochtana agus aird ar phrionsabal na saoirse chun tuairimí a nochtadh. Féadfaidh an soláthraí an t-eolas nó

an fheasacht iarbhír sin a fháil trí, go háirithe, a imscrúduithe féintionscnaimh féin nó fógraí seolta isteach chuige ó dhaoine aonair nó eintitis i gcomhréir leis an Rialachán seo a mhéid a bhfuil na fógraí sin beacht go leordhóthanach agus go bhfuil bunús oiriúnach leo le ceadú d'oibreoir eacnamaíoch dícheallach iad a shainaithint, a mheasúnú agus i gcás inarb iomchuí feidhmiú in aghaidh ábhar neamhdhleathach líomhnaithe.

(23) Chun cosaint éifeachtach tomhaltóirí a áirithiú nuair atáthar ag dul i ngleic le hidirbhearta tráchtála idirghafa ar líne, níor cheart go mbeadh soláthraithe áirithe seirbhísí óstála, eadhon, ardáin ar líne a cheadaíonn do thomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt chun críche le trádálaithe, in ann tairbhe a bhaint as an díolúine ó dhliteanas do sholáthraithe seirbhíse óstála a chuirtear ar bun sa Rialachán seo a mhéid a chuireann na hardáin ar líne sin an fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis na hidirbhearta atá i gceist i láthair ar bhealach a thugann le fios do thomhaltóirí a chreidiúint gur sholáthair na hardáin ar líne sin iad féin nó faighteoirí na seirbhíse ag feidhmiú faoina n-údarás nó a rialú an fhaisnéis, agus dá bhrí sin go bhfuil an t-eolas nó rialú ar an eolas ag na hardáin ar líne, fiú murab amhlaidh atá go réadúil. Chuige sin, ba cheart a chinneadh go hoibiachtúil, ar bhonn gach cúinse ábhartha, cibé an bhféadfadh an cur i láthair a bheith mar bhunús le creidiúint de chuid gnáth-thomhaltóra atá réasúnta eolach.

(24) Níor cheart go ndéanfadh na díolúintí ó dhliteanas a bhunaítear sa Rialachán seo difear don fhéidearthacht urghairí de chineálacha éagsúla in aghaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, fiú i gcás ina sásaíonn siad na coinníollacha a leagtar amach mar chuid de na díolúintí sin. D'fhéadfadh na hurghairí sin a bheith comhdhéanta de, go háirithe, cúirteanna nó údaráis riaracháin ag éileamh deireadh a chur le haon sárú nó aon sárú a chosc, lena n-áirítear baint ábhar neamhdhleathach sonrach sna horduithe sin, arna n-eisiúint i gcomhréir le dlí an Aontais, nó rochtain chuige a dhíchumasú.

(25) Chun deimhneacht dhlíthiúil a chruthú agus gan gníomhaíochtaí atá dírithe ar ábhar neamhdhleathach a bhrath, a shainaithint agus gníomhú ina aghaidh a dhíspreagadh, gníomhaíochtaí ar féidir le soláthraithe seirbhísí idirghabhála tabhairt fúthu ar bhonn deonach, ba cheart a shoiléiriú díreach mar gheall go dtugann soláthraithe faoi na gníomhaíochtaí nach hionann sin agus a rá nach mbeidh na díolúintí ó dhliteanas a leagtar amach sa Rialachán seo ar fáil, ar choinníoll go ndéantar na gníomhaíochtaí sin de mheon macánta agus ar bhealach dícheallach. Ina theannta sin, is iomchuí a shoiléiriú mar gheall go ndearna na soláthraithe sin bearta, de mheon macánta, chun ceanglais dhlí an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear iad sin a leagtar amach sa Rialachán seo a mhéid a bhaineann lena dtéarmaí agus coinníollacha a chomhlíonadh, nach bhfágfaidh sé sin nach mbeidh na díolúintí sin ó dhliteanas ar fáil. Dá bhrí sin, níor cheart aon ghníomhaíochtaí agus bearta den chineál sin a bhféadfadh soláthraí ar leith tabhairt fúthu a thabhairt san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cibé an féidir nó nach féidir leis an soláthraí brath ar an díolúine ó dhliteanas, go háirithe a mhéid a bhaineann le cibé an soláthraíonn nó nach soláthraíonn an soláthraí a sheirbhís go neodrach agus gur féidir leis dá bhrí sin teacht faoi réim raon feidhme na forála ábhartha, gan an riail seo ag tabhairt le fios gur féidir leis an soláthraí braith uirthi.

(26) Cé go ndíríonn na rialacha i gCaibidil II den Rialachán seo ar an díolúine ó dhliteanas do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha, tá sé tábhachtach a mheabhrú, d'ainneoin an ról tábhachtach a imríonn na soláthraithe seo go ginearálta, nár cheart déileáil le fadhb an ábhair agus na ngníomhaíochtaí neamhdhleathacha ar líne díreach trí dhíriú ar a ndliteanas agus a bhfreagrachtaí. Nuair is féidir, ba cheart do thríú páirtithe dá ndéanann ábhar neamhdhleathach arna tharchur nó arna stóráil ar líne difear iarracht a

dhéanamh coinbhleachtaí a réiteach maidir leis an ábhar sin gan soláthraithe na seirbhísí idirghabhálacha atá i gceist a bheith páirteach. Ba cheart d'fhaighteoirí na seirbhíse a bheith faoi dhliteanas, i gcás ina bhforáiltear sin i rialacha is infheidhme an Aontais agus sa dlí náisiúnta lena gcinntear an dliteanas sin, maidir leis an ábhar neamhdhleathach a sholáthraíonn siad agus a d'fhéadfaidís a scaipeadh trí sheirbhísí idirghabhálacha. I gcás inarb iomchuí, ba cheart do ghníomhaithe eile, cosúil le modhnóirí grúpa i dtimpeallachtaí dúnta ar líne, go háirithe i gcás grúpaí móra, cuidiú chun scaipeadh ábhar neamhdhleathach ar líne a sheachaint, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme. Thairis sin, nuair is gá do sholáthraithe seirbhíse na sochaí faisnéise a bheith rannpháirteach, lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, ba cheart aon iarraidh nó ordú maidir le rannpháirtíocht den sórt sin, mar riail ghinearálta, a chur chuig an ngníomhaire a bhfuil an cumas teicniúil agus oibríochtúil aige le gníomhú in aghaidh na míreanna sonracha den ábhar neamhdhleathach, chun aon éifeachtaí diúltacha féideartha maidir le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht faisnéise nach ábhar neamhdhleathach é a chosc agus a íoslaghdú.

(27) Ó 2000, tá teicneolaíochtaí nua tagtha chun cinn a fheabhsaíonn infhaighteacht, éifeachtacht, luas, iontaofacht, inniúlachtaí agus slándáil córas chun sonraí ar líne a tharchur agus a stóráil, rud a mhéadaíonn éiceachóras ar líne atá ag éirí níos casta. Chuige seo, ba cheart a mheabhrú gur féidir le soláthraithe seirbhísí a bhunaíonn agus a éascaíonn an ailtireacht loighciúil bhunúsach agus feidhmiú ceart an idirlín, lena n-áirítear feidhmeanna coimhdeacha teicniúla, tairbhe a bhaint freisin as na díolúintí ó dhliteanas a leagtar amach sa Rialachán seo, a mhéid a cháilíonn a seirbhísí mar 'chainéil fhóracha', 'taisceadh' nó seirbhísí óstála. Áirítear le seirbhísí den sórt sin, de réir mar a bheidh, líonraí achair logánta gan sreang, seirbhísí córas ainmneacha fearainn (DNS), clárlanna ainmneacha fearainn barrleibhéil, údaráis deimhnithe a eisíonn deimhnithe digiteacha, nó líonraí seachadta ábhair, a chumasaíonn nó a fheabhsaíonn feidhmeanna soláthraithe eile seirbhísí idirghabhálacha. Ar an gcuma chéanna, tá forbairt mhór tagtha ar sheirbhísí a úsáidtear chun cíocha cumarsáide, agus modhanna teicniúla a seachadta, is cionsiocair le seirbhísí ar líne cosúil le IP gutha, seirbhísí teachtaireachta agus seirbhís ríomhphoist gréasánbhunaithe, i gcás ina seachadtar an chumarsáid trí sheirbhís rochtana idirlín. Féadfaidh na seirbhísí sin, freisin, tairbhe a bhaint as díolúintí ó dhliteanas, a mhéid a cháilíonn siad mar 'cainéal fórach', 'taisceadh' nó seirbhís óstála.

(28) Níor cheart go mbeadh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha faoi réir oibleagáid faireacháin i ndáil le hoibleagáidí de chineál ginearálta. Ní bhaineann sé seo le hoibleagáidí faireacháin i gcás ar leith agus, go háirithe, ní dhéanann sé difear d'orduithe a thugann údaráis náisiúnta i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta, i gcomhréir leis na coinníollacha a bhunaítear leis an Rialachán seo. Níor cheart a fhorléiriú le ní ar bith sa Rialachán seo amhail oibleagáid faireacháin ghinearálta nó oibleagáid ghníomhach aimsithe fíoras a fhorchur, nó mar oibleagáid ghinearálta ar sholáthraithe bearta réamhghníomhacha a dhéanamh i ndáil le hábhar neamhdhleathach.

(29) Ag brath ar chóras dlí gach Ballstáit agus an réimse dlí atá i gceist, féadfaidh údaráis bhreithiúnacha nó riaracháin náisiúnta ordú a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha gníomhú in aghaidh nithe sonracha ar leith d'ábhar neamhdhleathach, nó míreanna áirithe faisnéise sonraithe a sholáthar. Tá éagsúlacht mhór idir na dlíthe náisiúnta ar a n-eisítear na horduithe sin agus táthar ag tabhairt aghaidh níos mó ar orduithe i gcásanna trasteorann. Chun a áirithiú gur féidir cloí leis na horduithe sin ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, ionas gur féidir leis na húdaráis phoiblí lena

mbaineann tabhairt faoina gcúraimí agus nach mbíonn na soláthraithe faoi réir aon ualach neamhréireach, gan tionchar gan ghá a imirt ar chearta agus ar leasanna dlisteanacha aon tríú páirtithe, is gá coinníollacha áirithe a leagan síos ar cheart do na horduithe sin iad a chomhlíonadh chomh maith le ceanglais chomhlántacha áirithe maidir le próiseáil na n-orduithe sin.

(30) Ba cheart orduithe le gníomhú in aghaidh ábhar neamhdhleathach nó chun faisnéis a sholáthar a eisiúint i gcomhréir le dlí an Aontais, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 agus an cosc ar oibleagáidí ginearálta chun faireachán a dhéanamh ar fhaisnéis nó chun fíorais nó cúinsí a thugann gníomhaíocht neamhdhleathach le fios mar a leagtar síos sa Rialachán seo a lorg go gníomhach. Tá na coinníollacha agus na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a bhfuil feidhm acu maidir le horduithe le feidhmiú in aghaidh ábhar neamhdhleathach gan dochar d'ionstraimí eile an Aontais ina bhforáiltear do chórais chosúla i gcomhair gníomhú in aghaidh cineálacha sonracha ábhar neamhdhleathach, amhail Rialachán (AE) .../... [Rialachán beartaithe a phléann le scaipeadh ábhar sceimhlitheoireachta ar líne, nó Rialachán (AE) 2017/2394 a thugann cumhachtaí sonracha chun ordú a thabhairt d'údaráis um fhorfheidhmiú dlí tomhaltóirí i mBallstát chun faisnéis a sholáthar, cé go bhfuil na coinníollacha agus na ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir le horduithe chun faisnéis a sholáthar gan dochar d'ionstraimí eile an Aontais lena bhforáiltear do rialacha ábhartha den chineál céanna d'earnálacha sonracha. Ba cheart do na coinníollacha agus na ceanglais sin a bheith gan dochar do rialacha coinneála agus caomhnaithe faoin dlí náisiúnta is infheidhme, i gcomhréir le dlí an Aontais agus iarrataí rúndachta ó údaráis um fhorfheidhmiú an dlí a bhaineann le neamhnochtadh faisnéise.

(31) Ba cheart go leagfaí amach raon feidhme críochach na n-orduithe sin go soiléir ar bhonn an dlí is infheidhme san Aontas nó an dlí náisiúnta, a chumasaíonn eisiúint an ordaithe agus níor cheart go sáróidís an méid a bhfuil fíorghá leis chun a chuspóirí a bhaint amach. Chuige sin, ba cheart go gcothromódh an t-údarás breithiúnach nó riaracháin náisiúnta a eisíonn an t-ordú an cuspóir a bhfuil sé mar aidhm leis an aidhm a bhaint amach, i gcomhréir leis an mbunús dlí a chumasaíonn a eisiúint, le cearta agus leasanna dlisteanacha gach tríú páirtí a bhféadfadh an t-ordú difear a dhéanamh dóibh, go háirithe a gcearta bunúsacha faoin gCairt. Ina theannta sin, i gcás ina bhféadfadh éifeachtaí a bheith ag an ordú dá dtagraítear san fhaisnéis shonrach lasmuigh de chríoch an Bhallstáit ina bhfuil an t-údarás lena mbaineann, ba cheart don údarás measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá i gceist gur dóchúil go mbeidh sé comhdhéanta d'ábhar neamhdhleathach i mBallstáit eile lena mbaineann agus, i gcás inarb ábhartha, rialacha ábhartha de dhlí an Aontais nó den dlí idirnáisiúnta agus leasa cúirtéise idirnáisiúnta a thabhairt san áireamh.

(32) Baineann na horduithe chun faisnéis a sholáthar arna rialáil ag an Rialachán seo le faisnéis shonrach a tháirgeadh maidir le faighteoirí aonair na seirbhíse idirghabhálaí lena mbaineann a sainaithnítear sna horduithe sin chun críocha comhlíontacht faighteoirí na seirbhísí le rialacha an Aontais nó le rialacha náisiúnta is infheidhme a chinneadh. Dá bhrí sin, níor cheart go ndéanfadh rialacha an Rialacháin seo maidir le soláthar faisnéise aon difear d'orduithe maidir le faisnéis ar ghrúpa faighteoirí na seirbhíse nach sainaithnítear go sonrach, lena n-áirítear orduithe chun faisnéis chomhiomlán is gá chun críocha staitistiúla nó ceapadh beartais fianaisebhunaithe a sholáthar.

(33) Níl orduithe le gníomhú in aghaidh ábhar neamhdhleathach agus chun faisnéis a sholáthar faoi réir na rialacha lena gcosnaítear inniúlacht na mBallstát san áit ina bhfuil an soláthraí seirbhíse lena mbaineann bunaithe agus ag leagan síos maoluithe

féideartha ón inniúlacht sin i gcásanna áirithe, a leagtar amach in Airteagal 3 de Threoir 2000/31/CE, ach amháin má chomhlíontar coinníollacha an Airteagail sin. Mar gheall go mbaineann na horduithe atá i gceist le míreanna sonracha ábhar agus faisnéis neamhdhleathach, faoi seach, i gcás ina bhfuil siad bainteach le soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha atá bunaithe i mBallstát eile, ní chuireann siad srian i bprionsabal le saoirse na soláthraithe sin a seirbhísí a sholáthar thar theorainneacha. Dá bhrí sin, níl feidhm ag na rialacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Threoir 2000/31/CE, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an ngá chun bunús a thabhairt le bearta a mhaolaíonn ó inniúlacht an Bhallstáit i gcás ina bhfuil an soláthraí seirbhíse bunaithe ar fhorais shonraithe áirithe agus maidir le fógairt na mbeart sin, maidir leis na horduithe sin.

(34) Chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, agus go háirithe chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú agus timpeallacht shábháilte agus thrédhearcach ar líne a áirithiú, is gá sraith oibleagáidí díchill chuí comhchuibhithe atá soiléir agus cothrom a bhunú do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm leis na hoibleagáidí sin go háirithe cuspóirí difriúla an bheartais phoiblí a ráthú cosúil le sábháilteacht agus iontaobhas faighteoirí na seirbhíse, lena n-áirítear mionaoisigh agus úsáideoirí leochaileacha, na cearta bunúsacha ábhartha a chumhdaítear sa Chairt a chosaint, chun cuntasacht bhríoch na soláthraithe sin a áirithiú agus chun faighteoirí agus páirtithe eile dá ndéantar difear a chumhachtú, fad is a éascaítear an fhormhaoirseacht riachtanach a dhéanann na húdaráis inniúla.

(35) Chuige sin, tá sé tábhachtach go gcuirtear na hoibleagáidí díchill chuí in oiriúint i gcomhair chineál na seirbhísí idirghabhálacha lena mbaineann. Leagtar amach sa Rialachán seo dá bhrí sin oibleagáidí bunúsacha is infheidhme maidir le gach soláthraí seirbhísí idirghabhálacha, chomh maith le hoibleagáidí breise do sholáthraithe seirbhísí óstála agus, go sonrach, ardáin ar líne agus ardáin an-mhór ar líne. A mhéid a thagann soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha laistigh de na catagóirí éagsúla sin i bhfianaise cineál a seirbhísí agus a méid, ba cheart dóibh oibleagáidí comhfhreagracha ar fad an Rialacháin seo a chomhlíonadh. Tá na hoibleagáidí díchill chuí chomhchuibhithe sin, ar cheart dóibh a bheith réasúnach agus neamhthreallach, ag teastáil chun ábhar imní sainaitheanta maidir leis an mbeartas poiblí a bhaint amach, cosúil le coimirciú sainleasanna dlisteanacha faighteoirí na seirbhísí, dul i ngleic le cleachtais neamhdhleathacha agus cearta bunúsacha ar líne a chosaint.

(36) Chun cumarsáide réidh agus éifeachtúil a bhaineann le hábhair a chumhdaítear sa Rialachán seo a éascú, ba cheart go n-éileofaí ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha pointe teagmhála aonair a bhunú agus faisnéis ábhartha a fhoilsiú maidir lena bpointe teagmhála, lena n-áirítear na teangacha atá le húsáid i gcumarsáid den sórt sin. Is féidir le comharthóirí iontaofa agus eintitis ghairmiúla atá faoi chaidreamh sonrach le soláthraí na seirbhísí idirghabhálacha an pointe teagmhála a úsáid freisin. I gcodarsnacht leis an ionadaí dlí, ba cheart don phointe teagmhála a bheith ann chun críocha oibríochtúla agus ní gá go mbeadh láthair fhisiciúil aige.

(37) Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha atá bunaithe i dtríú tír a thairgeann seirbhísí san Aontas ionadaí dlí atá sainordaithe go leordhóthanach san Aontas a ainmniú agus faisnéis a sholáthar maidir lena n-ionadaithe dlí, chun gur féidir formhaoirseacht éifeachtach a dhéanamh agus, i gcás inar gá, an Rialachán seo a fhorfheidhmiú i ndáil leis na soláthraithe sin. Ba cheart don ionadaí dlí sin a bheith in ann feidhmiú freisin mar phointe teagmhála, ar choinníoll go gcloítear le ceanglais ábhartha an Rialacháin seo.

(38) Cé gur cheart meas a bheith ar shaoirse conartha soláthraithe na seirbhísí idirghabhálacha i bprionsabal, tá sé iomchuí rialacha áirithe a leagan síos maidir le hábhar, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú théarmaí agus coinníollacha na soláthraithe sin ar mhaithe le trédhearcacht, cosaint faighteoirí na seirbhíse agus torthaí míchothroma nó treallacha a sheachaint.

(39) Chun leibhéal leordhóthanach trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha tuairisciú go bliantúil, i gcomhréir leis na ceanglais chomhchuibhithe sa Rialachán seo, maidir leis an modhnú ábhair a nglacann siad páirt ann, lena n-áirítear na bearta ar glacadh leo de thoradh cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú a dtéarmaí agus coinníollacha. Ach, chun ualaí neamhréireacha a sheachaint, níor cheart go mbeadh feidhm ag na hoibleagáidí tuairiscithe trédhearcachta sin maidir le soláthraithe ar micrifhiontair agus fiontair bheaga iad mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[40].

(40) Tá ról an-tábhachtach ag soláthraithe seirbhísí óstála le dul i ngleic le hábhar neamhdhleathach ar líne, agus iad ag stóráil faisnéise arna soláthar agus arna iarraidh ag faighteoirí na seirbhísí agus ar gnách go dtugann siad rochtain d'fhaighteoirí eile uirthi, uaireanta ar scála mór. Tá sé tábhachtach go gcuireann gach soláthraí seirbhísí óstála, beag beann ar a méid, sásraí fógra agus gnímh furasta i bhfeidhm atá éasca a úsáid agus a éascaíonn fógra a thabhairt faoi mhíreanna sonracha faisnéise a mheasann an páirtí fógartha a bheith ina ábhar neamhdhleathach do sholáthraí na seirbhísí óstála lena mbaineann ('fógra'), lenar féidir leis an soláthraí sin cinneadh a dhéanamh cibé an aontaíonn nó nach n-aontaíonn sé leis an measúnú sin dá bhun agus cibé ar mian leis rochtain ar an ábhar sin a bhaint nó a dhíchumasú ('gníomh'). Ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais maidir le fógraí, ba cheart do gach duine aonair nó eintiteas a bheith in ann fógra a thabhairt i leith ilmhíreanna ábhar a líomhnaítear a bheith neamhdhleathach agus sin a dhéanamh trí fhógra aonair. Ba cheart feidhm a bheith leis an oibleagáid chun sásraí fógra agus gníomhaíochta a chur i bhfeidhm, mar shampla, ar sheirbhísí stórála agus comhroinnte comhad, seirbhísí óstála gréasáin, freastalaithe fógraíochta agus boscaí bruscair greamaithe, a mhéid is a cháilíonn siad mar sholáthraithe seirbhísí óstála a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

(41) Ba cheart na rialacha maidir le sásraí fógra agus gníomhaíochta den sórt sin a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais, chun foráil a dhéanamh maidir le próiseáil tráthúil, dícheallach agus oibiachtúil na bhfógraí ar bhonn rialacha atá aonfhoirmeach, trédhearcach agus soiléir agus a fhorálann to choimircí láidre chun sainleasanna cearta agus dlisteanacha gach páirtí dá ndéantar difear a chosaint, go háirithe a gcearta bunúsacha mar a ráthaítear sa Chairt, gan beann ar an mBallstát ina bhfuil na páirtithe sin bunaithe nó ina gcónaíonn siad ná an réimse dlí atá i gceist. Áirítear leis na cearta bunúsacha, de réir mar a bheidh, an ceart maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an ceart maidir leis an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a urramú, an ceart le sonraí pearsanta a chosaint, an ceart maidir le neamh-idirdhealú agus an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil d'fhaighteoirí na seirbhíse; an tsaoirse chun gnó a sheoladh, lena n-áirítear saoirse conarthachta, soláthraithe seirbhíse; chomh maith leis an gceart maidir le dínit an duine, cearta an linbh, an ceart maidir le cosaint maoine, lena n-áirítear maoin

[40] Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

intleachtúil, agus an ceart maidir le neamh-idirdhealú páirtithe dá ndéanann an t-ábhar neamhdhleathach difear.

(42) I gcás ina gcinneann soláthraí seirbhís óstála faisnéis arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse a bhaint nó a dhíchumasú, mar shampla tar éis fógra a fháil nó gníomhú ar a thionscnamh féin, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as modhanna uathoibríocha, ba cheart don soláthraí sin an faighteoir a chur ar an eolas faoina chinneadh, na cúiseanna lena chinneadh agus na féidearthachtaí sásaimh atá ar fáil le cur in aghaidh an chinnidh sin, d'fhonn na hiarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag cinntí den sórt sin ar an bhfaighteoir, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann sé lena cheart bunúsach ar shaoirse chun tuairimí a nochtadh, a fheidhmiú. Ba cheart feidhm a bheith leis an oibleagáid sin gan beann ar na cúiseanna leis an gcinneadh, go háirithe cibé ar glacadh an gníomh mar gheall go meastar go bhfuil ábhar neamhdhleathach nó go dtagann sé salach ar na téarmaí agus coinníollacha is infheidhme san fhaisnéis ar tugadh fógra ina leith. Ba cheart sásamh breithiúnach a áireamh i gcónaí sna hiontaoibh atá ar fáil le dúshlán a thabhairt do chinneadh soláthraí seirbhíse óstála.

(43) Chun ualaí neamhréireacha a sheachaint, níor cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí breise a fhorchuirtear ar ardáin ar líne faoin Rialachán seo maidir le micrifhiontair nó fiontair bheaga mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún,[41] murab amhlaidh a rochtain agus a dtionchar agus go gcomhlíonann siad na critéir chun cáiliú mar ardáin an-mhór ar líne faoin Rialachán seo. Cabhraíonn na rialacha comhdhlúite a leagtar síos sa Rialachán sin chun a áirithiú go gcoisctear aon teacht timpeall ar na hoibleagáidí breise sin. Níor cheart a thuiscint leis an díolúine a fhaigheann micrifhiontair agus fiontair bheaga ó na hoibleagáidí breise sin amhail difear a dhéanamh dá gcumas córas a bhunú, ar bhonn deonach, a chomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na hoibleagáidí sin.

(44) Ba cheart go mbeadh faighteoirí na seirbhíse in ann cur in aghaidh cinntí áirithe de chuid ardáin ar líne a dhéanann difear diúltach dóibh go héasca agus go héifeachtach. Dá bhrí sin, ba cheart a éileamh ar ardáin ar líne foráil a dhéanamh maidir le córais inmheánacha chun gearáin a láimhseáil, a chomhlíonann coinníollacha áirithe dírithe ar a áirithiú go bhfuil na córais seo inrochtana go héasca agus go mbíonn torthaí tapa agus cothroma mar thoradh orthu. Thairis sin, ba cheart foráil a dhéanamh don fhéidearthacht chun réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt a dhéanamh ar dhíospóidí, lena n-áirítear iad siúd nach bhféadfaí a réiteach ar bhealach sásúil trí chórais inmheánacha um láimhseáil gearán, ag comhlachtaí deimhnithe a bhfuil an neamhspleáchas, na modhanna agus an saineolas riachtanach acu chun a ngníomhaíochtaí a dhéanamh ar bhealach cothrom, tapa agus cost-éifeachtach. Ba cheart do na féidearthachtaí chun cur in aghaidh cinntí na n-ardán ar líne a chruthaítear dá réir sin a bheith comhlántach, ach nach ndéanfaidís difear ar bhealach ar bith, don fhéidearthacht chun sásamh breithiúnach a lorg i gcomhréir le dlíthe an Bhallstáit lena mbaineann.

(45) I gcás díospóidí conarthacha idir tomhaltóirí agus gnólachtaí maidir le ceannach earraí nó seirbhísí, áirithítear le Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

[41] Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

gComhairle[42] go mbíonn rochtain ag tomhaltóirí agus ag gnólachtaí san Aontas ar eintitis mhalartacha um réiteach díospóidí a bhfuil a gcáilíocht deimhnithe. Chuige seo, ba cheart a shoiléiriú go bhfuil rialacha an Rialacháin seo maidir le réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt gan dochar don Treoir sin, lena n-áirítear ceart tomhaltóirí faoin Treoir sin aistarraingt ón nós imeachta ag céim ar bith mura mbíonn siad sásta le feidhmíocht nó le hoibriú an nós imeachta.

(46) Is féidir gníomhaíocht in aghaidh ábhar neamhdhleathach a ghlacadh níos tapúla agus níos iontaofa i gcás ina ndéanann ardáin ar líne na bearta is gá lena áirithiú go gcaitear le fógraí a chuirtear isteach chuig comharthóirí iontaofa trí na sásraí fógra agus gnímh a éilítear sa Rialachán seo ar bhonn tosaíochta, gan dochar don cheanglas chun gach fógra a chuirtear isteach faoi na sásraí sin a phróiseáil agus cinneadh a dhéanamh faoi ar bhealach tráthúil, dícheallach agus oibiachtúil. Níor cheart stádas mar chomharthóir iontaofa a bhronnadh ach ar eintitis, agus ní ar dhaoine aonair, a léirigh, i measc nithe eile, go bhfuil saineolas agus inniúlacht ar leith acu maidir le dul i ngleic le hábhar neamhdhleathach, go léiríonn siad leasanna comhchoiteanna agus go n-oibríonn siad ar bhealach dícheallach agus oibiachtúil. Is féidir le heintitis phoiblí a bheith i gceist le heintitis den sórt sin, i gcás ábhar sceimhlitheoireachta mar shampla, aonaid tarchuir idirlín in údaráis um fhorfheidhmiú an dlí náisiúnta nó i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (‘Europol’) nó d’fhéadfaidís a bheith ina n-eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ina gcomhlachtaí leathphoiblí, cosúil leis na heagraíochtaí atá mar chuid de líonra INHOPE de bheolínte chun ábhar mí-úsáide leanaí a thuairisciú agus eagraíochtaí atá tiomanta d’fhógra a thabhairt maidir le léirithe ciníocha agus seineafóbacha neamhdhleathacha ar líne. Maidir le cearta maoine intleachtúla, d’fhéadfaí stádas comharthóir iontaofa a bhronnadh ar eagraíochtaí tionscail agus ar shealbhóirí cearta, i gcás inar léirigh siad go gcomhlíonann siad na coinníollacha is infheidhme. Níor cheart go dtuigfí le rialacha an Rialacháin seo maidir le comharthóirí iontaofa go gcoisceann siad ardáin ar líne ó chaitheamh mar a chéile le fógraí arna gcur isteach ag eintitis nó daoine aonair nár bronnadh stádas mar chomharthóir iontaofa orthu faoin Rialachán seo, ó chomhoibriú ar bhealach eile le heintitis eile, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, lena n-áirítear an Rialachán seo agus Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43].

(47) Ach mí-úsáid a bhaint as seirbhísí ardáin ar líne trí ábhar ar soiléir go bhfuil sé neamhdhleathach a sholáthar go minic nó trí fhógraí nó gearáin ar soiléir go bhfuil siad gan bhunús a sheoladh isteach go minic faoi na sásraí agus na córais, faoi seach, a bhunaítear faoin Rialachán seo, déantar dochar d’iontaoibh agus déantar díobháil do chearta agus leasanna dlisteanacha na bpáirtithe lena mbaineann. Dá bhrí sin, is gá coimircí iomchuí agus comhréireacha in aghaidh na mí-úsáide sin a chur i bhfeidhm. Ba cheart breithniú go bhfuil faisnéis ar follasach go bhfuil sí neamhdhleathach agus fógraí nó gearáin ar follasach go bhfuil siad gan bhunús i gcás inar léir don ghnáthdhuine, gan aon anailís substainteach, go bhfuil an t-ábhar neamhdhleathach faoi seach agus go bhfuil na fógraí nó gearáin gan bhunús. Faoi choinníollacha áirithe,

[42] Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (IO L 165, 18.6.2013, lch. 63).

[43] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n- aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin, IO L 135, 24.5.2016, lch. 53

ba cheart d'ardáin ar líne a ngníomhaíochtaí ábhartha a chur ar fionraí go sealadach i leith an duine atá ag gabháil don iompraíocht mhí-úsáideach. Tá sé seo gan dochar don tsaoirse atá ag ardáin ar líne chun a dtéarmaí agus coinníollacha a chinneadh agus bearta níos géire a bhunú i gcás ábhar ar soiléir go bhfuil sé neamhdhleathach a bhaineann le coireanna tromchúiseacha. Ar chúiseanna trédhearcachta, ba cheart an fhéidearthacht seo a leagan amach, go soiléir agus le dóthain sonraí, i dtéarmaí agus coinníollacha na n-ardán ar líne. Ba cheart go mbeadh sásamh oscailte i gcónaí do na cinntí arna nglacadh chuige seo ag ardáin ar líne agus ba cheart dóibh a bheith faoi réir formhaoirseachta ag an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha inniúil. Níor cheart do rialacha an Rialacháin seo maidir le mí-úsáid cosc a chur ar ardáin ar líne ó bhearta eile a dhéanamh le dul i ngleic le hábhar neamhdhleathach arna sholáthar ag faighteoirí a seirbhíse nó mí-úsáid eile a seirbhísí, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme san Aontas agus an dlí náisiúnta. Tá na rialacha sin gan dochar d'aon fhéidearthacht chun na daoine a bhí páirteach sa mhí-úsáid a choinneáil faoi dhliteanas, lena n-áirítear maidir le damáistí, dá bhforáiltear i ndlí an Aontais nó i ndlí náisiúnta.

(48) Féadfaidh ardán ar líne i gcásanna áirithe eolas a fháil, amhail trí fhógra ó pháirtí dá dtugtar fógra nó trína bhearta deonacha féin, faoi fhaisnéis a bhaineann le gníomhaíocht áirithe de chuid fhaighteoir na seirbhíse, amhail cineálacha áirithe ábhar neamhdhleathach a sholáthar, a thugann údar réasúnach, ag féachaint do na cúinsí ábhartha ar fad a bhfuil an t-ardán ar líne feasach orthu, go bhféadfadh sé go ndearna an faighteoir cion tromchúiseach coiriúil a bhaineann le bagairt ar shaol nó ar shábháilteacht duine, go bhféadfadh an faighteoir a bheith ag déanamh an chiona sin nó gur dóchúil go ndéanfaidh sé an cion sin, amhail cionta a shonraítear i dTreoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44]. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don ardán ar líne údaráis inniúla um fhorfheidhmiú an dlí a chur ar an eolas gan mhoill faoin amhras sin, agus an fhaisnéis ar fad atá ar fáil a sholáthar dó, lena n-áirítear i gcás inarb ábhartha an t-ábhar atá i gceist agus míniú maidir lena amhras. Ní sholáthraítear an bunús dlí le próifíliú a dhéanamh ar fhaighteoirí na seirbhísí sa Rialachán seo d'fhonn cionta coiriúla arna ndéanamh ag ardáin ar líne a shainaithint. Ba cheart d'ardáin ar líne meas a bheith acu freisin ar rialacha eile is infheidhme san Aontas nó sa dlí náisiúnta maidir le cosaint cearta agus saoirsí daoine aonair le linn dóibh údaráis um fhorfheidhmiú an dlí a chur ar an eolas.

(49) D'fhonn cur le timpeallacht shábháilte, iontaofa agus thrédhearcach ar líne do thomhaltóirí, chomh maith le páirtithe leasmhara eile cosúil le trádálaithe iomaíocha agus sealbhóirí cearta maoine intleachtúla, agus chun cosc a chur ar thrádálaithe táirgí nó seirbhísí de shárú ar na rialacha is infheidhme a dhíol, ba cheart go n-áiritheodh ardáin ar líne a thugann cead do thomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le trádálaithe den sórt sin go bhfuil na trádálaithe sin inrianaithe. Ba cheart a cheangal ar an trádálaí dá bhrí sin eolas fíor-riachtanach áirithe a sholáthar don ardán ar líne, lena n-áirítear chun críocha teachtaireachtaí a chur chun cinn nó táirgí a thairiscint. Ba cheart don cheanglas sin a bheith infheidhme maidir le trádálaithe freisin a chuireann teachtaireachtaí chun cinn maidir le táirgí nó seirbhísí thar ceann brandaí, bunaithe ar chomhaontuithe bunúsacha. Ba cheart do na hardáin ar líne sin an fhaisnéis ar fad a stóráil ar bhealach slán ar feadh tréimhse réasúnach ama nach sáraíonn an méid is gá, ionas gur féidir le húdaráis phoiblí agus páirtithe príobháideacha a bhfuil leas

[44] Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí- úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch. 1).

dlisteanach acu í a rochtain, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, lena n-áirítear maidir le sonraí pearsanta a chosaint, lena n-áirítear trí bhíthin na n-orduithe chun faisnéis a sholáthar dá dtagraítear sa Rialachán seo.

(50) Chun cur i bhfeidhm éifeachtach agus leordhóthanach na hoibleagáide sin a áirithiú, gan aon ualaí neamhréireacha a fhorchur, ba cheart do na hardáin ar líne a chumhdaítear iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh chun iontaofacht na faisnéise arna soláthar ag na trádálaithe lena mbaineann a fhíorú, go háirithe trí bhunachair shonraí agus comhéadain oifigiúla ar líne atá ar fáil gan srian a úsáid, amhail cláir thrádála náisiúnta agus an Córas Malartaithe Faisnéise CBL[45], nó trí iarradh ar na trádálaithe lena mbaineann doiciméid tacaíochta iontaofa a sholáthar, amhail cóipeanna de dhoiciméid aitheantais, ráitis bhainc deimhnithe, deimhnithe cuideachtaí agus deimhnithe ó chlár trádála. Féadfaidh siad foinsí eile a úsáid freisin, atá ar fáil lena n-úsáid go cianda, a thugann iontaofacht den chineál céanna chun críche an oibleagáid seo a chomhlíonadh. Mar sin féin, níor cheart go n-éileofaí ar na hardáin ar líne atá cumhdaithe tabhairt faoi ghníomhaíochtaí aimsithe fíoras iomarcacha nó costasacha ar líne nó fíoruithe a dhéanamh ar an toirt. Ná níor cheart go nglacfaí leis go bhfuil ardáin ar líne den sórt sin, a bhfuil iarrachtaí réasúnacha déanta acu a éilítear sa Rialachán seo, ag ráthú iontaofacht na faisnéise i dtreo tomhaltóirí nó páirtithe leasmhara eile. Ba cheart d'ardáin ar líne den sórt sin freisin a gcomhéadan ar líne a dhearadh agus a eagrú ar bhealach a chuireann ar a chumas do thrádálaithe a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi dhlí an Aontais, go háirithe na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 6 agus 8 de Threoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46], Airteagal 7 de Threoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47] agus Airteagal 3 de Threoir 98/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48].

(51) I bhfianaise na bhfreagrachtaí agus na n-oibleagáidí ar leith atá ar ardáin ar líne, ba cheart dóibh a bheith faoi réir oibleagáidí tuairiscithe trédhearcachta, a bhfuil feidhm leo sa bhreis ar na hoibleagáidí tuairiscithe trédhearcachta infheidhme maidir le gach soláthraí seirbhísí idirghabhálacha faoin Rialachán seo. Chun críocha a chinneadh cibé an bhfuil nó nach bhfuil ardáin ar líne ina n-ardáin an-mhór ar líne atá faoi réir oibleagáidí breise áirithe faoin Rialachán seo, ba cheart go n-áireofaí leis na hoibleagáidí tuairiscithe trédhearcachta d'ardáin ar líne oibleagáidí áirithe maidir le foilsiú agus cumarsáid faisnéise ar mheánfhaighteoirí gníomhacha míosúla na seirbhíse san Aontas.

(52) Tá ról tábhachtach ag fógraíocht ar líne sa timpeallacht ar líne, lena n-áirítear i ndáil le soláthar seirbhísí ardáin ar líne. Ach, is féidir le fógraíocht ar líne cur le rioscaí suntasacha, idir fhógraíocht ar ábhar neamhdhleathach ann féin é, agus cur le

---

[45] https://ec.europa.eu/taxation_customs/vies/vieshome.do?selectedLanguage=en

[46] Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

[47] Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoir 97/7/CE, Treoir 98/27/CE agus Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma')

[48] Treoir 98/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le cosaint tomhaltóirí agus léiriú phraghsanna táirgí a thairgtear do thomhaltóirí

dreasachtaí airgeadais chun ábhar agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha nó ábhar agus gníomhaíochtaí atá díobhálach ar bhealach eile a fhoilsiú nó a mhéadú ar líne, nó taispeáint idirdhealaitheach fógraíochta le tionchar ar chóir chomhionann agus ar dheiseanna cothroma saoránach. Chomh maith leis na ceanglais ar ann dóibh mar thoradh ar Airteagal 6 de Threoir 2000/31/CE, ba cheart a iarraidh ar ardáin ar líne dá bhrí sin a áirithiú go mbíonn faisnéis aonair áirithe ag faighteoirí na seirbhíse atá riachtanach dóibh chun tuiscint a fháil ar cén uair agus cén duine a bhfuil an fógra á thaispeáint thar a cheann. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh eolas ag faighteoirí na seirbhíse ar na príomh-pharaiméadair a úsáidtear lena chinneadh go bhfuil fógraíocht shonrach le taispeáint dóibh, ag soláthar míniúcháin bhríocha maidir leis an loighic a úsáidtear chuige sin, lena n-áirítear nuair a bhunaítear é seo ar phróifíliú. Tá ceanglais an Rialacháin seo maidir le soláthar faisnéise a bhaineann le fógraíocht gan dochar do chur i bhfeidhm forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2016/679, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an gceart agóid a dhéanamh, cinnteoireacht aonair uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú agus go sonrach an gá le toiliú a fháil ón ábhar sonraí sula ndéantar na sonraí pearsanta don fhógraíocht spriocdhírithe a phróiseáil. Mar an gcéanna, tá sé gan dochar do na forálacha a leagtar síos i dTreoir 2002/58/CE go háirithe iad siúd a bhaineann le stóráil faisnéise i dtrealamh críochfoirt agus an rochtain ar fhaisnéis arna stóráil ann.

(53) Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le hardáin an-mhór ar líne, mar gheall ar a dtionchar, go háirithe mar a léirítear é i líon faighteoirí na seirbhíse, chun díospóireacht phoiblí, idirbhearta eacnamaíocha agus scaipeadh faisnéise, tuairimí agus smaointe a éascú agus tionchar a imirt ar an gcaoi a bhfaigheann faighteoirí faisnéis ar líne agus ar an gcaoi a gcuireann siad faisnéis in iúl ar líne, is gá oibleagáidí sonracha a fhorchur ar na hardáin sin, sa bhreis ar na hoibleagáidí is infheidhme maidir le gach ardán ar líne. Tá na hoibleagáidí breise sin ar ardáin an-mhór ar líne riachtanach le dul i ngleic leis an ábhar imní sin maidir leis an mbeartas poiblí, mar gheall nach ann d’aon bhearta malartacha nach bhfuil chomh sriantach a bheadh in ann an toradh céanna a bhaint amach go héifeachtach.

(54) Is féidir le hardáin an-mhór ar líne rioscaí sochaíocha a chruthú, a bheadh éagsúil i dtaobh raon feidhme agus tionchair de i gcomparáid leo siúd a chruthódh ardáin níos lú. Nuair a shroicheann an líon faighteoirí ar ardán cionroinnt shuntasach de dhaonra an Aontais, bíonn tionchar diúltach neamhréireach ag na rioscaí sistéamacha a bhíonn ag an ardán san Aontas. Ba cheart a mheas gur ann do rochtain shuntasach den sórt sin i gcás ina sáraíonn an líon faighteoirí an tairseach oibríochtúil atá socraithe ag 45 milliún, is é sin, líon atá cothrom le 10 % de dhaonra an Aontais. Ba cheart an tairseach oibríochtúil a choinneáil suas chun dáta trí leasuithe arna n-achtú le gníomhartha tarmligthe, i gcás inar gá. Ba cheart d’ardáin an-mhór ar líne den sórt sin dá bhrí sin an caighdeán is airde oibleagáidí díchill chuí a sheasamh, a bheadh comhréireach lena dtionchar agus lena n-acmhainn shochaíoch.

(55) I bhfianaise na n-éifeachtaí líonra lena léirítear an geilleagar ardáin, d’fhéadfadh bonn úsáideoirí ardán ar líne leathnú go tapa agus gné ardán an-mhór ar líne a shroicheadh, leis an tionchar gaolmhar ar an margadh inmheánach. D’fhéadfadh sé gur amhlaidh a bheadh i gcás fás easpónantúil a tharlaíonn i dtréimhsí gearra ama, nó mar gheall ar láithreacht agus láimhdeachas mór domhanda a cheadaíonn don ardán ar líne an úsáid iomlán a bhaint as tionchair líonraí agus barainneachtaí scála agus raon feidhme. D’fhéadfadh láimhdeachas ard bliantúil nó caipitliú margaidh a bheith ina léiriú go háirithe ar inscálaitheacht thapa i dtéarmaí rochtain úsáideora. Sna cásanna sin, ba cheart go mbeadh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha in ann tuairisciú níos rialta

a iarraidh ón ardán maidir leis an mbonn úsáideora le bheith in ann an pointe ag ar cheart an t-ardán sin a ainmniú mar ardán an-mhór ar líne chun críocha an Rialacháin seo a shainaithint go tráthúil.

(56) Úsáidtear ardáin an-mhór ar líne ar bhealach a imríonn tionchar láidir ar shábháilteacht ar líne, a chuireann cruth ar thuairimí an phobail agus ar an dioscúrsa poiblí, chomh maith le trádáil ar líne. Go ginearálta, barrfheabhsaítear an chaoi a ndearann siad a seirbhísí chun tairbhe a bhaint as a samhlacha gnó a bhíonn tiomanta ag fógraíocht go minic agus ar féidir leo imní a chruthú i measc na sochaí. In éagmais rialáil agus forfheidhmiú éifeachtach, is féidir leo rialacha an chluiche a leagan síos, gan na rioscaí a shainaithint agus an díobháil shochaíoch agus eacnamaíoch a bhíonn mar thoradh orthu a mhaolú go héifeachtúil. Faoin Rialachán seo, ba cheart dá bhrí sin d'ardáin an-mhór ar líne réasúnú a dhéanamh ar rioscaí córasacha a eascraíonn ó fheidhmiú agus úsáid a seirbhíse, chomh maith le mí-úsáidí féideartha ag faighteoirí na seirbhíse, agus bearta maolaithe iomchuí a dhéanamh.

(57) Ba cheart measúnú a dhéanamh go mion ar thrí chatagóir rioscaí córasacha. Baineann an chéad chatagóir leis na rioscaí atá bainteach le mí-úsáid a seirbhíse trí scaipeadh ábhar neamhdhleathach, cosúil le scaipeadh ábhar mí-úsáide leanaí nó fuathchaint neamhdhleathach, agus tabhairt faoi gníomhaíochtaí neamhdhleathacha, amhail táirgí nó seirbhísí atá coiscthe ag an Aontas nó ag an dlí náisiúnta, lena n-áirítear táirgí góchumtha, a dhíol. Mar shampla, agus gan dochar don fhreagracht phearsanta a bhíonn ar fhaighteoir seirbhíse ardáin an-mhór ar líne i gcomhair neamhdhleathacht féideartha a ghníomhaíochta nó a gníomhaíochta faoin dlí is infheidhme, d'fhéadfadh scaipeadh nó gníomhaíochtaí den sórt sin a bheith ionann le riosca sistéamach suntasach i gcás ina bhféadfaí rochtain ar ábhar den sórt sin a mhéadú trí chuntais a mbeadh rochtain an-leathan orthu. Baineann dara catagóir le tionchar na seirbhíse ar fheidhmiú ceart bunúsach, arna chosaint sa Chairt um Chearta Bunúsacha, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí agus faisnéis a nochtadh, an ceart chun saoil phríobháidigh, an ceart maidir le neamh-idirdhealú agus cearta an linbh. D'fhéadfadh rioscaí den sórt sin teacht aníos, mar shampla, i ndáil le dearadh córas algartamach arna úsáid ag an ardán an-mhór ar líne nó mí-úsáid a sheirbhíse trí fhógraí maslacha a chur isteach nó modhanna eile chun caint a chiúnú nó cur isteach ar iomaíocht. Baineann tríú catagóir rioscaí le hionramháil d'aon turas agus, go minic, comhordaithe ar sheirbhís an ardáin, le tionchar intuartha ar shláinte, dioscúrsa sibhialta, próisis thoghchánaíochta, slándáil phoiblí agus cosaint mionaoiseach, ag féachaint don ghá le hord poiblí a choimirciú, príobháideachas a chosaint agus cleachtais tráchtála chalaoiseacha agus mheabhlacha a chomhrac. D'fhéadfadh rioscaí den sórt sin teacht chun cinn, mar shampla, trí chuntais bhréige a chruthú, róbait a úsáid, agus iompraíochtaí eile uathoibrithe nó uathoibrithe i bpáirt, a bhféadfadh scaipeadh tapa agus fairsing faisnéise ar ábhar neamhdhleathach nó nach bhfuil comhoiriúnach le téarmaí agus coinníollacha ardán ar líne a bheith mar thoradh air.

(58) Ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne na modhanna riachtanacha a úsáid chun na rioscaí sistéamacha a sainaithníodh sa mheasúnú riosca a mhaolú go dícheallach. Ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne faoi bhearta maolaithe den sórt sin breithniú a dhéanamh, mar shampla, ar dhearadh agus ar fheidhmiú a modhnaithe ábhair, a gcórais mholtóra algartamacha agus a gcomhéadain ar líne a bhreisiú nó a chur in oiriúint ar bhealach eile, ionas go ndíspreagann siad agus go dteorannaíonn siad scaipeadh ábhar neamhdhleathach, go gcuireann siad a bpróisis chinnteoireachta in oiriúint, nó go gcuireann siad a dtéarmaí agus coinníollacha in oiriúint. D'fhéadfaí a áireamh iontu freisin bearta, cosúil le deireadh a chur le hioncam fógraíochta d'ábhar sonrach, nó

gníomhaíochtaí eile, amhail sofheictheacht foinsí faisnéise údarásacha a fheabhsú. Féadfaidh ardáin an-mhór ar líne a bpróisis inmheánacha nó a gcuid maoirseachta ar aon cheann dá ngníomhaíochtaí a atreisiú, go háirithe maidir le rioscaí sistéamacha a bhrath. Féadfaidh siad freisin comhar a chur ar bun nó a mhéadú le comharthóirí iontaofa, seisiúin oiliúna agus malartuithe le heagraíochtaí comharthóirí iontaofa a eagrú, agus comhoibriú le soláthraithe seirbhíse eile, lena n-áirítear trí chóid iompair nó bearta féinrialála eile a thosú nó tabhairt faoi chóid iompair nó bearta féinrialála eile atá ann cheana. Ba cheart d'aon bhearta a dhéantar urraim a léiriú do cheanglais díchill chuí an Rialacháin seo agus a bheith éifeachtach agus iomchuí chun na rioscaí sonracha a sainaithníodh a mhaolú, ar mhaithe le hord poiblí a choimirciú, príobháideachas a chosaint agus cleachtais tráchtála chalaoiseacha agus mheabhlacha a chomhrac, agus ba cheart go mbeidís comhréireach i bhfianaise cumas eacnamaíoch an ardáin an-mhór ar líne agus an gá atá le srianta gan ghá a sheachaint maidir le húsáid a seirbhíse, agus aird chuí á tabhairt ar na tionchair dhiúltacha féideartha a d'fhéadfadh a bheith acu ar chearta bunúsacha faighteoirí na seirbhíse.

(59) Ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne, i gcás inarb iomchuí, a measúnuithe riosca a dhéanamh agus a mbearta maolaithe riosca a dhearadh le rannpháirtíocht ionadaithe fhaighteoirí na seirbhíse, ionadaithe ó ghrúpaí a bhféadfadh tionchar a bheith a seirbhísí orthu, saineolaithe neamhspleácha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

(60) Mar gheall ar an ngá atá le fíorú ó shaineolaithe neamhspleácha a áirithiú, ba cheart go mbeadh ardáin an-mhór ar líne cuntasach, trí iniúchóireacht neamhspleách, as a gcomhlíontacht leis na hoibleagáidí a leagtar síos leis an Rialachán seo agus, i gcás inarb ábhartha, aon ghealltanais chomhlántacha arna ndéanamh de bhun cóid iompair agus prótacail ghéarchéime. Ba cheart dóibh rochtain a thabhairt don iniúchóir ar na sonraí ábhartha ar fad is gá chun an t-iniúchadh a dhéanamh i gceart. Ba cheart do na hiniúchóirí a bheith in ann úsáid a bhaint freisin as foinsí eile faisnéise oibiachtúla, lena n-áirítear staidéir de chuid taighdeoirí grinnfhiosraithe. Ba cheart do na hiniúchóirí rúndacht, slándáil agus sláine na faisnéise a ráthú, amhail rúin trádála, a fhaigheann siad agus a gcúraimí á gcur i gcrích acu agus ba cheart go mbeadh an saineolas riachtanach acu i réimse na bainistíochta riosca agus na hinniúlachta teicniúla chun iniúchadh a dhéanamh ar algartaim. Ba cheart do na hiniúchóirí a bheith neamhspleách, ionas go mbeidh siad in ann a gcúraimí a chomhlíonadh ar bhealach leordhóthanach agus iontaofa. Má bhíonn aon amhras faoina neamhspleáchas, ba cheart dóibh éirí as nó staonadh ón obair iniúchta.

(61) Ba cheart go mbeadh bunús leis an tuarascáil iniúchóireachta, ionas go mbeidh cuntas bríoch ar na gníomhaíochtaí a dtugtar fúthu agus na conclúidí a shroichtear. Ba cheart go gcabhródh sé le heolas a thabhairt, agus i gcás inarb iomchuí feabhsúcháin a mholadh ar na bearta arna nglacadh ag an ardán an-mhór ar líne chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh. Ba cheart an tuarascáil a tharchur chuig an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha bunaíochta agus chuig an mBord gan mhoill, mar aon leis an measúnú riosca agus na bearta maolaithe, chomh maith le pleananna an ardáin chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí a rinneadh san iniúchadh. Ba cheart tuairim iniúchóireachta a bheidh bunaithe ar na conclúidí a tháinig ón bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas a áireamh sa tuarascáil. Ba cheart tuairim dhearfach a thabhairt i gcás ina léiríonn an fhianaise ar fad go gcloíonn an t-ardán an-mhór ar líne leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo nó, i gcás inarb infheidhme, aon ghealltanais ar thug sé fúthu de bhun cód iompair nó prótacal géarchéime, go háirithe trí na rioscaí sistéamacha a bhaineann lena chóras agus seirbhísí a shainaithint, a mheas agus a mhaolú. Ba cheart go mbeadh barúlacha ag gabháil le tuairim dhearfach

i gcás inar mian leis an iniúchóir tuairimí a áireamh nach bhfuil tionchar substaintiúil acu ar thoradh an iniúchta. Ba cheart tuairim dhiúltach a thabhairt i gcás ina measann an t-iniúchóir nach gcloíonn an t-ardán an-mhór ar líne leis an Rialachán seo nó leis na gealltanais ar tugadh fúthu.

(62) Croíchuid de ghnó ardáin an-mhór ar líne is ea an bealach ina gcuirtear faisnéis in ord tosaíochta agus i láthair ar a chomhéadan ar líne chun rochtain ar fhaisnéis a éascú agus a bharrfheabhsú i gcomhair fhaighteoirí na seirbhíse. Déantar é sin, mar shampla, trí fhaisnéis a mholadh, a rangú agus a chur in ord tosaíochta go halgartamach, ag dealú trí théacs nó léirithe amhairc eile, nó ag coimeád ar shlí eile faisnéis arna soláthar ag faighteoirí. Is féidir le córais mholtóra den sórt sin tionchar suntasach a imirt ar chumas na bhfaighteoirí faisnéis ar líne a aisghabháil agus idirghníomhú léi. Tá ról tábhachtach acu freisin maidir le teachtaireachtaí áirithe a mhéadú, faisnéis a mhearscaipeadh go fíorúil agus iompar ar líne a spreagadh. Dá dheasca sin, ba cheart go n-áiritheodh ardáin an-mhór ar líne atá go gcuirtear faighteoirí ar an eolas go hiomchuí, agus gur féidir leo tionchar a imirt ar an bhfaisnéis a chuirtear os a gcomhair. Ba cheart dóibh na príomh-pharaiméadair do chórais mholtóra den sórt sin a chur i láthair go soiléir ar bhealach intuigthe lena áirithiú go dtuigeann na faighteoirí an chaoi a gcuirtear faisnéis in ord tosaíochta dóibh. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go mbíonn teacht ag na faighteoirí ar roghanna malartacha le haghaidh na bpríomh-pharaiméadar, lena n-áirítear roghanna nach bhfuil bunaithe ar phróifíliú an fhaighteora.

(63) Tá rioscaí ar leith ag baint leis na córais fógraíochta a úsáideann ardáin an-mhór ar líne agus teastaíonn maoirseacht bhreise phoiblí agus rialála uathu mar gheall ar a scála agus a gcumas chun díriú ar fhaighteoirí na seirbhíse agus iad a rochtain bunaithe ar a n-iompar laistigh de chomhéadan ar líne an ardáin sin agus lasmuigh de. Ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne a áirithiú go mbeidh rochtain phoiblí ar stórais fógraí a thaispeántar ar a gcomhéadain ar líne chun maoirseacht agus taighde ar rioscaí atá ag teacht chun cinn mar gheall ar dháileadh fógraíochta ar líne a éascú, mar shampla i ndáil le fógraí neamhdhleathacha nó teicnící ionramhála agus bréagaisnéis le tionchar diúltach fíor agus intuartha ar an tsláinte phoiblí, ar an tslándáil phoiblí, an dioscúrsa sibhialta, rannpháirtíocht pholaitiúil agus comhionannas. Ba cheart ábhar na bhfógraí agus sonraí lena mbaineann faoin bhfógróir agus seachadadh na fógraíochta a áireamh, go háirithe i gcás fógraíocht spriocdhírithe.

(64) Chun comhlíontacht ardáin an-mhór ar líne le hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a mhaoirsiú go hiomchuí, d'fhéadfadh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha bunaíochta nó an Coimisiún rochtain ar shonraí sonracha nó a dtuairisciú a éileamh. D'fhéadfaí a áireamh le ceanglas den sórt sin, mar shampla, na sonraí atá riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí agus na díobhálacha féideartha a tharlaíonn mar gheall ar chórais an ardáin, sonraí maidir le cruinneas, feidhmiú agus tástáil na gcóras algartamach i gcomhair modhnú ábhair, córais mholtóra nó córais fógraíochta nó sonraí maidir le próisis agus aschuir modhnú ábhair nó ar chórais inmheánacha um láimhseáil gearán de réir bhrí an Rialacháin seo. Tá tábhacht ar leith ag baint le hiniúchtaí a dhéanann taighdeoirí maidir le forbairt agus déine na rioscaí sistéamacha ar líne chun neamhshiméadrachtaí faisnéise a líonadh agus córas athléimneachta de mhaolú riosca a bhunú, buntaca a thabhairt d'ardáin ar líne, do Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, d'údaráis inniúla eile, don Choimisiún agus don phobal. Cuirtear creat ar fáil sa Rialachán seo, dá bhrí sin, i gcomhair rochtain fhíorláidir ar shonraí ó ardáin an-mhór ar líne a thabhairt do thaighdeoirí grinnfhiosraithe. Ba cheart do gach ceanglas maidir le rochtain ar shonraí faoin gcreat sin a bheith comhréireach agus ba

cheart dóibh cearta agus leasanna dlisteanacha a chosaint go hiomchuí, lena n-áirítear rúin trádála agus faisnéis rúnda eile, an ardáin agus aon pháirtí eile lena mbaineann, lena n-áirítear faighteoirí na seirbhíse.

(65) Mar gheall ar chomh casta agus atá feidhmiú na gcóras a úsáidtear agus na rioscaí sistéamacha a chuireann siad faoi bhráid na sochaí, ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne oifigigh chomhlíontachta a cheapadh, ar cheart go mbeadh na cáilíochtaí is gá acu chun bearta a oibríochtú agus faireachán a dhéanamh ar an gcomhlíontacht leis an Rialachán seo laistigh d'eagraíocht an ardáin. Ba cheart go n-áiritheodh ardáin an-mhór ar líne go bhfuil baint ag an oifigeach comhlíontachta, go hiomchuí agus go tráthúil, le gach saincheist a bhaineann leis an Rialachán seo. I bhfianaise na rioscaí breise a bhaineann lena ngníomhaíochtaí agus a n-oibleagáidí breise faoin Rialachán seo, ba cheart go ndéanfaí na ceanglais trédhearcachta eile a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlánú le ceanglais bhreise trédhearcachta is infheidhme go sonrach maidir le hardáin an-mhór ar líne, go háirithe maidir le tuairisciú ar mheasúnuithe riosca arna ndéanamh agus bearta ina dhiaidh sin arna ndéanamh mar a fhoráiltear leis an Rialachán seo.

(66) Chun cur chun feidhme éifeachtach agus comhsheasmhach na n-oibleagáidí sa Rialachán seo a éascú a bhféadfadh forfheidhmiú trí mhodhanna teicneolaíochta a bheith de dhíth maidir leo, tá sé tábhachtach caighdeáin tionscail dheonacha a chur chun cinn a chumhdaíonn nósanna imeachta teicniúla áirithe, i gcás inar féidir leis an tionscal modhanna caighdeánaithe a fhorbairt chun an Rialachán seo a chomhlíonadh, amhail cur isteach fógraí a cheadú, lena n-áirítear trí chomhéadain ríomhchláraithe feidhmchlár, nó maidir le hidir-inoibritheacht na stórtha fógraíochta. D'fhéadfadh caighdeáin den chineál sin a bheith úsáideach go háirithe do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha atá réasúnta beag. D'fhéadfaí idirdhealú a dhéanamh sna caighdeáin idir cineálacha éagsúla ábhar neamhdhleathach nó cineálacha éagsúla seirbhísí idirghabhálacha, de réir mar is iomchuí.

(67) Ba cheart go spreagfadh an Coimisiún agus an Bord tarraingt suas cód iompair chun rannchuidiú le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Cé gur cheart go mbeadh cur chun feidhme na gcód iompair intomhaiste agus faoi réir formhaoirseachta poiblí, níor cheart go gcuirfeadh sé sin bac ar chineál deonach na gcód sin agus ar shaoirse páirtithe leasmhara chun cinneadh a dhéanamh maidir le bheith rannpháirteach. In imthosca áirithe, tá sé tábhachtach go ngabhfadh ardáin an-mhór ar líne i gcomhar chun cóid iompair shonracha a tharraingt suas agus cloí leo. Ní choisceann aon ní sa Rialachán seo soláthraithe seirbhíse eile cloí leis na caighdeáin chéanna um dhícheall cuí, glacadh leis na cleachtais is fearr agus tairbhe a bhaint as an treoraíocht arna cur ar fáil ag an gCoimisiún agus ag an mBord, trí bheith rannpháirteach sna cóid iompair chéanna.

(68) Tá sé iomchuí go sainaithneofaí sa Rialachán seo réimsí áirithe breithniúcháin do chóid iompair den chineál sin. Go háirithe, ba cheart bearta um maolú riosca a bhaineann le cineálacha éagsúla ábhar neamhdhleathach a fhiosrú trí chomhaontaithe féinrialála agus comhrialála. Réimse eile le breithniú is ea tionchar diúltach na rioscaí sistéamacha ar an tsochaí agus ar an daonlathas, amhail bréagaisnéis nó gníomhaíochta ionramhála agus mí-úsáideacha. Áirítear anseo oibríochtaí comhordaithe dírithe ar fhaisnéis a mhéadú, lena n-áirítear bréagaisnéis, amhail úsáid as róbait nó cuntais bhréige chun faisnéis bhréige nó mhíthreorach a chruthú, uaireanta chun críche gnóthachtáil eacnamaíoch a bhaint amach, atá díobhálach go háirithe d'fhaighteoirí leochaileacha na seirbhíse, amhail leanaí. Maidir le réimsí den sórt sin, d'fhéadfaí a mheas gur beart maolaithe riosca iomchuí is ea comhlíonadh agus comhlíontacht na

n-ardán an-mhór ar líne le cód iompair ar leith. D'fhéadfaí an diúltú gan mínithe cuí a dhéanann ardán ar líne ar chuireadh an Choimisiúin chun páirt a ghlacadh i gcur i bhfeidhm cód iompair den sórt sin a thabhairt san áireamh, i gcás inarb ábhartha, nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh faoi cibé ar sháraigh an t-ardán ar líne na hoibleagáidí a leagtar síos leis an Rialachán seo.

(69) D'fhéadfadh na rialacha maidir le cóid iompair faoin Rialachán seo a bheith mar bhunús le haghaidh iarrachtaí féinrialála atá bunaithe cheana féin ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear an Gealltanas um Shábháilteacht Táirge, an Meabhrán Tuisceana in aghaidh earraí góchumtha, an Cód Iompair in aghaidh fuathchaint neamhdhleathach chomh maith leis an gCód cleachtais maidir le bréagaisnéis. Go háirithe i gcás an chinn dheiridh, eiseoidh an Coimisiún treoraíocht chun an Cód cleachtais maidir le bréagaisnéis a neartú mar a fógraíodh é sa Phlean Gníomhaíochta um Dhaonlathas Eorpach.

(70) Go ginearálta, baineann soláthar fógraíochta ar líne le roinnt gníomhairí, lena n-áirítear seirbhísí idirghabhála a nascann foilsitheoirí fógraíochta le fógróirí. Ba cheart go dtacódh agus go gcomhlánódh cóid iompair na hoibleagáidí trédhearcachta a bhaineann le fógraíocht d'ardáin ar líne agus d'ardáin an-mhór ar líne a leagtar amach sa Rialachán seo d'fhonn foráil a dhéanamh maidir le sásraí solúbtha agus éifeachtacha chun an comhlíontacht leis na hoibleagáidí sin a éascú agus a bhreisiú, go suntasach mar a bhaineann sé le coinníollacha tharchur na faisnéise ábhartha. Ba cheart go n-áiritheofaí le rannpháirtíocht réimse leathan páirtithe leasmhara go dtacaítear go forleathan leis na cóid iompair sin, go bhfuil siad fónta go teicniúil, éifeachtach agus go dtairgeann siad na leibhéil is airde fusacht úsáide lena áirithiú go mbaineann na hoibleagáidí trédhearcachta a gcuspóirí amach.

(71) I gcás imthosca urghnácha a mbíonn tionchar acu ar shlándáil phoiblí nó ar shláinte phoiblí, féadfaidh an Coimisiún tús a chur le prótacail ghéarchéime a tharraingt suas chun freagairt thapa, chomhchoiteann agus trasteorann a chomhordú sa timpeallacht ar líne. D'fhéadfaí aon imeacht gan choinne a chuimsiú le himthosca urghnácha, cosúil le creathanna talún, hairicíní, paindéim agus bagairtí tromchúiseacha eile trasteorann don tsláinte phoiblí, cogadh agus gníomhartha sceimhlitheoireachta, ina bhféadfaí mí-úsáid a bhaint as ardáin ar líne, mar shampla, i gcomhair ábhar neamhdhleathach nó bréagaisnéis a scaipeadh go mear nó i gcás ina mbíonn gá le faisnéis iontaofa a scaipeadh go mear. I bhfianaise an ról tábhachtach atá ag ardáin an-mhór ar líne chun faisnéis a scaipeadh inár sochaithe agus thar theorainneacha, ba cheart ardáin den sórt sin a spreagadh chun prótacail ghéarchéime sonracha a tharraingt suas agus a chur i bhfeidhm. Níor cheart prótacail ghéarchéime den sórt sin a ghníomhachtú ach amháin ar feadh tréimhse teoranta ama agus ba cheart go mbeadh na bearta a rinneadh teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis le dul i ngleic leis an toisc urghnách. Ba cheart go mbeadh na bearta sin comhsheasmhach leis an Rialachán seo, agus níor cheart gurb ionann é agus oibleagáid ghinearálta chun páirt a ghlacadh in ardáin an-mhór ar líne chun faireachán a dhéanamh ar an bhfaisnéis a tharchuireann nó a stórálann siad, ná níor cheart go lorgóidís fíorais ná cúinsí go gníomhach a thugann ábhar neamhdhleathach le fios.

(72) Ba cheart an cúram maidir le formhaoirseacht agus forfheidhmiú leordhóthanach na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a shannadh i bprionsabal do na Ballstáit. Chuige seo, ba cheart dóibh údarás amháin ar a laghad a cheapadh agus é mar chúram orthu an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann, mar sin féin, cúraimí agus inniúlachtaí maoirseachta nó forfheidhmithe sonracha a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur ar

iontaoibh níos mó ná údarás inniúil amháin, mar shampla i gcomhair earnálacha sonracha, cosúil le rialaitheoirí cumarsáide leictreonaí, rialaitheoirí meán nó údaráis um chosaint tomhaltóirí, a léireoidh a struchtúr bunreachtúil, eagraíochtúil agus riaracháin.

(73) Mar gheall ar chineál na seirbhísí atá i gceist agus an réimse cothrománach oibleagáidí a thugtar isteach leis an Rialachán seo, ba cheart an t-údarás a cheaptar chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm, agus i gcás inar gá, forfheidhmiú an Rialacháin seo a shainaithint mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha i ngach Ballstát. I gcás ina gceaptar níos mó ná údarás inniúil amháin chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú, níor cheart ach údarás amháin a shainaithint sa Bhallstát sin mar Chomhordaithe Seirbhísí Digiteacha. Ba cheart go bhfeidhmeodh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha mar phointe teagmhála aonair maidir le gach ábhar a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo don Choimisiún, don Bhord, do Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha Ballstáit eile, agus d'údaráis inniúla eile an Bhallstáit atá i gceist. Go háirithe, i gcás ina gcuirtear cúraimí faoin Rialachán seo ar iontaoibh údaráis inniúla i mBallstát ar leith, ba cheart don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha comhordú agus dul i gcomhar leis na húdaráis sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta chun a gcúraimí faoi seach a leagan amach, agus ba cheart dóibh a áirithiú go mbíonn gach údarás ábhartha rannpháirteach go héifeachtach i maoirseacht agus i bhforfheidhmiú ar leibhéal an Aontais.

(74) Tá ról ríthábhachtach ag an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha, chomh maith le húdaráis inniúla eile atá ainmnithe faoin Rialachán seo, chun éifeachtacht na gceart agus na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo agus baint amach a chuspóirí a áirithiú. Dá réir sin, is gá a áirithiú go bhfeidhmíonn na húdaráis sin go hiomlán neamhspleách ó chomhlachtaí príobháideacha agus poiblí, gan an oibleagáid ná an fhéidearthacht chun treoracha a lorg nó a fháil, lena n-áirítear ón rialtas, agus gan dochar do na dualgais shonracha le dul i gcomhar le húdaráis inniúla eile, na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, an Bord agus an Coimisiún. Ar an lámh eile, níor cheart go gciallódh neamhspleáchas na n-údarás seo, nach mbeidís faoi réir, i gcomhréir le bunreachtanna náisiúnta agus gan gnóthachtáil chuspóirí an Rialacháin seo a chur i mbaol, rialú náisiúnta nó sásraí faireacháin maidir lena gcaiteachas airgeadais nó athbhreithniú breithiúnach, nó nár cheart an fhéidearthacht a bheith acu dul i gcomhairle le húdaráis náisiúnta eile, lena n-áirítear údaráis um fhorfheidhmiú an dlí nó údaráis um bainistiú géarchéime, i gcás inarb iomchuí.

(75) Is féidir leis na Ballstáit feidhm mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha, nó cúraimí sonracha a shannadh d'údarás náisiúnta reatha, chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú, ar choinníoll go gcloíonn aon údarás ceaptha den sórt sin leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, i ndáil lena neamhspleáchas, mar shampla. Thairis sin, ní choisctear na Ballstáit i bprionsabal ó fheidhmeanna a chónascadh laistigh d'údarás reatha, i gcomhréir le dlí an Aontais. D'fhéadfaí a áireamh leis na bearta sin, *inter alia*, bac a chur ar dhífhostú an Uachtaráin nó comhalta boird de chomhlacht coláisteach in údarás reatha roimh dhul in éag a dtéarmaí oifige, ar an bhforas amháin gur tharla athchóiriú institiúideach a bhaineann le feidhmeanna éagsúla a chumasc laistigh d'údarás amháin, in éagmais aon rialacha a ráthaíonn nach gcuireann dífhostuithe den sórt sin neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcomhaltaí sin i mbaol.

(76) In éagmais ceanglas ginearálta do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha chun láithreacht fhisiceach a áirithiú laistigh de chríoch Ballstáit amháin, is gá soiléireacht a áirithiú maidir leis an dlínse Ballstáit ina bhfuil na soláthraithe sin chun críocha na

rialacha arna leagan síos ag údaráis náisiúnta inniúla i gCaibidlí III agus IV a fhorfheidhmiú. Ba cheart do sholáthraí a bheith faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil a phríomhbhunaíocht suite, is é sin, san áit ina bhfuil a cheannoifig nó a oifig chláraithe ag an soláthraí ina bhfeidhmítear na príomhfheidhmeanna airgeadais agus an rialú oibríochtúil laistigh de. I dtaca le soláthraithe nach bhfuil bunaíocht acu san Aontas ach a thairgeann seirbhísí san Aontas agus dá bhrí sin a thagann faoi réim raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart dlínse a bheith ag an mBallstát inar cheap na soláthraithe sin a n-ionadaí dlí, ag tabhairt feidhm ionadaithe dlí faoin Rialachán seo san áireamh. Ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo, ba cheart dlínse a bheith ag gach Ballstát, áfach, i leith soláthraithe ar mhainnigh orthu ionadaí dlí a ainmniú, ar choinníoll go bhfuil urraim don phrionsabal *ne bis in idem*. Chuige sin, ba cheart do gach Ballstát a fheidhmíonn dlínse i leith soláthraithe den sórt sin, gan moill mhíchuí, gach Ballstát eile a chur ar an eolas faoi na bearta a rinne siad i bhfeidhmiú na dlínse sin.

(77) Ba cheart do na Ballstáit cumhachtaí leordhóthanacha agus bealaí chun imscrúdú agus forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú a thabhairt don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha, agus ar aon údarás inniúil eile arna ainmniú faoin Rialachán seo. Ba cheart do Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha a bheith in ann go háirithe faisnéis a chuardach agus a fháil atá lonnaithe ina gcríocha, lena n-áirítear i gcomhthéacs imscrúduithe comhpháirteacha, agus aird chuí ar gur cheart don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha sa Bhallstát eile sin bearta formhaoirseachta agus forfheidhmithe a bhaineann le soláthraí faoi dhlínse Ballstáit eile a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha i gcomhréir leis na nósanna imeachta a bhaineann le comhar trasteorann.

(78) Ba cheart do na Ballstáit na coinníollacha agus na teorainneacha mionsonraithe i gcomhair feidhmiú cumhachtaí imscrúdaithe agus forfheidhmithe a gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, agus údaráis inniúla eile i gcás inarb ábhartha, faoin Rialachán seo, a leagan amach ina ndlí náisiúnta, i gcomhréir le dlí an Aontais agus go háirithe an Rialachán agus an Chairt seo.

(79) Le linn do na cumhachtaí sin a bheith á bhfeidhmiú, ba cheart do na húdaráis inniúla sin na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le nósanna imeachta agus ábhair a chomhlíonadh, amhail an gá do réamhúdarú breithiúnach chun dul isteach in áitreabh áirithe agus i gcomhair pribhléid ghairmiúil dlí.Ba cheart do na forálacha sin a áirithiú, go háirithe, go mbeidh urraim do na cearta bunúsacha maidir le leigheas éifeachtach agus triail chóir, lena n-áirítear cearta cosanta agus, an ceart le hurraim a thabhairt don saol príobháideach. I dtaca leis sin, d’fhéadfadh na ráthaíochtaí dá bhforáiltear i ndáil le himeachtaí an Choimisiúin de bhun an Rialacháin seo a bheith mar phointe tagartha iomchuí. Ba cheart nós imeachta roimh ré, cóir agus neamhchlaonta a ráthú sula nglactar le haon chinneadh críochnaitheach, lena n-áirítear ceart éisteachta do na daoine lena mbaineann, agus an ceart le rochtain a fháil ar an gcomhad, fad is a bhíonn urraim do rúndacht ghairmiúil agus ghnó, chomh maith leis an oibleagáid chun cúiseanna bríocha a thabhairt ar na cinntí. Níor cheart go gcoiscfí leis seo cearta a ghlacadh, áfach, i gcásanna práinne a bhfuil bunús iomchuí leo agus faoi réir coinníollacha agus socruithe nós imeachta iomchuí. Ba cheart don fheidhmiú cumhachta a bheith comhréireach freisin, *inter alia*, le cineál an tsáraithe nó an tsáraithe a bhfuil amhras ina leith agus leis an díobháil iarbhír nó fhéideartha fhoriomlán a tharla de bharr an tsáraithe nó an tsáraithe amhrasta. Ba cheart do na húdaráis inniúla, i bprionsabal, fíorais agus cúinsí ábhartha uile an cháis a chur san áireamh, lena n-áirítear faisnéis a bhailíonn údaráis inniúla i mBallstáit eile.

(80) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir smachtbhannaí a ghearradh de bharr sáruithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo agus é sin a dhéanamh ar bhealach éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, ag tabhairt san áireamh cineál, tromchúis, atarlú agus fad an tsáraithe, i bhfianaise an leasa phoiblí arna shaothrú, raon feidhme agus cineál na ngníomhaíochtaí a rinneadh, chomh maith le hacmhainn eacnamaíoch an tsáraitheora. Go háirithe, ba cheart a chur san áireamh leis na pionóis cibé an mainníonn nó nach mainníonn soláthraí na seirbhísí idirghabhála lena mbaineann a oibleagáidí a thagann ón Rialachán seo a chomhlíonadh go córasach nó arís agus arís eile, chomh maith le, i gcás inarb ábhartha, cibé an bhfuil nó nach bhfuil an soláthraí gníomhach i roinnt Ballstát.

(81) Chun forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart do dhaoine aonair nó d'eagraíochtaí ionadaíocha a bheith in ann aon ghearán a bhaineann le comhlíonadh an Rialacháin seo a thaisceadh leis an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha sa chríoch ina bhfuair siad an tseirbhís, gan dochar do rialacha an Rialacháin seo maidir le dlínse. Ba cheart léargas dílis a thabhairt i ngearáin ar ábhar imní a bhaineann le comhlíontacht soláthraí seirbhíse idirghabhálaí áirithe agus go bhféadfaí leis freisin an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a chur ar an eolas faoi aon saincheisteanna cothrománacha eile. Ba cheart don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha leas a bhaint freisin as údaráis náisiúnta inniúla eile chomh maith le Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha as Ballstát eile, agus go háirithe Comhordaithe de chuid an Bhallstáit ina bhfuil an soláthraí seirbhísí idirghabhálacha lena mbaineann bunaithe, má éilítear comhar trasteorann maidir leis an tsaincheist.

(82) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir le Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha bearta a dhéanamh atá éifeachtach maidir le dul i ngleic le sáruithe tromchúiseacha agus comhsheasmhacha áirithe agus go bhfuil siad i gcomhréir leis na sáruithe sin. Go háirithe i gcás inar féidir leis na bearta sin difear a dhéanamh do chearta agus leasanna tríú páirtithe, de réir mar a bheidh go háirithe i gcás ina bhfuil an rochtain ar chomhéadain ar líne srianta, is iomchuí a éileamh go ndéanfadh údarás breithiúnach inniúil na bearta a ordú ar iarraidh an Chomhordaitheora Seirbhísí Digiteacha agus go mbeidís faoi réir coimircí breise. Go háirithe, ba cheart deis éisteachta a thabhairt do thríú páirtithe dá bhféadfaí difear a dhéanamh agus níor cheart orduithe den sórt sin a eisiúint ach amháin nuair nach bhfuil na cumhachtaí chun bearta den sórt sin a ghlacadh ar fáil go réasúnach, mar a fhoráiltear le gníomhartha eile de dhlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, mar shampla chun leasanna comhchoiteann tomhaltóirí a chosaint, lena áirithiú go mbaintear go tapa leathanaigh ghréasáin ina bhfuil pornagrafaíocht leanaí nó ina bhfuil pornagrafaíocht leanaí á scaipeadh, nó chun rochtain ar sheirbhísí atá á n-úsáid ag tríú páirtí chun ceart maoine intleachtúla a shárú, a dhíchumasú.

(83) Níor cheart d'ordú den sórt sin chun rochtain a shrianadh thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóir a bhaint amach. Chun na críche sin, ba cheart dó a bheith sealadach agus ba cheart i bprionsabal é a chur faoi bhráid soláthraí seirbhísí idirghabhálacha, amhail an soláthraí seirbhíse óstála, an soláthraí seirbhíse idirlín nó an clár fearainn nó an cláraitheoir ábhartha, atá in ann go réasúnach an cuspóir sin a bhaint amach gan srianadh míchuí a chur ar rochtain ar fhaisnéis dlíthiúil.

(84) Ba cheart don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha tuarascáil a fhoilsiú go rialta maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin Rialachán seo. Ós rud é gur gcuirtear an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha ar an eolas freisin maidir le horduithe chun beart a dhéanamh in aghaidh ábhar neamhdhleathach nó chun faisnéis a chur ar fáil arna rialú ag an Rialachán seo tríd an gcóras comhroinnte faisnéise comhchoiteann, ba

cheart don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha líon agus catagóirí na n-orduithe sin arna gcur faoi bhráid soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha arna n-eisiúint ag údaráis bhreithiúnacha agus riaracháin ina Bhallstát a áireamh ina thuarascáil bhliantúil.

(85) I gcás ina n-iarrann Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha ar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha eile beart a dhéanamh, ba cheart don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha iarrthach, nó an Bord i gcás inar eisigh sé moladh chun measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le níos mó ná trí Bhallstát, a bheith in ann an t-ábhar a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcás aon easaontú maidir leis na measúnuithe nó na bearta a rinneadh nó a beartaíodh nó má mainníodh aon bhearta a ghlacadh. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann dá réir sin, ar bhonn na faisnéise a chuireann na húdaráis inniúla ar fáil, iarraidh ar an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha inniúil chun athmheasúnú a dhéanamh ar an ábhar agus na bearta is gá a ghlacadh chun comhlíontacht a áirithiú laistigh de thréimhse ama sainithe. Tá an fhéidearthacht seo gan dochar do dhualgas ginearálta an Choimisiúin chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm, agus i gcás inar gá, forfheidhmiú dlí an Aontais faoi rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcomhréir leis na Conarthaí. Má mhainníonn ar an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha bunaíochta aon bhearta a dhéanamh de bhun iarraidh den sórt sin, d’fhéadfadh an Coimisiún idirghabháil a dhéanamh dá dheasca sin freisin faoi Roinn 3 de Chaibidil IV den Rialachán seo, i gcás gurb ardán an-mhór ar líne atá sa sáraitheoir atá faoi amhras

(86) Chun maoirseacht agus imscrúduithe trasteorann ina bhfuil roinnt Ballstát rannpháirteach a éascú, ba cheart go mbeadh na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha in ann páirt a ghlacadh, ar bhonn buan nó sealadach, i ngníomhaíochtaí maoirseachta agus imscrúdaithe comhpháirtí a bhaineann le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Féadfar a áireamh leis na gníomhaíochtaí sin údaráis inniúla eile agus féadfar go leor saincheisteanna éagsúla a chumhdach iontu, idir ghníomhaíochtaí bailithe sonraí comhordaithe go dtí iarrataí ar fhaisnéis nó iniúchtaí ar áitreabh, laistigh de theorainneacha agus raon feidhme na gcumhachtaí atá ar fáil do gach údarás rannpháirteach. Féadfar iarraidh ar an mBord comhairle a chur ar fáil i ndáil leis na gníomhaíochtaí sin, mar shampla trí threochláir agus amlínte a mholadh i gcomhair gníomhaíochtaí nó tascfhórsaí ad-hoc a mholadh le rannpháirtíocht na n-údarás lena mbaineann.

(87) I bhfianaise na ndúshlán áirithe a d’fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil le measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht ardáin an-mhór ar líne agus an chomhlíontacht sin a áirithiú, mar shampla maidir le scála nó castacht sáraithe a bhfuil amhras faoi nó an gá atá le saineolas nó cumais ar leith ar leibhéal an Aontais, ba cheart deis a bheith ag na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha a iarraidh, ar bhonn deonach, ar an gCoimisiún idirghabháil a dhéanamh agus a chumhachtaí imscrúdaithe agus forfheidhmiúcháin faoin Rialachán seo a fheidhmiú.

(88) D’fhonn a áirithiú go gcuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm go comhsheasmhach, is gá grúpa comhairleach neamhspleách a bhunú ar leibhéal an Aontais, ar cheart dó tacaíocht a thabhairt don Choimisiún agus cuidiú chun gníomhaíochtaí na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha a chomhordú. Ba cheart don Bhord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha a bheith comhdhéanta de Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, gan dochar don fhéidearthacht go dtabharfadh na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha cuireadh ina chruinnithe do thoscairí ad hoc ó údaráis inniúla eile a bhfuil iontaoibh orthu i leith cúraimí sonracha faoin Rialachán seo nó go gceapfaidís toscairí ad hoc, i gcás ina bhfuil gá leis sin de bhun a leithdháileadh náisiúnta cúraimí

agus inniúlachtaí. I gcás ilrannpháirtithe ó Bhallstát amháin, ba cheart go mbeadh an ceart vótála fós teoranta d'ionadaí amháin in aghaidh an Bhallstáit.

(89) Ba cheart don Bhord rannchuidiú chun dearcadh comhchoiteann a bhaint amach san Aontas maidir le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo agus le comhar i measc údarás inniúil, lena n-áirítear trí chomhairle a chur ar an gComhairle agus ar na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha maidir le himscrúdú iomchuí agus bearta forfheidhmithe, go háirithe maidir le hardáin an-mhór ar líne. Ba cheart don Bhord rannchuidiú freisin chun teimpléid agus cóid iompair a dhréachtú agus anailís a dhéanamh ar threochtaí ginearálta atá ag teacht chun cinn i bhforbairt seirbhísí digiteacha san Aontas.

(90) Chun na críche sin, ba cheart don Bhord a bheith in ann glacadh le tuairimí, le hiarrataí agus le moltaí arna gcur faoi bhráid Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha nó údaráis náisiúnta inniúla eile. Cé nach bhfuil sé ceangailteach ó thaobh dlí de, ba cheart an cinneadh chun atreorú uaidh sin a mhíniú i gceart agus d'fhéadfadh an Coimisiún é a thabhairt san áireamh agus measúnú á dhéanamh aige ar chomhlíontacht na mBallstát lena mbaineann leis an Rialachán seo.

(91) Ba cheart don Bhord ionadaithe na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus údaráis inniúla eile féideartha a thabhairt le chéile faoi chathaoirleacht an Choimisiúin, d'fhonn measúnú a áirithiú ar ábhair arna sheoladh isteach chuige i ngné iomlán Eorpach. I bhfianaise gnéithe cothrománacha féideartha a bhféadfadh ábharthacht a bheith leo i gcomhair creataí rialála eile ar leibhéal an Aontais, ba cheart deis a thabhairt don Bhord dul i gcomhar le comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus grúpaí comhairleacha eile de chuid an Aontais a bhfuil freagracht orthu i réimsí amhail comhionannas, lena n-áirítear comhionannas idir mná agus fir, agus neamh-idirdhealú, cosaint sonraí, cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc, calaoisí in aghaidh bhuiséad an Aontais a bhrath agus a imscrúdú a mhéid a bhaineann le dleachtanna custaim, nó cosaint tomhaltóirí, de réir mar is gá chun a chúraimí a fheidhmiú.

(92) Ba cheart don Choimisiún, tríd an gCathaoirleach, a bheith rannpháirteach sa Bhord gan cearta vótála. Tríd an gCathaoirleach, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go leagtar síos clár oibre do na cruinnithe i gcomhréir le hiarrataí chomhaltaí an Bhoird mar a leagtar síos i rialacha nós imeachta agus i gcomhréir le dualgais an Bhoird mar a leagtar síos sa Rialachán seo.

(93) I bhfianaise an ghá atá ann tacaíocht a áirithiú do ghníomhaíochtaí an Bhoird, ba cheart don Bord a bheith in ann brath ar shaineolas agus ar acmhainní daonna an Choimisiúin agus na n-údarás náisiúnta inniúil. Ba cheart socruithe oibríochtúla sonracha i gcomhair feidhmiú inmheánach an Bhoird a shonrú a thuilleadh i rialacha nós imeachta an Bhoird.

(94) Mar gheall ar chomh tábhachtach le hardáin an-mhór ar líne, i bhfianaise a rochtana agus a dtionchair, d'fhéadfadh tionchar a bheith ar líon suntasach faighteoirí seirbhísí thar Bhallstáit éagsúla agus d'fhéadfadh díobhálacha móra sochaíocha a bheith i gceist má chliseann orthu na hoibleagáidí sonracha is infheidhme maidir leo a chomhlíonadh, agus d'fhéadfadh clistí den sórt sin a bheith an-chasta le sainaithint agus le dul i ngleic leo.

(95) D'fhonn dul i ngleic leis an imní sin maidir le beartas poiblí is gá dá bhrí sin foráil a dhéanamh maidir le córas coiteann maoirseachta agus forfheidhmiúcháin breisithe ar leibhéal an Aontais. Nuair a shainaithnítear sárú ar cheann de na forálacha nach mbaineann ach le hardáin an-mhór ar líne agus iadsan amháin, mar shampla de bhun

duine aonair nó imscrúduithe comhpháirteacha, iniúchadh nó gearáin, ba cheart don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha bunaíochta, dá thionscnamh féin nó ar chomhairle an Bhoird, faireachán a dhéanamh ar aon bheart ina dhiaidh sin a ghlac an t-ardán an-mhór ar líne lena mbaineann mar a leagtar amach ina phlean gníomhaíochta féin. Ba cheart don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a bheith in ann a iarraidh, i gcás inarb iomchuí, go ndéanfaí iniúchadh breise, sonrach, ar bhonn deonach, le fáil amach cibé ar leor na bearta sin le dul i ngleic leis an sárú. Ag deireadh an nós imeachta sin, ba cheart dó an Bord, an Coimisiún agus an t-ardán lena mbaineann a chur ar an eolas faoina thuairimí maidir le cibé an ndeachaigh nó nach ndeachaigh an t-ardán sin i ngleic leis an sárú, ag sonrú go háirithe iompar agus measúnú ábhartha aon bheart a glacadh. Ba cheart don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a ról a chomhlíonadh faoin gcóras coiteann seo go tráthúil agus lánaird ar aon tuairimí agus ar aon chomhairle eile de chuid an Bhoird.

(96) I gcás nach dtéann an t-ardán sin i ngleic leis an sárú ar an bhforáil a bhaineann le hardáin an-mhór ar líne amháin, de bhun an phlean gníomhaíochta, ní fhéadfaidh ach amháin an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó ar chomhairle ón mBord, cinneadh a dhéanamh maidir le himscrúdú breise a dhéanamh ar an sárú lena mbaineann agus na bearta ar ghlac an t-ardán sin leo ina dhiaidh sin, chun an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha bunaíochta a eisiamh. Tar éis na himscrúduithe is gá a bheith déanta, ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann cinntí a eisiúint ina bhfaightear sárú agus smachtbhannaí a fhorchur i leith ardáin an-mhór ar líne i gcás ina bhfuil bunús leis sin. Ba cheart an fhéidearthacht a bheith aige freisin idirghabháil a dhéanamh i gcásanna trasteorann i gcás nár ghlac an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha bunaíochta le haon bhearta d'ainneoin iarraidh an Choimisiúin, nó i gcásanna inar iarr an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha bunaíochta féin ar an gCoimisiún idirghabháil a dhéanamh, i leith sárú ar aon fhoráil eile den Rialachán seo a rinne ardán an-mhór ar líne.

(97) Ba cheart saoirse a bheith ag an gCoimisiún chun cinneadh a dhéanamh faoi cibé ar mian nó nach mian leis idirghabháil a dhéanamh in aon cheann de na cásanna ina bhfuil cumhacht aige sin a dhéanamh faoin Rialachán seo. A luaithe is a thionscnaíonn an Coimisiún na himeachtaí, ba cheart cosc a chur ar Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha bunaíochta lena mbaineann óna gcumhachtaí iniúchta agus forfheidhmiúcháin a fheidhmiú i leith iompar ábhartha an ardáin an-mhór ar líne lena mbaineann, chun dúbláil, neamhréireachtaí agus rioscaí ó dhearcadh an phrionsabail *ne bis in idem a sheachaint.* Mar sin féin, ar mhaithe le héifeachtúlacht, níor cheart na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha sin a chosc óna gcumhachtaí a fheidhmiú le cúnamh a thabhairt don Choimisiún, ar iarraidh sin dó i bhfeidhmiú a chúraimí maoirseachta, nó i leith iompar eile, lena n-áirítear iompar de chuid an ardáin an-mhór ar líne chéanna a bhfuil amhras ann gurb ionann é agus sárú nua. Ba cheart go dtabharfadh na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha sin, chomh maith leis an mBord agus Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha eile i gcás inarb ábhartha, an fhaisnéis agus an cúnamh ar fad is gá don Choimisiún chun a cheadú dó a chúraimí a fheidhmiú go héifeachtach, agus os a choinne sin, ba cheart don Choimisiún iad a choinneáil ar an eolas maidir le feidhmiú a chumhachtaí de réir mar is iomchuí. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún, i gcás inarb iomchuí, aon mheasúnuithe ábhartha arna ndéanamh ag an mBord nó ag na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha lena mbaineann agus aon fhianaise agus aon fhaisnéis ábhartha a bhailigh siad a chur san áireamh, gan dochar do chumhachtaí agus d'fhreagracht an Choimisiúin maidir le himscrúduithe breise a dhéanamh de réir mar is gá.

(98) I bhfianaise na ndúshlán áirithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus iarracht á déanamh chun comhlíontacht na n-ardán an-mhór ar líne a áirithiú agus an tábhacht a bhaineann leis sin a dhéanamh go héifeachtach, agus a méid agus a dtionchar agus na díobhálacha a d'fhéadfaidís a chruthú á gcur san áireamh, ba cheart go mbeadh roinnt cumhachtaí láidre imscrúdaithe agus forfheidhmiúcháin ag an gCoimisiún ionas go mbeifear in ann imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh ar rialacha áirithe a leagtar síos sa Rialachán seo, agus urraim iomlán do phrionsabal na comhréireachta agus do chearta agus leasanna na bpáirtithe dá ndéantar difear.

(99) Go háirithe, ba cheart go mbeadh rochtain ag an gCoimisiún ar aon doiciméid, sonraí agus faisnéis ábhartha is gá chun iniúchtaí a oscailt agus a reáchtáil agus chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht leis na hoibleagáidí ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo, gan beann ar cén duine a bhfuil na doiciméid ina sheilbh, na sonraí nó an fhaisnéis atá i gceist, agus gan beann ar a bhfoirm nó a bhformáid, an bealach a stóráiltear iad, nó an áit bheacht ina stóráiltear iad. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann éileamh a dhéanamh go díreach go soláthraíonn an t-ardán an-mhór ar líne lena mbaineann nó tríú páirtithe ábhartha, nó daoine aonair, aon fhianaise, sonraí agus faisnéis ábhartha. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann aon fhaisnéis ábhartha a iarraidh ó aon údarás, comhlacht nó gníomhaireacht phoiblí laistigh den Bhallstát, nó ó aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach chun críche an Rialacháin seo. Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú chun rochtain ar bhunachair shonraí agus algartaim na ndaoine ábhartha, agus mínithe a bhaineann leo a éileamh, agus chun agallamh a dhéanamh, lena dtoiliú, ar aon duine a bhféadfadh seilbh a bheith acu ar fhaisnéis úsáideach agus chun na ráitis a dhéantar a thaifeadadh. Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú freisin chun tabhairt faoi imscrúduithe den sórt sin de réir mar is gá chun na forálacha ábhartha den Rialachán seo a fhorfheidhmiú. Tá sé mar aidhm ag na cumhachtaí imscrúdaitheacha sin a bheith comhlántach leis an bhféidearthacht don Choimisiún cúnamh a iarraidh ar Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus údaráis Bhallstáit eile, mar shampla trí fhaisnéis a sholáthar nó i bhfeidhmiú na gcumhachtaí sin

(100) Ba cheart don chomhlíontacht leis na hoibleagáidí ábhartha a fhorchuirtear faoin Rialachán seo a bheith in-fhorfheidhmithe trí bhíthin fíneálacha agus íocaíochtaí pionóis tréimhsiúla. Chuige sin, ba cheart na leibhéil iomchuí fíneálacha agus íocaíochtaí pionóis tréimhsiúla a leagan síos maidir le neamhchomhlíonadh leis na hoibleagáidí agus sárú na rialacha nós imeachta, faoi réir tréimhsí teorann iomchuí.

(101) Ba cheart deis a thabhairt do na hardáin an-mhór ar líne lena mbaineann agus daoine eile atá faoi réir feidhmiú cumhachta an Choimisiúin a bhféadfaí difear a dhéanamh dá leasanna mar gheall ar chinneadh, a mbarúlacha a sheoladh isteach roimh ré, agus ba cheart na cinntí a ghlactar a phoibliú go forleathan. Fad is a áirithítear cearta cosanta na bpáirtithe lena mbaineann, go háirithe, an ceart rochtana ar an gcomhad, tá sé fíor-riachtanach go ndéanfaí faisnéis rúnda a chosaint. Thairis sin, fad is a bhíonn urraim do rúndacht na faisnéise, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go nochtar aon fhaisnéis a mbraitear uirthi chun críche a chinnidh a mhéid is a cheadaíonn do sheolaí an chinnidh na fíorais agus na breithnithe is cúis leis an gcinneadh a thuiscint.

(102) Ar mhaithe le héifeachtacht agus éifeachtúlacht, chomh maith le meastóireacht ghinearálta ar an Rialachán, a bheidh le déanamh laistigh de cúig bliana ó thagann sé i bhfeidhm, tar éis na céime tosaigh tionscanta agus ar bhonn na gcéad trí bliana d'fheidhmiú an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Bhoird agus ar a struchtúr.

(103) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49].

(104) Chun cuspóirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh. Go háirithe, ba cheart gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i leith na gcritéar chun ardáin an-mhór ar líne agus na sonraíochtaí teicniúla i gcomhair iarrataí ar rochtain a shainaithint. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(105) Sa Rialachán seo urramaítear na cearta bunúsacha a shainaithnítear sa Chairt agus na cearta bunúsacha ar phrionsabail ghinearálta de dhlí an Aontais iad. Dá réir sin, ba cheart an Rialachán seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta bunúsacha sin, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, chomh maith le saoirse agus iolrachas na meán. Le linn dóibh na cumhachtaí a leagtar amach sa Rialachán seo a fheidhmiú, ba cheart do gach údarás poiblí lena mbaineann, i gcásanna ina bhfuil coinbhleacht idir na cearta bunúsacha ábhartha, cothromaíocht chóir a bhaint amach idir na cearta lena mbaineann, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.

(106) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh agus timpeallacht shábháilte, intuartha agus iontaofa ar líne a áirithiú ina dtugtar cosaint do na cearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt, a ghnóthú go leordhóthanach mar gheall nach féidir leo an comhchuibhiú agus an comhar is gá a bhaint amach trí fheidhmiú astu féin, ach gur féidir leo, de bharr a raon feidhme chríochach agus phearsanta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil I – Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*
*Ábhar agus raon feidhme*

1. Leagtar síos sa Rialachán seo rialacha comhchuibhithe maidir le soláthar seirbhísí idirghabhálacha sa mhargadh aonair. Bunaítear leis, go háirithe:

[49] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann le sásraí rialaithe na mBallstát i ndáil le feidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(a) creat i gcomhair díolúine choinníollach ó dhliteanas soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha;

(b) rialacha maidir le hoibleagáidí sonracha an díchill chuí arna gcur in oiriúint do chatagóirí sonracha soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha;

(c) rialacha maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú an Rialacháin seo, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le comhar agus comhordú idir na húdaráis inniúla.

2. Is iad seo a leanas aidhmeanna an Rialacháin seo:

(a) cur le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí idirghabhálacha;

(b) rialacha aonfhoirmeacha a leagan amach i gcomhair timpeallacht shábháilte, intuartha agus iontaofa ar líne i gcás ina dtugtar cosaint go héifeachtach do chearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt.

3. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le seirbhísí idirghabhálacha arna soláthar d'fhaighteoirí na seirbhíse a bhfuil a n-áit bhunaithe nó chónaithe acu san Aontas, gan beann ar áit bhunaíochta soláthraithe na seirbhísí sin.

4. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le seirbhís ar bith nach seirbhís idirghabhálach í ná le haon cheanglais arna bhforchur i leith seirbhíse den sórt sin, gan beann ar cibé an soláthraítear an tseirbhís trí sheirbhís idirghabhálach a úsáid.

5. Tá an Rialachán seo gan dochar do na rialacha a leagtar síos leis an méid seo a leanas:

(a) Treoir 2000/31/CE;

(b) Treoir 2010/13/CE;

(c) Dlí an Aontais maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara;

(d) Rialachán (AE) .../.... chun scaipeadh ábhar ar líne a bhaineann le sceimhlitheoireacht a chosc [TCO arna ghlacadh];

(e) Rialachán (AE) ..../.... maidir le hOrduithe Táirgthe agus Caomhnaithe Eorpacha i dtaca le fianaise leictreonach in ábhair choiriúla agus Treoir (AE) .../.... ina leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le hionadaithe dlí a cheapadh chun críche fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla [r-fhianaise arna ghlacadh]

(f) Rialachán (AE) 2019/1148;

(g) Rialachán (AE) 2019/1150;

(h) Dlí an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí agus sábháilteacht táirgí, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2017/2394;

(i) Dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir 2002/58/CE.

*Airteagal 2*
*Sainmhínithe*

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'seirbhísí na sochaí faisnéise' seirbhísí de réir bhrí Airteagal 1(1)(b) de Threoir (AE) 2015/1535;

(b) ciallaíonn ‘faighteoir na seirbhíse’ aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach a úsáideann an tseirbhís idirghabhálach ábhartha;

(c) ciallaíonn ‘tomhaltóir’ aon duine nádúrtha atá ag gníomhú chun críocha atá lasmuigh de thrádáil, gnó nó gairm an duine sin;

(d) ciallaíonn ‘chun seirbhísí a thairiscint san Aontas’ é a chur ar a gcumas do dhaoine dlíthiúla nó nádúrtha i mBallstát amháin nó níos mó chun seirbhísí sholáthraí seirbhísí na sochaí faisnéise a bhfuil nasc substaintiúil aige leis an Aontas a úsáid; meastar gur ann do nasc substaintiúil den sórt sin i gcás ina bhfuil bunaíocht ag an soláthraí san Aontas; in éagmais bunaíocht den sórt sin, tá an measúnú ar nasc substaintiúil bunaithe ar chritéir fhíorasacha shonracha, amhail:

– líon suntasach úsáideoirí i mBallstát amháin nó níos mó; nó

– gníomhaíochtaí a spriocdhíriú i dtreo Ballstát amháin nó níos mó.

(e) ciallaíonn ‘trádálaí’ aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, gan beann ar cibé an bhfuil siad faoi úinéireacht phríobháideach nó phoiblí, atá ag feidhmiú, lena n-áirítear trí aon duine atá ag gníomhú ina ainm nó thar a cheann, chun críocha a bhaineann lena thrádáil, ghnólacht, cheird nó ghairm;

(f) ciallaíonn ‘seirbhís idirghabhálach’ ceann de na seirbhísí seo a leanas:

– ciallaíonn ‘cainéal fórach’ seirbhís ina gcuimsítear tarchur i líonra cumarsáide ar fhaisnéis arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse, nó soláthar rochtana ar líonra cumarsáide;

– seirbhís ‘taiscthe’ ina gcuimsítear tarchur i líonra cumarsáide ar fhaisnéis arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse, a bhaineann le stóráil uathoibríoch, idirmheánach agus shealadach na faisnéise sin, arna dhéanamh chun críche tarchur ar aghaidh na faisnéise chuig faighteoirí eile na seirbhíse arna iarraidh acu, a dhéanamh níos éifeachtúla;

– seirbhís ‘óstála’ ina gcuimsítear stóráil faisnéise arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse, agus arna iarraidh ag an bhfaighteoir sin;

(g) ciallaíonn ‘ábhar neamhdhleathach’ aon fhaisnéis nach bhfuil as féin ná trína thagairt do ghníomhaíocht, lena n-áirítear díolachán táirgí nó soláthar seirbhísí i gcomhréir le dlí an Aontais nó dlí Bhallstáit, gan beann ar ábhar beacht nó cineál an dlí sin;

(h) ciallaíonn ‘ardán ar líne’ soláthraí seirbhís óstála a stórálann agus a scaipeann ar an bpobal, ar iarraidh ó fhaighteoir na seirbhíse, faisnéis, murar mionghné agus gné choimhdeach amháin de sheirbhís eile atá sa ghníomhaíocht sin agus, ar chúiseanna teicniúla agus oibiachtúla, nach féidir é a úsáid gan an phríomhsheirbhís eile sin, agus nach bealach é comhtháthú na gné sin i seirbhís eile le dul timpeall ar infheidhmeacht an Rialacháin seo.

(i) ciallaíonn ‘scaipeadh ar an bpobal’ faisnéis a chur ar fáil go poiblí, arna iarraidh ag faighteoir na seirbhíse a sholáthair an fhaisnéis, chuig líon tríú páirtithe a d’fhéadfadh a bheith neamhtheoranta;

(j) ciallaíonn ‘cianchonradh’ conradh de réir bhrí Airteagal 2(7) de Threoir 2011/83/AE;

(k) ciallaíonn ‘comhéadan ar líne’ aon bhogearraí, lena n-áirítear suíomh gréasáin nó cuid de, agus feidhmchláir, lena n-áirítear feidhmchláir shoghluaiste;

(l) ciallaíonn 'Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha bunaíochta' Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an Bhallstáit ina bhfuil soláthraí seirbhíse idirghabhálaí bunaithe nó ina gcónaíonn a ionadaí dlí nó ina bhfuil a ionadaí dlí bunaithe;

(m) ciallaíonn 'Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha cinn scríbe' Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an Bhallstáit ina gcuirtear an tseirbhís idirghabhálach ar fáil;

(n) ciallaíonn 'fógraíocht' faisnéis a dearadh chun teachtaireacht duine dlítheanach nó duine nádúrtha a chur chun cinn, gan beann ar cibé an ndéantar sin chun críocha tráchtála nó neamhthráchtála, agus a thaispeántar ar ardán ar líne ar a chomhéadan ar líne in aghaidh luach saothair go sonrach chun an fhaisnéis sin a chur chun cinn;

(o) ciallaíonn 'córas moltóra' córas atá uathoibrithe go hiomlán nó uathoibrithe i bpáirt a úsáideann ardán ar líne chun faisnéis shonrach a mholadh d'fhaighteoirí na seirbhíse ina chomhéadan ar líne, lena n-áirítear de thoradh cuardaigh a thionscain an faighteoir nó ar shlí eile chun ord coibhneasta nó feiceálacht na faisnéise a thaispeántar a chinneadh;

(p) ciallaíonn 'modhnú ábhair' na gníomhaíochtaí a dtugann soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha fúthu atá dírithe ar ábhar neamhdhleathach nó faisnéis nach bhfuil comhoiriúnach lena dtéarmaí agus coinníollacha a bhrath, a shainaithint agus dul i ngleic leo, a sholáthraíonn faighteoirí na seirbhíse, lena n-áirítear bearta a dhéanamh a dhéanann difear d'infhaighteacht, sofheictheacht agus inrochtaineacht an ábhair neamhdhleathaigh nó na faisnéise sin, amhail an fhaisnéis sin a ísliú, rochtain uirthi a dhíchumasú, nó í a bhaint, nó cumas na bhfaighteoirí chun an fhaisnéis sin a sholáthar, amhail cuntas faighteora a fhoirceannadh nó a chur ar fionraí;

(q) ciallaíonn 'téarmaí agus coinníollacha' gach téarma agus coinníoll nó sonraíocht, gan beann ar a n-ainm nó a bhfoirm, lena rialaítear an caidreamh conarthach idir soláthraí na seirbhísí idirghabhálacha agus faighteoirí na seirbhísí.

## Caibidil II – Dliteanas soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha

*Airteagal 3*
*'Cainéal fórach'*

1. I gcás ina soláthraítear seirbhís sochaí faisnéise ina gcuimsítear tarchur i líonra cumarsáide ar fhaisnéis arna sholáthar ag faighteoir na seirbhíse, nó soláthar rochtana ar líonra cumarsáide, ní bheidh an soláthraí seirbhíse faoi dhliteanas an fhaisnéis a tharchuirtear, ar choinníoll:

   (a) nach dtionscnaíonn an soláthraí an tarchur;

   (b) nach roghnaíonn an soláthraí faighteoir an tarchuir; agus

   (c) nach roghnaíonn ná nach modhnaíonn an soláthraí an fhaisnéis atá sa tarchur.

2. Áirítear leis na gníomhartha tarchuir agus soláthair rochtana dá dtagraítear i mír 1 stóráil uathoibríoch, idirmheánach agus neamhbhuan na faisnéise arna tarchur a mhéid a tharlaíonn sé seo chun críche aonair an tarchur a dhéanamh sa líonra cumarsáide, agus ar choinníoll nach stóráiltear an fhaisnéis ar feadh aon tréimhse nach faide ná mar is gá go réasúnach don tarchur.

3. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo difear don fhéidearthacht do chúirt nó d'údarás riaracháin, i gcomhréir le córais dlí Ballstát, le héileamh ar an soláthraí seirbhíse deireadh a chur le sárú nó sárú a chosc.

*Airteagal 4*
*'Taisceadh'*

1. I gcás ina soláthraítear seirbhís na sochaí faisnéise ina gcuimsítear tarchur i líonra cumarsáide ar fhaisnéis arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse, ní bheidh an soláthraí seirbhíse faoi dhliteanas stóráil uathoibríoch, idirmheánach agus sealadach na faisnéise sin, arna dhéanamh chun críche tarchur ar aghaidh na faisnéise chuig faighteoirí eile na seirbhíse arna iarraidh acu, a dhéanamh níos éifeachtúla, ar choinníoll:

(a) nach modhnaíonn an soláthraí an fhaisnéis;

(b) go gcloíonn an soláthraí le coinníollacha maidir le rochtain na faisnéise;

(c) go gcloíonn an soláthraí leis na rialacha maidir le nuashonrú na faisnéise, a shonraítear ar bhealach a aithnítear go forleathan agus a úsáideann an tionscal;

(d) nach gcuireann an soláthraí isteach ar úsáid dhleathach na teicneolaíochta, a aithnítear go forleathan agus a úsáideann an tionscal, chun sonraí a fháil maidir le húsáid na faisnéise; agus

(e) go bhfeidhmíonn an soláthraí go pras chun an fhaisnéis atá stóráilte aige a bhaint nó a dhíchumasú tráth a bhfaigheann sé eolas iarbhír gur baineadh an fhaisnéis ag foinse tosaigh an tarchuir den líonra, nó gur díchumasaíodh rochtain ar an bhfaisnéis sin, nó gur ordaigh cúirt nó údarás riaracháin an bhaint nó an díchumasú sin.

2. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo difear don fhéidearthacht do chúirt nó d'údarás riaracháin, i gcomhréir le córais dlí Ballstát, le héileamh ar an soláthraí seirbhíse deireadh a chur le sárú nó sárú a chosc.

*Airteagal 5*
*Óstáil*

1. I gcás ina soláthraítear seirbhís na sochaí faisnéise ina gcuimsítear stóráil faisnéise arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse, ní bheidh an soláthraí seirbhíse faoi dhliteanas an fhaisnéis a stóráiltear arna iarraidh sin d'fhaighteoir na seirbhíse, ar choinníoll:

(a) nach bhfuil eolas iarbhír ag an soláthraí ar ghníomhaíocht neamhdhleathach nó ábhar neamhdhleathach agus, a mhéid a bhaineann le héilimh ar dhamáistí, nach bhfuil sé ar an eolas faoi fhíorais nó cúinsí ónar léir an ghníomhaíocht neamhdhleathach nó an t-ábhar neamhdhleathach; nó

(b) nuair a fhaigheann an soláthraí an t-eolas nó an fheasacht sin, go bhfeidhmíonn sé go tapa chun rochtain ar an ábhar neamhdhleathach a bhaint nó a dhíchumasú.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás ina bhfuil faighteoir na seirbhíse ag feidhmiú faoi údarás nó smacht an tsoláthraí.

3. Níl feidhm ag mír 1 maidir le dliteanas faoi dhlí um chosaint tomhaltóirí na n-ardán ar líne a cheadaíonn do thomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le trádálaithe, i gcás ina gcuireann ardán ar líne den sórt sin i láthair mír shonrach faisnéise nó ina gcumasaíonn sé ar bhealach eile an t-idirbheart sonrach atá i gceist ar bhealach a thabharfadh le fios don ghnáth-tomhaltóir a mbeadh eolas réasúnach aige go bhfuil an fhaisnéis, nó an táirge nó an tseirbhís is ábhar don idirbheart, á soláthar ag an

ardán ar líne féin nó ag faighteoir na seirbhíse atá ag feidhmiú faoina údarás nó faoina smacht.

4. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo difear don fhéidearthacht do chúirt nó d'údarás riaracháin, i gcomhréir le córais dlí Ballstát, le héileamh ar an soláthraí seirbhíse deireadh a chur le sárú nó sárú a chosc.

*Airteagal 6*
*Imscrúduithe deonacha féintionscnaimh agus comhlíonadh dlí*

Ní mheasfar go mbeidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha neamh- incháilithe do na díolúintí ó dhliteanas dá dtagraítear in Airteagail 3, 4 agus 5 mar gheall go ndéanann siad imscrúduithe féintionscnaimh deonacha nó gníomhaíochtaí eile atá dírithe ar ábhar neamhdhleathach a bhrath, a shainaithint agus a bhaint nó rochtain ar an ábhar sin a dhíchumasú, nó go ndéanann siad na bearta is gá chun ceanglais dlí an Aontais a chomhlíonadh, lena n- áirítear iad siúd a leagtar amach sa Rialachán seo.

*Airteagal 7*
*Gan oibleagáidí ginearálta faireacháin nó aimsithe fíoras gníomhacha*

Ní fhorchuirfear ar na soláthraithe sin aon oibleagáid ghinearálta chun faireachán a dhéanamh ar fhaisnéis arna tarchur nó arna stóráil ag soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, ná níor cheart go lorgóidís fíorais ná cúinsí go gníomhach a thugann gníomhaíocht neamhdhleathach le fios.

*Airteagal 8*
*Orduithe le gníomhú in aghaidh ábhar neamhdhleathach*

1. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha, ar ordú a fháil chun gníomhú in aghaidh mír shonrach d'ábhar neamhdhleathach, arna eisiúint ag na húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha nó riaracháin ábhartha, ar bhonn dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta is infheidhme, i gcomhréir le dlí an Aontais, an t-údarás a eisíonn an t-ordú a chur ar an eolas maidir leis an éifeacht a tugadh do na horduithe, gan moill mhíchuí, ina sonraítear an gníomh a glacadh agus an móimint ar glacadh an gníomh sin.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonann na horduithe dá dtagraítear i mír 1 na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá na gnéithe seo a leanas sna horduithe:

– ráiteas maidir leis na cúiseanna ina mínítear an chúis arb ábhar neamhdhleathach atá san fhaisnéis, trí thagairt d'fhoráil shonrach an Aontais nó an dlí náisiúnta a sáraíodh;

– aimsitheoir aonfhoirmeach acmhainne beacht amháin nó níos mó agus, i gcás inar gá, faisnéis bhreise lena mbítear in ann an t- ábhar neamhdhleathach lena mbaineann a shainaithint;

– faisnéis maidir leis an sásamh atá ar fáil do sholáthraí na seirbhíse agus d'fhaighteoir na seirbhíse a sholáthair an t- ábhar;

(b) ní sháraíonn raon feidhme críochach an ordaithe, ar bhonn na rialacha is infheidhme san Aontas agus an dlí náisiúnta, lena n-áirítear an Chairt, agus, i

gcás inarb ábhartha, prionsabail ghinearálta an dlí idirnáisiúnta, a mhéid atá riachtanach chun a chuspóir a bhaint amach;

(c) dréachtaítear an t-ordú sa teanga arna dearbhú ag an soláthraí agus seoltar chuig an bpointe teagmhála é, arna cheapadh ag an soláthraí, i gcomhréir le hAirteagal 10.

3. Tarchuirfidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha ó Bhallstát an údaráis bhreithiúnaigh nó riaracháin a eisíonn an t-ordú, gan moill mhíchuí, cóip de na horduithe dá dtagraítear i mír 1 chuig gach Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha eile tríd an gcóras a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 67.

4. Beidh na coinníollacha agus na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo gan dochar do na ceanglais faoin dlí nós imeachta coiriúil náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais.

### *Airteagal 9*
### *Orduithe chun faisnéis a sholáthar*

1. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha, ar ordú a fháil chun mír shonrach faisnéise a sholáthar maidir le faighteoir seirbhíse sonrach aonair amháin nó níos mó, arna eisiúint ag na húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha nó riaracháin ábhartha ar bhonn dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta is infheidhme, i gcomhréir le dlí an Aontais, an t-údarás a eisíonn an t-ordú a chur ar an eolas gan moill mhíchuí go bhfuarthas é agus an éifeacht a tugadh don ordú.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonann na horduithe dá dtagraítear i mír 1 na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá na gnéithe seo a leanas san ordú:

– ráiteas de na cúiseanna ina mínítear an cuspóir dá n- éilítear an fhaisnéis agus an chúis ar gá leis an gceanglas chun an fhaisnéis a sholáthar agus go bhfuil sé comhréireach le comhlíontacht faighteoirí na seirbhísí idirghabhálacha a chinneadh le rialacha is infheidhme de chuid an Aontais nó le rialacha náisiúnta, murar féidir ráiteas den sórt sin a sholáthar ar chúiseanna a bhaineann le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh;

– faisnéis maidir leis an sásamh atá ar fáil don soláthraí agus d'fhaighteoirí na seirbhíse lena mbaineann;

(b) ní éilítear san ordú ar an soláthraí ach amháin faisnéis a chur ar fáil atá bailithe cheana féin chun críocha an tseirbhís a sholáthar agus atá faoina smacht;

(c) dréachtaítear an t-ordú i dteanga arna dearbhú ag an soláthraí agus seoltar chuig an bpointe teagmhála é arna cheapadh ag an soláthraí sin, i gcomhréir le hAirteagal 10;

3. Tarchuirfidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha ó Bhallstát an údaráis bhreithiúnaigh nó riaracháin náisiúnta a eisíonn an t-ordú, gan moill mhíchuí, cóip den ordú dá dtagraítear i mír 1 chuig gach Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha tríd an gcóras a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 67.

4. Beidh na coinníollacha agus na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo gan dochar do na ceanglais faoin dlí nós imeachta coiriúil náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais.

# Caibidil III
# Oibleagáidí um dhícheall cuí i gcomhair timpeallacht thrédhearcach agus shábháilte ar líne

## Roinn 1
## Forálacha is infheidhme maidir le gach soláthraí seirbhísí idirghabhálacha

*Airteagal 10*
*Pointí teagmhála*

1. Bunóidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha pointe teagmhála aonair chun cumarsáid dhíreach a cheadú, trí mheán leictreonach, le húdaráis Bhallstáit, an Coimisiún agus an Bord dá dtagraítear in Airteagal 47 maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha an fhaisnéis ar fáil go poiblí, faisnéis is gá chun a bpointí teagmhála aonair a shainaithint agus cumarsáid a dhéanamh leo gan stró.

3. Sonróidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2, teanga nó teangacha oifigiúla an Aontais, ar féidir iad a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh lena bpointí teagmhála agus ina n-áireofar teanga oifigiúil amháin ar a laghad de chuid an Bhallstáit ina bhfuil a phríomh-bhunaíocht ag soláthraí na seirbhísí idirghabhálacha nó san áit ina gcónaíonn a ionadaí dlí nó ina bhfuil sé bunaithe.

*Airteagal 11*
*Ionadaithe dlí*

1. Ainmneoidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha nach bhfuil bunaíocht acu san Aontas ach a thairgeann seirbhísí san Aontas, i scríbhinn, duine dlítheanach nó duine nádúrtha ina n-ionadaí dlí i gceann amháin de na Ballstáit ina dtairgeann an soláthraí a sheirbhísí.

2. Sannfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha a n-ionadaithe dlí ionas go ndéanfaidh údaráis an Bhallstáit, an Coimisiún agus an Bord teagmháil leo mar aon leis an soláthraí nó in ionad an tsoláthraí maidir le gach saincheist is gá chun cinntí arna n-eisiúint i ndáil leis an Rialachán seo a fháil, a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá dá n-ionadaí dlí chun dul i gcomhar le húdaráis na mBallstát, leis an gCoimisiún agus leis an mBord agus na cinntí sin a chomhlíonadh.

3. Is féidir leis an ionadaí dlí ainmnithe a bheith faoi dhliteanas mar gheall ar oibleagáidí neamhchomhlíonta faoin Rialachán seo, gan dochar don dliteanas ná do chaingne dlí a d’fhéadfaí a thionscnamh in aghaidh soláthraí na seirbhísí idirghabhálacha.

4. Cuirfidh soláthraithe na seirbhísí idirghabhálacha ainm, seoladh, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin a n-ionadaí dlí in iúl don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha sa Bhallstát ina gcónaíonn an t-ionadaí dlí sin nó ina bhfuil sé bunaithe. Áiritheoidh siad go bhfuil an fhaisnéis cothrom le dáta.

5. Ní bheidh ainmniúchán ionadaí dlí laistigh den Aontas de bhun mhír 1 ionann le bunaíocht san Aontas.

*Airteagal 12*
*Téarmaí agus coinníollacha*

1. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha faisnéis san áireamh maidir le haon srianta a fhorchuireann siad i ndáil leis an úsáid a bhaineann siad as an tseirbhís i leith faisnéis arna soláthar ag faighteoirí na seirbhíse, ina dtéarmaí agus coinníollacha. Áireofar ar an bhfaisnéis sin faisnéis maidir le haon bheartais, nósanna imeachta, bearta agus uirlisí a úsáidtear chun críche modhnú ábhair, lena n-áirítear cinnteoireacht algartamach agus athbhreithniú daonna. Leagfar amach é i dteanga shoiléir agus gan débhrí agus beidh sí ar fáil go poiblí i bhformáid a bheidh inrochtana go héasca.

2. Feidhmeoidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ar bhealach dícheallach, oibiachtúil agus comhréireach chun na srianta dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú, agus aird chuí ar chearta agus leasanna dlisteanacha gach páirtí lena mbaineann, lena n-áirítear na cearta bunúsacha is infheidhme maidir le faighteoirí na seirbhíse mar a chumhdaítear sa Chairt.

*Airteagal 13*
*Oibleagáidí maidir le tuairisciú trédhearcach do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha*

1. Foilseoidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, uair sa bhliain ar a laghad, tuarascálacha soiléire, intuigthe agus mionsonraithe maidir le haon ábhar modhnaithe ar thug siad faoi i rith na tréimhse ábhartha. Áireofar sna tuarascálacha sin, go háirithe, faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas, de réir mar is infheidhme:

   (a) an líon orduithe a fhaightear ó údaráis Bhallstáit, arna gcatagóiriú de réir chineál an ábhair neamhdhleathaigh lena mbaineann, lena n-áirítear orduithe arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9, agus an meánam a theastaíonn chun an ghníomhaíocht arna sonrú sna horduithe sin a ghlacadh;

   (b) an líon fógraí arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 14, arna gcatagóiriú de réir chineál an ábhair neamhdhleathaigh lena mbaineann, aon ghníomhaíocht a glacadh de bhun na bhfógraí trí dhifreáil a dhéanamh idir cibé a glacadh an ghníomhaíocht ar bhonn an dlí nó théarmaí agus ar bhonn choinníollacha an tsoláthraí nó nár glacadh, agus an meánam a theastaíonn chun an ghníomhaíocht sin a ghlacadh;

   (c) an modhnú ábhair ar tugadh faoi de thionscnamh na soláthraithe féin, lena n-áirítear líon agus cineál na mbeart a dhéanann difear d’infhaighteacht, sofheictheacht agus inrochtaineacht na faisnéise arna soláthar ag faighteoirí na seirbhísí agus cumas na bhfaighteoirí faisnéis a sholáthar, arna chatagóiriú de réir cineál na cúise agus an bhunúis a bhí leis na bearta sin a ghlacadh;

   (d) an líon gearán a fuarthas tríd an gcóras inmheánach um láimhseáil gearán dá dtagraítear in Airteagal 17, an bunús atá leis na gearáin sin, cinntí arna nglacadh i ndáil leis na gearáin sin, an meánam a theastaíonn chun na cinntí sin a ghlacadh agus an líon cásanna inar aisiompaíodh na cinntí sin.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha a cháilíonn mar mhicrifhiontair nó mar fhiontair bheaga de réir bhrí na hIarscríbhinne a ghabhann le Moladh 2003/361/CE.

## ROINN 2
## FORÁLACHA BREISE IS INFHEIDHME MAIDIR LE SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ ÓSTÁLA, LENA N- ÁIRÍTEAR ARDÁIN AR LÍNE

### *Airteagal 14*
### *Sásraí fógra agus gníomhaíochta*

1. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí óstála sásraí i bhfeidhm chun ceadú d'aon duine aonair nó eintiteas iad a chur ar an eolas go bhfuil míreanna sonracha faisnéise a mheasann an duine aonair nó an t-eintiteas a bheith ina ábhar neamhdhleathach ar a seirbhís. Beidh na sásraí sin éasca le rochtain, furasta a úsáid, agus ba cheart go gceadódh siad fógraí a chur isteach trí mheán leictreonach amháin.

2. Beidh na sásraí dá dtagraítear i mír 1 amhlaidh ionas go n-éascóidh siad fógraí a bhfuil bunús leo atá beacht agus oiriúnach go leordhóthanach a chur isteach, ar an mbonn gur féidir le hoibreoir eacnamaíoch dícheallach neamhdhleathacht an ábhair atá i gceist a shainaithint. Chuige sin, glacfaidh na soláthraithe na bearta is gá chun cur isteach fógraí ina bhfuil na gnéithe seo a leanas ar fad a chumasú agus a éascú:

(a) míniú ar na cúiseanna go measann an duine aonair nó an t-eintiteas gur ábhar neamhdhleathach atá san fhaisnéis atá i gceist;

(b) léiriú soiléir de láthair leictreonach na faisnéise sin, go háirithe an URL beacht nó URLanna beachta, agus, i gcás inar gá faisnéis bhreise a chumasaíonn sainaithint an ábhair neamhdhleathaigh;

(c) ainm agus seoladh ríomhphoist an duine aonair nó an eintitis a bhfuil an fógra a chur isteach aige, seachas i gcás faisnéis a mheastar go mbaineann ceann de na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 go 7 de Threoir 2011/93/AE leis;

(d) ráiteas ina ndeimhnítear go gcreideann an duine aonair nó an t-eintiteas a bhfuil an fógra á chur isteach aige de mheon macánta go bhfuil an fhaisnéis agus na líomhaintí atá ann beacht agus iomlán.

3. Measfar go n-eascróidh eolas nó feasacht iarbhír chun críocha Airteagal 5 i leith na míre faisnéise sonraí lena mbaineann as fógraí ina n-áirítear na gnéithe dá dtagraítear i mír 2.

4. I gcás ina bhfuil ainm agus seoladh ríomhphoist an duine aonair nó an eintitis a sheol isteach é san fhógra, seolfaidh an soláthraí seirbhísí óstála admháil deimhnithe go pras maidir leis an bhfógra chuig an duine aonair nó an eintiteas sin.

5. Tabharfaidh an soláthraí fógra freisin, gan moill mhíchuí, don duine aonair nó don eintiteas sin i leith na faisnéise lena mbaineann an fógra, ag soláthar faisnéise maidir leis na féidearthachtaí sásaimh i leith an chinnidh sin.

6. Déanfaidh na soláthraithe seirbhísí óstála aon fhógraí a fhaigheann siad faoi na sásraí dá dtagraítear i mír 1 a phróiseáil, agus glacfaidh siad lena gcinntí i leith na faisnéise lena mbaineann na fógraí, ar bhealach tráthúil, dícheallach agus oibiachtúil. I gcás ina n-úsáideann siad modh uathoibrithe don phróiseáil nó don chinnteoireacht sin, áireofar iontu faisnéis maidir leis an úsáid sin san fhógra dá dtagraítear i mír 4.

*Airteagal 15*
*Ráiteas cúiseanna*

1. I gcás ina gcinneann soláthraí seirbhísí óstála rochtain ar mhíreanna faisnéise sonracha arna soláthar ag faighteoirí na seirbhíse a bhaint nó a dhíchumasú, d'ainneoin na bealaí a úsáideadh chun rochtain ar an bhfaisnéis sin a bhrath, a shainaithint nó a bhaint nó a dhíchumasú agus an chúis lena chinneadh, cuirfidh sé an faighteoir ar an eolas, ar a dhéanaí tráth a bhaintear nó a dhíchumasaítear an rochtain, maidir lena chinneadh agus tabharfaidh sé ráiteas cúiseanna soiléir agus sonrach leis an gcinneadh sin.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa ráiteas cúiseanna dá dtagraítear i mír 1:

   (a) cibé acu an mbaineann an cinneadh le baint, nó díchumasú rochtana ar an bhfaisnéis agus, i gcás inarb ábhartha, raon feidhme críochach dhíchumasú na rochtana;

   (b) na fíorais agus na cúinsí a mbraitear orthu agus an cinneadh á ghlacadh, lena n-áirítear i gcás inarb ábhartha cibé ar glacadh an cinneadh de bhun fógra arna chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 14;

   (c) i gcás inarb infheidhme, faisnéis maidir le húsáid modhanna uathoibríocha chun an cinneadh a ghlacadh, lena n-áirítear i gcás inar glacadh leis an gcinneadh i leith ábhar a braitheadh nó a sainaithníodh le modhanna uathoibríocha;

   (d) i gcás ina mbaineann an cinneadh le hábhar a líomhnaítear a bheith neamhdhleathach, tagairt don fhoras dlí ar ar braitheadh agus mínithe maidir leis an gcúis a mheastar an fhaisnéis a bheith ina ábhar neamhdhleathach ar an bhforas sin;

   (e) i gcás ina bhfuil an cinneadh bunaithe ar neamhoiriúnacht líomhnaithe na faisnéise le téarmaí agus coinníollacha an tsoláthraí, tagairt don fhoras dlí ar ar braitheadh agus mínithe maidir leis an gcúis a mheastar an fhaisnéis a bheith ina ábhar neamhoiriúnach leis an bhforas sin;

   (f) faisnéis maidir leis na féidearthachtaí sásaimh atá ar fáil d'fhaighteoir na seirbhíse i leith an chinnidh, go háirithe trí na sásraí inmheánacha um láimhseáil gearáin, réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt agus sásamh breithiúnach.

3. Beidh an fhaisnéis arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí óstála i gcomhréir leis an Airteagal seo soiléir agus intuigthe agus chomh beacht agus chomh sonrach agus is féidir go réasúnach sna himthosca reatha. Beidh an fhaisnéis amhlaidh, go háirithe, ionas go gceadóidh sí go réasúnach d'fhaighteoir na seirbhíse lena mbaineann na féidearthachtaí sásaimh dá dtagraítear i bpointe (f) de mhír 2 a fheidhmiú go héifeachtach.

4. Foilseoidh soláthraithe seirbhísí óstála na cinntí agus na ráitis chúiseanna, dá dtagraítear i mír 1 i mbunachar sonraí a bheidh ar fáil go poiblí agus a bhainisteoidh an Coimisiún. Ní bheidh sonraí pearsanta san fhaisnéis sin.

## CUID 3
## FORÁLACHA BREISE IS INFHEIDHME MAIDIR LE HARDÁIN AR LÍNE

*Airteagal 16*
*Eisiamh do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga*

Ní bheidh feidhm ag an Roinn seo maidir le hardáin ar líne a cháilíonn mar mhicrifhiontair nó mar fhiontair bheaga de réir bhrí na hIarscríbhinne a ghabhann le Moladh 2003/361/CE.

*Airteagal 17*
*Córas inmheánach um láimhseáil gearán*

1. Soláthróidh ardáin ar líne d'fhaighteoirí na seirbhíse, ar feadh tréimhse sé mhí ar a laghad tar éis an chinnidh dá dtagraítear sa mhír seo, an rochtain ar chóras éifeachtach inmheánach um láimhseáil gearán, a chumasaíonn do na gearáin a sheoladh isteach go leictreonach agus saor in aisce, in aghaidh na gcinntí seo a leanas a ghlac an t-ardán ar líne ar an bhforas gur dóchúil go bhfuil an fhaisnéis arna soláthar ag na faighteoirí ina ábhar neamhdhleathach nó nach bhfuil sé comhoiriúnach lena théarmaí agus coinníollacha:

   (a) cinntí chun rochtain ar an bhfaisnéis a bhaint nó a dhíchumasú;

   (b) cinntí chun soláthar seirbhíse a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, ar an iomlán nó i bpáirt, do na faighteoirí;

   (c) cinntí chun cuntas faighteoirí a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh.

2. Áiritheoidh na hardáin ar líne go bhfuil a gcórais inmheánacha um láimhseáil gearán éasca le rochtain, furasta a úsáid agus go gcumasaíonn agus go n-éascaíonn iad gearáin atá beacht go leordhóthanach agus a bhfuil bunús leordhóthanach leo a sheoladh isteach.

3. Láimhseálfaidh na hardáin ar líne gearáin trína gcóras inmheánach um láimhseáil gearán, agus déanfaidh siad é sin ar bhealach tráthúil, dícheallach agus oibiachtúil. I gcás ina bhfuil forais leordhóthanacha ag baint le gearán le go measfadh an t-ardán ar líne nach bhfuil an fhaisnéis lena mbaineann an gearán neamhdhleathach agus nach bhfuil sé neamhoiriúnach lena théarmaí agus coinníollacha, nó go bhfuil faisnéis ann a thugann le fios nach gá an tseirbhís nó an cuntas a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, aisiompóidh sé a chinneadh dá dtagraítear i mír 1 gan moill mhíchuí.

4. Cuirfidh na hardáin ar líne gearánaithe ar an eolas gan moill mhíchuí faoin gcinneadh a ghlac siad i leith na faisnéise lena mbaineann an gearán agus cuirfidh siad gearánaithe ar an eolas faoin bhféidearthacht maidir le réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt dá bhforáiltear in Airteagal 18 agus aon fhéidearthachtaí sásaimh eile atá ar fáil.

5. Áiritheoidh na hardáin ar líne nach nglactar na cinntí, dá dtagraítear i mír 4, ar bhonn modhanna uathoibrithe amháin.

*Airteagal 18*
*Réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt*

1. Beidh faighteoirí na seirbhíse a dtéann na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 17(1) i ngleic léi, i dteideal aon díospóid lasmuigh den chúirt a roghnú a deimhníodh i gcomhréir le mír 2 chun díospóidí a bhaineann leis na cinntí sin a réiteach, lena

n-áirítear gearáin nach bhféadfaí a réiteach trí bhíthin an chórais inmheánaigh um láimhseáil gearán dá dtagraítear san Airteagal sin. Rachaidh na hardáin ar líne i ngleic, de mheon macánta, leis an gcomhlacht a roghnaíodh d'fhonn an díospóid a réiteach agus beidh sé faoi cheangal ag aon chinneadh a ghlacann an comhlacht.

Tá an chéad fhomhír gan dochar do cheart an fhaighteora lena mbaineann sásamh a fháil in aghaidh an chinnidh os comhair cúirte i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

2. Deimhneoidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an Bhallstáit ina bhfuil an comhlacht um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt bunaithe, ar iarraidh ón gcomhlacht sin, i gcás ina bhfuil sé léirithe ag an gcomhlacht go gcomhlíonann sé na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) tá sé neamhchlaonta agus neamhspleách ar ardáin ar líne agus ar fhaighteoirí na seirbhíse arna soláthar ag na hardáin ar líne;

(b) tá an saineolas is gá aige i ndáil leis na saincheisteanna a thagann chun cinn i réimse amháin, nó i níos mó ná réimse amháin, d'ábhar neamhdhleathach, nó i ndáil le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú téarmaí agus coinníollacha de chineál amháin ardán ar líne, nó níos mó ná cineál amháin ardán ar líne, ag ceadú don chomhlacht cuidiú go héifeachtach le réiteach díospóidí;

(c) tá rochtain éasca ar an réiteach díospóidí trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí;

(d) tá sé ábalta díospóid a réiteach ar bhealach tapa, éifeachtúil agus costéifeachtach agus i dteanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais ar a laghad;

(e) déantar an díospóid a réiteach i gcomhréir le rialacha nós imeachta soiléire agus cothroma.

Sonróidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha, i gcás inarb infheidhme, na saincheisteanna ar leith lena mbaineann saineolas an chomhlachta ar an deimhniú agus an teanga oifigiúil nó na teangacha oifigiúla de chuid an Aontais inar féidir leis an gcomhlacht díospóidí a réiteach, dá dtagraítear i bpointí (b) agus (d) den chéad fhomhír, faoi seach.

3. Má chinneann an comhlacht an díospóid a réiteach i bhfabhar fhaighteoir na seirbhíse, aisíocfaidh an t-ardán ar líne aon táille agus costais réasúnacha eile a d'íoc an faighteoir nó a chaithfidh sé a íoc i ndáil le réiteach na díospóide, leis an bhfaighteoir. Má chinneann an comhlacht an díospóid a réiteach i bhfabhar an ardáin ar líne, ní bheidh gá don fhaighteoir aon táillí ná costais réasúnacha eile a d'íoc an t-ardán ar líne nó a chaithfidh sé a íoc i ndáil le réiteach na díospóide, a aisíoc.

Beidh na táillí a ghearrfaidh an comhlacht maidir leis an díospóid réasúnach agus ní sháróidh siad na costais a bhain leis an díospóid in aon chás.

Cuirfidh comhlachtaí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt na táillí, nó na sásraí a úsáideadh chun na táillí a shocrú, in iúl d'fhaighteoir na seirbhísí agus don ardán ar líne lena mbaineann sula dtosóidh siad ar réiteach na díospóide.

4. Féadfaidh na Ballstáit comhlachtaí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt a bhunú chun críocha mhír 1 nó tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí roinnt comhlachtaí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt nó iad ar fad atá deimhnithe acu i gcomhréir le mír 2.

Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanann aon cheann de na gníomhaíochtaí a dhéantar faoin gcéad fhomhír difear do chumas a gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha na comhlachtaí lena mbaineann a dheimhniú i gcomhréir le mír 2.

5. Tabharfaidh Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha fógra don Choimisiún faoi na comhlachtaí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt atá deimhnithe acu i gcomhréir le mír 2, lena n-áirítear i gcás inarb infheidhme na sonraíochtaí dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír sin. Foilseoidh an Coimisiún liosta de na comhlachtaí sin, lena n-áirítear na sonraíochtaí sin, ar shuíomh gréasáin tiomnaithe, agus coinneoidh sé an suíomh gréasáin sin cothrom le dáta.

6. Tá an tAirteagal seo gan dochar do Threoir 2013/11/AE agus nósanna imeachta malartacha um réiteach díospóidí agus eintitis le haghaidh tomhaltóirí a bhunaítear faoin Treoir sin.

*Airteagal 19*
*Comharthóirí iontaofa*

1. Déanfaidh ardáin ar líne na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá chun a áirithiú go ndéanfar fógraí arna gcur isteach ag comharthóirí iontaofa trí na sásraí dá dtagraítear in Airteagal 14 a phróiseáil agus go ndéanfar cinneadh ina leith mar thosaíocht agus gan mhoill.

2. Bronnfaidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an Bhallstáit ina bhfuil an t-iarratasóir bunaithe, stádas na gcomharthóirí iontaofa faoin Rialachán seo, ar iarratas ó eintitis ar bith, i gcás inar léirigh an t-iarratasóir go gcomhlíonann sé gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá saineolas agus inniúlacht shonrach aige chun críocha ábhar neamhdhleathach a bhrath, a shainaithint agus fógra a thabhairt ina leith;

(b) léiríonn sé leasa comhchoiteann agus tá sé neamhspleách ar aon ardán ar líne;

(c) tugann sé faoina ghníomhaíochtaí chun críocha fógraí a chur isteach ar bhealach tráthúil, dícheallach agus oibiachtúil.

3. Cuirfidh na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha ainmneacha, seoltaí agus seoltaí ríomhphoist na n-eintiteas ar a bhronn siad stádas mar chomharthóirí iontaofa orthu i gcomhréir le mír 2 in iúl don Choimisiún agus don Bhord.

4. Foilseoidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 i mbunachar sonraí a bheidh ar fáil go poiblí agus coinneoidh sé an bunachar sonraí sin cothrom le dáta.

5. I gcás ina bhfuil faisnéis ag ardán ar líne a léiríonn gur chuir comharthóir iontaofa líon suntasach fógraí nach bhfuil sách beacht ná leorbhunaithe trí na sásraí dá dtagraítear in Airteagal 14, lena n-áirítear faisnéis a bailíodh i ndáil le próiseáil gearán tríd na córais inmheánacha um láimhseáil gearán dá dtagraítear in Airteagal 17(3), cuirfidh sé an fhaisnéis sin in iúl don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a bhronn an stádas sin mar chomharthóir iontaofa ar an eintiteas lena mbaineann, ag cur na míniúcháin agus na doiciméid tacaíochta is gá ar fáil.

6. Déanfaidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a bhronn an stádas mar chomharthóir iontaofa an stádas sin a chúlghairm má chinneann sé, tar éis imscrúdaithe ar a thionscnamh féin nó ar bhonn faisnéise a fuarthas ó thríú páirtithe, lena n-áirítear an fhaisnéis a chuir ardán ar líne ar fáil de bhun mír 5, nach gcomhlíonann an t-eintiteas sin na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 a thuilleadh.

Sula ndéanfar an stádas sin a chúlghairm, tabharfaidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha deis don eintiteas freagairt ar thorthaí a imscrúdaithe agus ar a rún stádas an eintitis mar chomharthóir iontaofa a chúlghairm

7. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord, treoraíocht a eisiúint chun cúnamh a thabhairt d'ardáin ar líne agus do Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha le cur i bhfeidhm mhír 5 agus 6.

*Airteagal 20*
*Bearta agus cosaint in aghaidh mí- úsáid*

1. Cuirfidh na hardáin ar líne soláthar a gcuid seirbhísí ar fionraí d'fhaighteoirí na seirbhíse a chuireann ábhar ar follasach go bhfuil sé neamhdhleathach ar fáil go minic, ar feadh tréimhse réasúnach ama tar éis réamhfhógra a thabhairt.

2. Cuirfidh ardáin ar líne próiseáil fógraí agus gearán arna gcur isteach trí na sásraí gníomhaíochta agus fógra agus na córais inmheánacha um láimhseáil gearán dá dtagraítear in Airteagail 14 agus 17, faoi seach, maidir le fógraí nó gearáin ar follasach gur fógraí nó gearáin gan bhunús iad arna gcur isteach go minic ag daoine aonair nó eintitis nó gearánaigh, ar fionraí ar feadh tréimhse réasúnach ama tar éis réamhfhógra a thabhairt.

3. Déanfaidh ardáin ar líne measúnú, ar bhonn cás ar chás agus ar bhealach tráthúil, dícheallach agus oibiachtúil, ar cibé an ngabhann an faighteoir, an duine aonair, an t-eintiteas nó an gearánach don mhí-úsáid dá dtagraítear i mír 1 agus 2, ag cur na bhfíoras agus na gcoinníollacha uile ábhartha is léir ón bhfaisnéis atá ar fáil don ardán ar líne san áireamh. Áireofar na míreanna seo a leanas ar a laghad sna coinníollacha sin:

(a) dearbh-líon na nithe d'ábhar ar follasach gurb ábhar neamhdhleathach é nó fógraí nó gearáin ar follasach gur fógraí nó gearáin gan bhunús iad, a cuireadh isteach le bliain anuas;

(b) cion coibhneasta na nithe sin i ndáil leis an líon iomlán nithe faisnéise a cuireadh ar fáil nó fógraí a cuireadh isteach le bliain anuas;

(c) tromchúis na mí-úsáide agus na hiarmhairtí a bhaineann léi;

(d) rún an fhaighteora, an duine aonair an eintitis nó an ghearánaigh.

4. Leagfaidh ardáin ar líne a mbeartas maidir leis an mí-úsáid dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 amach, ar bhealach soiléir agus mionsonraithe, ina dtéarmaí agus coinníollacha, lena n-áirítear na fíorais agus na tosca a chuireann siad san áireamh nuair a dhéanann siad measúnú ar cibé an mí-úsáid é iompraíocht áirithe agus fad na fionraíochta.

*Airteagal 21*
*Fógra i ndáil le hamhras faoi chionta coiriúla*

1. I gcás ina dtugann ardán ar líne faoi deara go bhfuil aon fhaisnéis is siocair le hamhras gur tharla cion tromchúiseach coiriúil lenar bhain bagairt do shaol nó do shábháilteacht daoine, nó go bhfuil cion den sórt sin ag tarlú nó gur dóigh go dtarlóidh sé, cuirfidh sé údaráis fhorfheidhmithe dlí nó bhreithiúnacha an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann ar an eolas faoina amhras agus soláthróidh sé an fhaisnéis ábhartha uile.

2. I gcás nach féidir leis an ardán ar líne an Ballstát lena mbaineann a shainaithint le deimhneacht réasúnta, cuirfidh sé údaráis forfheidhmithe dlí an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe nó ina bhfuil a ionadaí dlíthiúil ar an eolas nó cuirfidh sé Europol ar an eolas.

Chun críche an Airteagail seo, is é an Ballstát a bhfuil amhras gur tharla an cion ann an Ballstát lena mbaineann, nó ina bhfuil an cion a bhfuil amhras faoi ag tarlú nó gur dóigh go dtarlóidh sé, nó an Ballstát ina bhfuil an duine faoi amhras ina chónaí nó lonnaithe, nó an Ballstát ina bhfuil íospartach an chiona amhrasta ina chónaí nó lonnaithe.

*Airteagal 22*
*Inrianaitheacht trádálaithe*

1. I gcás ina gceadaíonn ardán ar líne do thomhaltóirí cianchonarthaí a chur i gcrích le trádálaithe, áiritheoidh sé nach féidir le trádálaithe a sheirbhísí a úsáid ach chun teachtaireachtaí a chur chun cinn nó chun táirgí nó seirbhísí a thairiscint do thomhaltóirí atá lonnaithe san Aontas má tá an faisnéis seo a leanas faighte ag an ardán ar líne sula mbaineann sé úsáid as a sheirbhísí:

(a) ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an trádálaí;

(b) cóip de dhoiciméad aitheantais an trádálaí nó aon aitheantas leictreonach eile mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50];

(c) sonraí chuntas bainc an trádálaí, i gcás gur duine nádúrtha é an trádálaí;

(d) ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an oibreora eacnamaíoch, de réir bhrí Airteagal 3(13) agus Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51] nó aon ionstraim ábhartha de dhlí an Aontais;

(e) i gcás ina bhfuil an trádálaí cláraithe i gclár trádála nó i gclár poiblí den chineál céanna, an clár trádála ar a bhfuil an trádálaí cláraithe agus a chláruimhir, nó modh coibhéiseach aitheantais an chláir sin;

(f) féindeimhniúchán ón trádálaí ina ngabhann sé air féin gan ach táirgí nó seirbhísí a chomhlíonann na rialacha is infheidhme de dhlí an Aontais a thairiscint.

2. Déanfaidh an t-ardán ar líne, tar éis dó an fhaisnéis sin a fháil, iarrachtaí réasúnta chun a mheasúnú an bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a), (d) agus (e) de mhír 1 iontaofa trí aon bhunachar sonraí oifigiúil ar líne a bhfuil rochtain saor in aisce air nó comhéadan ar líne a sholáthraíonn Ballstát nó an tAontas a úsáid nó trí iarrataí a dhéanamh leis an trádálaí doiciméid tacaíochta ó fhoinsí iontaofa a sholáthar.

[50] Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh- shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh- idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n- aisghairtear Treoir 1999/93/CE

[51] Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh agus comhlíontacht táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).

3. I gcás ina léirítear d'ardán ar líne go bhfuil aon phíosa faisnéise dá dtagraítear i mír 1 a fuarthas ón trádálaí lena mbaineann míchruinn nó neamhiomlán, iarrfaidh an t-ardán sin ar an trádálaí an fhaisnéis a cheartú a mhéid is gá chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis uile cruinn agus iomlán, gan mhoill nó laistigh den tréimhse ama arna leagan síos ag an Aontas agus sa dlí náisiúnta.

I gcás go mainníonn ar an trádálaí an fhaisnéis sin a cheartú nó nach líonann sé isteach í, cuirfidh an t- ardán ar líne soláthar a sheirbhíse don trádálaí ar fionraí go dtí go gcomhlíonfar an iarraidh sin.

4. Stórálfaidh an t-ardán ar líne an fhaisnéis a fhaightear de bhun mhír 1 agus 2 ar bhealach slán fad a mhairfidh a gcaidreamh conarthach leis an trádálaí lena mbaineann. Scriosfaidh siad an fhaisnéis ina dhiaidh sin.

5. Gan dochar do mhír 2, ní nochtfaidh an t-ardán an fhaisnéis do thríú páirtithe ach amháin i gcás ina gceanglaítear air sin a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, lena n-áirítear na horduithe dá dtagraítear in Airteagal 9 agus aon orduithe eile arna n-eisiúint ag údaráis inniúla na mBallstát nó an Coimisiún chun a gcúraimí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo.

6. Cuirfidh an t-ardán ar líne an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a), (d), (e) agus (f) de mhír 1 ar fáil d'fhaighteoirí na seirbhíse, ar bhealach soiléir, inrochtana agus intuigthe.

7. Dearfaidh agus eagróidh an t-ardán ar líne a chomhéadan ar líne ar bhealach a chuireann ar a gcumas do thrádálaithe a gcuid oibleagáidí maidir le faisnéis réamh-chonarthach agus faisnéis sábháilteachta táirgí a chomhlíonadh faoin dlí is infheidhme san Aontas.

*Airteagal 23*

*Oibleagáidí maidir le tuairisciú trédhearcachta do sholáthraithe ardán ar líne*

1. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 13, cuirfidh ardáin ar líne an fhaisnéis maidir leis an méid seo a leanas san áireamh sna tuarascálacha dá dtagraítear san Airteagal sin:

(a) an líon díospóidí arna gcur faoi bhráid na gcomhlachtaí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt dá dtagraítear in Airteagal 18, torthaí an réitigh díospóide agus an mheántréimhse ama a theastóidh chun na nósanna imeachta um réiteach díospóidí a chur i gcrích;

(b) an líon fionraíochtaí arna bhforchur de bhun Airteagal 20, ag déanamh idirdhealú idir fionraíochtaí a achtaíodh as ábhar ar follasach gurb ábhar neamhdhleathach é a sholáthar, fógraí ar follasach gur fógraí gan bhunús iad a chur isteach agus gearáin ar follasach gur gearáin gan bhunús iad a chur isteach;

(c) aon úsáid a baineadh as modh uathoibríoch chun críche modhnaithe ábhair, lena n-áirítear sonraíocht maidir le cuspóirí beachta agus táscairí cruinnis an mhodha uathoibríoch chun na críocha sin a chomhlíonadh agus aon choimircí a cuireadh i bhfeidhm.

2. Foilseoidh na hardáin ar líne, uair amháin ar a laghad gach sé mhí, faisnéis maidir le meán-líon faighteoirí gníomhacha míosúla na seirbhíse i ngach Ballstát, arna ríomh mar mheán thar an tréimhse sé mhí anuas, i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun Airteagal 25(2).

3. Cuirfidh na hardáin ar líne an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 in iúl don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta ar iarraidh uaidh, agus beidh an fhaisnéis sin cothrom le dáta tráth a gheofar an iarraidh sin. Féadfaidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha sin a cheangal ar an ardán ar líne faisnéis bhreise a sholáthar a mhéid a bhaineann leis an ríomh dá dtagraítear sa mhír sin, lena n-áirítear míniúcháin agus bunús i leith na sonraí a úsáideadh. Ní bheidh sonraí pearsanta mar chuid den fhaisnéis sin.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun teimpléid a leagan síos maidir le foirm, ábhar agus mionsonraí eile tuarascálacha de bhun mhír 1.

*Airteagal 24*
*Trédhearcacht fógraíochta ar líne*

Déanfaidh na hardáin ar líne a thaispeánann fógraíocht ar a gcomhéadain ar líne a áirithiú gur féidir le faighteoirí na seirbhíse an méid seo a leanas a shainaithint, le haghaidh gach fógrán sonrach a thaispeántar do gach faighteoir aonair, ar bhealach soiléir, gan débhrí agus i bhfíor- am:

(a) gur fógrán é an fhaisnéis a thaispeántar;

(b) an duine nádúrtha nó duine dlítheanach a bhfuil an fógra á thaispeáint thar a cheann;

(c) faisnéis bhríoch faoi na príomhpharaiméadair a úsáideadh chun na faighteoirí dá dtaispeánfar an fógrán a chinneadh.

## ROINN 4
## OIBLEAGÁIDÍ BREISE D'ARDÁIN AN- MHÓR AR LÍNE CHUN RIOSCAÍ SISTÉAMACHA A BHAINISTIÚ

*Airteagal 25*
*Ardáin an- mhór ar líne*

1. Beidh feidhm ag an Roinn seo maidir le hardáin ar líne a chuireann a seirbhísí ar fáil do mheánlíon faighteoirí gníomhacha míosúla na seirbhíse san Aontas atá cothrom le 45 mhilliún nó níos airde, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 3.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 69 chun meánlíon faighteoirí gníomhacha míosúla na seirbhíse san Aontas dá dtagraítear i mír 1 a choigeartú, i gcás ina dtagann méadú nó laghdú 5 % ar dhaonra an Aontais i gcomparáid lena dhaonra in 2020 nó, i ndiaidh leasaithe trí bhíthin gníomh tarmligthe, ar a dhaonra sa bhliain inar glacadh leis an ngníomh tarmligthe is déanaí. Sa chás sin, leasóidh sé an uimhir go mbeadh sé cothrom le 10 % de dhaonra an Aontais sa bhliain inar ghlac sé leis an ngníomh tarmligthe, agus déanfar an méid a shlánú suas nó síos ionas go mbeifear in ann an uimhir a léiriú mar mhilliún.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 69, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord, chun modheolaíocht shonrach a leagan síos chun meánlíon faighteoirí gníomhacha míosúla na seirbhíse san Aontas a ríomh, chun críocha mhír 1. Sonróidh an mhodheolaíocht sin, go háirithe, conas daonra an Aontais a chinneadh agus na critéir chun meánlíon faighteoirí gníomhacha míosúla na seirbhíse san Aontas a chinneadh, ag cur na ngnéithe rochtana éagsúla san áireamh.

4. Déanfaidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta a fhíorú, gach sé mhí ar a laghad, cibé an bhfuil meánlíon faighteoirí gníomhacha míosúla na seirbhíse san Aontas d'ardáin ar líne faoina dhlínse cothrom leis an uimhir nó níos airde ná an uimhir dá dtagraítear i mír 1. Ar bhonn an fhíorúcháin sin, glacfaidh sé cinneadh ina ndéanfar an t-ardán ar líne a ainmniú mar ardán an-mhór ar líne chun críocha an Rialacháin seo, nó ina ndéanfar an t-ainmniú sin a fhoirceannadh, agus cuirfidh sé an cinneadh sin in iúl don ardán ar líne lena mbaineann agus don Choimisiún gan moill mhíchuí.

Áiritheoidh an Coimisiún go bhfoilsítear an liosta d'ardáin atá ainmnithe mar ardáin an- mhór ar líne in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus coinneoidh sé an liosta cothrom le dáta. Beidh feidhm ag na hoibleagáid sa Roinn seo, nó scoirfidh siad d'fheidhm a bheith leo, maidir leis na hardáin an- mhór lena mbaineann ó cheithre mhí tar éis an fhoilsithe sin ar aghaidh.

*Airteagal 26*
*Measúnú riosca*

1. Déanfaidh ardáin an-mhór ar líne aon rioscaí sistéamacha a eascraíonn ó fheidhmiú agus ón úsáid a bhaintear as a seirbhísí san Aontas a shainaithint, a anailísiú agus a mheas, ó dháta an chur i bhfeidhm dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 25(4), uair amháin sa bhliain ar a laghad ina dhiaidh sin. Bainfidh an measúnú riosca seo go sonrach lena gcuid seirbhísí agus beidh na rioscaí sistéamacha seo a leanas mar chuid de:

   (a) scaipeadh ábhar neamhdhleathach trína seirbhísí;

   (b) aon éifeachtaí diúltacha ar fheidhmiú na gceart bunúsach maidir le hómós a thabhairt do shaol príobháideach duine agus do shaol an teaghlaigh, maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an toirmeasc ar idirdhealú agus cearta an linbh, mar a chumhdaítear in Airteagail 7, 11, 21 agus 24 den Chairt faoi seach;

   (c) ionramháil a seirbhíse d'aon ghnó, lena n-áirítear trí úsáid bhréagach a bhaint as an tseirbhís nó le huathshaothrú na seirbhíse, lena mbaineann éifeacht dhiúltach iarbhír nó intuartha ar chosaint na sláinte poiblí, mionaoiseach, an dioscúrsa shibhialta, nó lena mbaineann éifeachtaí iarbhír nó intuartha a bhaineann le próisis thoghchánacha agus leis an tslándáil phoiblí.

2. Le linn do na measúnuithe riosca a bheith á ndéanamh, cuirfidh ardáin an-mhór ar líne, go háirithe, an tionchar atá ag a gcórais mhodhnaithe ábhar, a gcórais mholtaí agus a gcórais chun fógraíocht a roghnú agus a thaispeáint ar aon cheann de na rioscaí sistéamacha dá dtagraítear i mír 1 san áireamh lena n-áirítear scaipeadh ábhar neamhdhleathach agus faisnéise atá ar neamhréir lena dtéarmaí agus coinníollacha agus a d'fhéadfadh a bheith mear agus forleathan.

*Airteagal 27*
*Maolú riosca*

1. Cuirfidh ardán an-mhór ar líne bearta maolaithe réasúnta, comhréireacha agus éifeachtacha atá oiriúnaithe do na rioscaí sistéamacha sonracha dá dtagraítear in Airteagal 26 i bhfeidhm. D'fhéadfadh go mbeadh na nithe seo a leanas i measc na mbeart sin, i gcás inarb infheidhme:

(a) córais mhodhnaithe ábhar nó córais mholtaí, na próisis chinnteoireachta a bhaineann leo, gnéithe dá gcuid seirbhísí nó feidhmiú a gcuid seirbhísí, nó a dtéarmaí agus coinníollacha, a oiriúnú;

(b) bearta spriocdhírithe a bhfuil sé mar aidhm acu teorainn a chur le taispeáint fógrán maidir leis an tseirbhís a sholáthraíonn siad;

(c) na próisis inmheánacha nó an mhaoirseacht ar aon cheann dá ngníomhaíochtaí a neartú go háirithe maidir le riosca sistéamach a bhrath;

(d) comhar a thionscnamh nó a leasú le comharthóirí iontaofa i gcomhréir le hAirteagal 19;

(e) comhar a thionscnamh nó a leasú le hardáin eile ar líne trí na cóid iompair agus trí na prótacail ghéarchéime dá dtagraítear in Airteagail 35 agus 37 faoi seach.

2. Foilseoidh an Bord, i gcomhar leis an gCoimisiún, tuarascálacha cuimsitheacha, uair amháin sa bhliain, a mbeidh na nithe seo a leanas mar chuid díobh:

(a) sainaithint agus measúnú ar na rioscaí sistéamacha is mó agus is mó a thagann chun cinn arís agus arís de réir tuairiscí ó ardáin an-mhór ar líne nó a sainaithníodh trí fhoinsí faisnéise eile, go háirithe iad siúd atá á soláthar i gcomhréir le hAirteagail 31 agus 33;

(b) dea-chleachtais d'ardáin an-mhór ar líne chun na rioscaí sistéamacha a sainaithníodh a mhaolú.

3. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, treoirlínte ginearálta a eisiúint faoi chur i bhfeidhm mhír 1 i ndáil le rioscaí sonracha, go háirithe maidir le dea-chleachtais reatha agus bearta féideartha a mholadh, agus aird chuí á tabhairt ar iarmhairtí féideartha na mbeart ar chearta bunúsacha a chumhdaítear i gCairt na bpáirtithe uile lena mbaineann. Eagróidh an Coimisiún comhairliúcháin phoiblí le linn ullmhú na dtreoirlínte sin.

*Airteagal 28*
*Iniúchóireacht neamhspleách*

1. Beidh ardáin an-mhór ar líne faoi réir, ar a gcostas féin agus uair amháin sa bhliain ar a laghad, iniúchóireachtaí chun comhlíontacht leis na nithe seo a leanas a mheas:

(a) na hoibleagáidí a leagtar amach i gCaibidil III;

(b) aon ghealltanais a glacadh de bhun na gcód iompair dá dtagraítear in Airteagail 35 agus 36 agus na bprótacal géarchéime dá dtagraítear in Airteagal 37.

2. Maidir leis na hiniúchóireachtaí a dhéanfar de bhun mhír 1, is eagraíochtaí a mbaineann na nithe seo a leanas leo a dhéanfaidh iad:

(a) tá siad neamhspleách ón ardán an-mhór ar líne lena mbaineann;

(b) tá saineolas cruthaithe i réimse na bainistíochta riosca agus inniúlacht agus cumais teicniúla acu;

(c) tá oibiachtúlacht agus eitic ghairmiúil cruthaithe acu, bunaithe go háirithe ar chóid chleachtais nó ar chaighdeáin iomchuí a chomhlíonadh.

3. Bunóidh na heagraíochtaí a dhéanann na hiniúchóireachtaí tuarascáil iniúchóireachta le haghaidh gach iniúchóireacht. Beidh an tuarascáil sin i scríbhinn agus an méid seo a leanas ar a laghad inti:

(a) ainm, seoladh agus pointe teagmhála an ardáin an-mhór ar líne atá faoi réir na hiniúchóireachta agus an tréimhse a chumhdaítear;

(b) ainm agus seoladh na heagraíochta atá ag tabhairt faoin iniúchóireacht;

(c) tuairisc ar na gnéithe sonracha ar a ndearnadh iniúchóireacht, agus an mhodheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm;

(d) tuairisc ar na príomhthorthaí a tháinig chun cinn san iniúchóireacht;

(e) tuairim iniúchóireachta ar cibé ar chomhlíon an t-ardán an-mhór ar líne lena mbaineann na hoibleagáidí agus na gealltanais dá dtagraítear i mír 1, tuairim dhearfach, tuairim dhearfach le barúlacha nó tuairim dhiúltach;

(f) i gcás nach bhfuil an tuairim iniúchóireachta dearfach, moltaí oibríochtúla ar bhearta sonracha chun comhlíontacht a bhaint amach.

4. Tabharfaidh ardáin an-mhór ar líne a fhaigheann tuarascáil iniúchóireachta nach bhfuil dearfach aird chuí ar aon mholtaí oibríochtúla atá dírithe orthu d'fhonn na bearta iomchuí a ghlacadh chun iad a chur chun feidhme. Glacfaidh siad, laistigh de mhí amháin ó na moltaí sin a fháil, tuarascáil chur chun feidhme iniúchóireachta ina leagtar na bearta sin amach. I gcás nach gcuireann siad na moltaí oibríochtúla chun feidhme, ní mór dóibh na cúiseanna a bhí acu gan iad a chur chun feidhme a thabhairt agus aon bhearta malartacha a ghlac siad chun dul i ngleic le haon chásanna neamhchomhlíonta sainaitheanta a leagadh amach sa tuarascáil chur chun feidhme iniúchóireachta.

*Airteagal 29*
*Córais mholtóra*

1. Leagfaidh ardán an-mhór ar líne a úsáideann córais mholtóra amach ina dtéarmaí agus coinníollacha, ar bhealach atá soiléir, inrochtana agus éasca le tuiscint, príomhpharaiméadair a úsáidtear ina gcórais mholtóra, mar aon le haon roghanna atá ann d'fhaighteoirí na seirbhíse chun na príomhpharaiméadair a d'fhéadfadh a bheith ar fáil dóibh a leasú nó tionchar a imirt orthu, lena n-áirítear rogha amháin ar a laghad nach bhfuil bunaithe ar phróifíliú, de réir bhrí Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2016/679.

2. I gcás ina bhfuil roghanna iomadúla ar fáil de bhun mhír 1, soláthróidh ardáin an-mhór ar líne feidhmiúlacht ar féidir teacht go héasca uirthi ar a gcomhéadan ar líne ag ceadú d'fhaighteoir na seirbhíse a rogha thosaíochta a roghnú agus a mhodhnú tráth ar bith le haghaidh gach ceann de na córais mholtóra lena gcinntear ord coibhneasta na faisnéise a chuirtear faoina mbráid.

*Airteagal 30*
*Trédhearcacht bhreise le haghaidh fógraíocht ar líne*

1. Tiomsóidh ardáin an-mhór ar líne a thaispeánann fógraíocht ar a gcomhéadain ar líne stór ina bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 agus cuirfidh siad an stór sin ar fáil go poiblí trí chomhéadain feidhmchláir, go ceann bliana tar éis an dáta a raibh an fógrán ar taispeáint den uair dheiridh ar a gcomhéadain ar líne. Áiritheoidh siad nach

bhfuil aon fhaisnéis phearsanta de chuid fhaighteoirí na seirbhíse ar taispeánadh an fógrán dóibh nó a bhféadfadh sé gur taispeánadh an fógrán dóibh sa stór sin.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa stór:

(a) ábhar an fhógráin;

(b) an duine nádúrtha nó duine dlítheanach a bhfuil an fógra á thaispeáint thar a cheann;

(c) an tréimhse a raibh an fógrán ar taispeáint;

(d) cibé an raibh sé mar rún an fógrán a thaispeáint go sonrach do ghrúpa amháin d'fhaighteoirí na seirbhíse nó do níos mó ná grúpa amháin d'fhaighteoirí na seirbhíse agus má bhí, na príomhpharaiméadair a úsáideadh chun na críche sin;

(e) an líon iomlán d'fhaighteoirí na seirbhíse a sroicheadh agus, i gcás inarb infheidhme, uimhreacha comhiomlána don ghrúpa nó do na grúpaí faighteoirí ar ar díríodh an fógrán go sonrach.

*Airteagal 31*
*Rochtain ar shonraí agus grinnscrúdú*

1. Cuirfidh ardáin an-mhór ar líne ar fáil do Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta nó don Choimisiún, ar iarraidh réasúnaithe a fháil uathu agus laistigh de thréimhse réasúnta, atá sonraithe san iarraidh, rochtain ar shonraí atá riachtanach chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht leis an Rialachán seo. Is chun na gcríoch sin amháin a úsáidfidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha agus an Coimisiún an fhaisnéis sin.

2. Ar iarraidh réasúnaithe a fháil ó Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta nó ón gCoimisiún, cuirfidh ardáin an-mhór ar líne rochtain ar shonraí ar fáil do thaighdeoirí grinnfhiosraithe a chomhlíonann na ceanglais i mír 4 den Airteagal seo, laistigh de thréimhse réasúnta, mar atá sonraithe san iarraidh, agus é mar aon chuspóir amháin leis an rochtain sin taighde a dhéanamh a chuireann le sainaithint agus tuiscint na rioscaí sistéamacha mar a leagtar amach in Airteagal 26(1).

3. Cuirfidh ardáin an-mhór ar líne rochtain ar shonraí de bhun mhír 1 agus mír 2 ar fáil trí bhunachair sonraí ar líne nó trí chomhéadain feidhmchláir, de réir mar is iomchuí.

4. D'fhonn a bheith grinnfhiosraithe, ní mór do thaighdeoirí a bheith cleamhnaithe le hinstitiúid acadúil, a bheith neamhspleách ó leasa trádála, taifid chruthaithe ar shaineolas sna réimsí a bhaineann leis na rioscaí a ndéantar imscrúdú orthu a bheith acu, agus geallfaidh siad agus beidh siad ábalta na ceanglais maidir le slándáil sonraí agus rúndacht a ghabhann le gach iarraidh a chaomhnú.

5. Glacfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord, gníomhartha tarmligthe ina leagtar síos na coinníollacha teicniúla faoina bhfuil ar ardáin an-mhór ar líne sonraí a roinnt de bhun mhír 1 agus 2 agus na críocha ar féidir na sonraí a úsáid ina leith. Leagfar síos sna gníomhartha tarmligthe sin na coinníollacha sonracha faoinar féidir sonraí a roinnt le taighdeoirí grinnfhiosraithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, ag cur san áireamh cearta agus leasa na n-ardán an-mhór ar líne agus fhaighteoirí na seirbhíse lena mbaineann, lena n-áirítear faisnéis rúnda a chosaint, go háirithe rúin trádála, agus slándáil a seirbhíse a chothabháil.

6. Laistigh de 15 lá tar éis iarraidh dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a fháil, féadfaidh ardán an-mhór ar líne iarraidh ar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta nó ar an gCoimisiún, mar is infheidhme, an iarraidh a leasú, i gcás ina measann sé nach féidir leis rochtain ar na sonraí a chur ar fáil ar son ceann amháin den dá chúis a leanas:

(a) níl rochtain aige ar na sonraí;

(b) bainfidh leochaileachtaí suntasacha i ndáil le slándáil a sheirbhíse nó cosaint faisnéise rúnda, go háirithe rúin trádála, le rochtain a thabhairt ar na sonraí sin.

7. Ní mór go mbeadh tograí le haghaidh modh malartach amháin nó níos mó trínar féidir rochtain ar na sonraí a iarradh nó ar shonraí eile atá iomchuí agus leordhóthanach chun críche na hiarrata sna hiarrataí ar leasú de bhun phointe (b) de mhír 6.

Déanfaidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta nó an Coimisiún cinneadh faoin iarraidh ar leasú laistigh de 15 lá agus cuirfidh siad an cinneadh sin in iúl don ardán an- mhór ar líne mar aon leis, i gcás inarb ábhartha, an iarraidh leasaithe agus an tréimhse nua ama chun an iarraidh a chomhlíonadh.

*Airteagal 32*
*Oifigigh chomhlíontachta*

1. Ainmneoidh ardáin an-mhór ar líne oifigeach comhlíontachta amháin nó níos mó ná oifigeach comhlíontachta amháin a mbeidh sé de fhreagracht orthu faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht na n-ardán leis an Rialachán seo.

2. Ní ainmneoidh ardáin an-mhór ar líne ach amháin daoine a bhfuil na cáilíochtaí gairmiúla, an t-eolas, an taithí agus an inniúlacht is gá acu mar oifigigh chomhlíontachta chun na cúraimí dá dtagraítear i mír 3 a fheidhmiú. Féadfaidh oifigigh chomhlíontachta a bheith ina mbaill foirne den ardán an-mhór ar líne lena mbaineann, nó féadfaidh siad na cúraimí sin a fheidhmiú ar bhonn conartha leis an ardán an-mhór ar líne lena mbaineann.

3. Beidh na cúraimí seo a leanas ar na hoifigigh chomhlíontachta:

(a) comhoibriú le Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta agus leis an gCoimisiún chun críche an Rialacháin seo;

(b) gníomhaíochtaí an ardáin an-mhór ar líne a bhaineann leis an iniúchóireacht neamhspleách de bhun Airteagal 28 a eagrú agus maoirseacht a dhéanamh orthu;

(c) bainistíocht agus fostaithe an ardáin an-mhór ar líne a chur ar an eolas faoi oibleagáidí ábhartha faoin Rialachán seo agus comhairle a chur ar fáil i leith na n-oibleagáidí sin;

(d) faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht an ardáin an-mhór ar líne lena oibleagáidí faoin Rialachán seo.

4. Glacfaidh ardáin an-mhór ar líne na bearta is gá chun a áirithiú gur féidir leis na hoifigigh chomhlíontachta a gcúraimí a fheidhmiú ar bhealach neamhspleách.

5. Cuirfidh ardáin an-mhór ar líne ainm agus sonraí teagmhála an oifigigh chomhlíontachta in iúl do Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta agus don Choimisiún.

6. Tacóidh ardáin an-mhór ar líne leis an oifigeach comhlíontachta i bhfeidhmiú a chúraimí agus cuirfidh siad na hacmhainní is gá chun na cúraimí sin a dhéanamh go leordhóthanach ar fáil dó. Tabharfaidh an t-oifigeach comhlíontachta tuairisc go díreach don leibhéal bainistíochta is airde den ardán.

*Airteagal 33*
*Oibleagáidí maidir le tuairisciú trédhearcachta d'ardáin an- mhór ar líne*

1. Foilseoidh ardáin an-mhór ar líne na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 13 laistigh de sé mhí ón dáta cur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 25(4), agus gach sé mhí ina dhiaidh sin.

2. Anuas ar na tuarascálacha dá bhforáiltear in Airteagal 13, cuirfidh ardáin an-mhór ar líne na nithe seo a leanas ar fáil go poiblí agus déanfaidh siad iad a tharchur chuig Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta agus chuig an gCoimisiún, uair amháin sa bhliain ar a laghad agus laistigh de 30 lá tar éis tuarascáil chur chun feidhme na hiniúchóireachta dá bhforáiltear in Airteagal 28(4) a ghlacadh:

   (a) tuarascáil ina leagtar amach torthaí an mheasúnaithe riosca de bhun Airteagal 26;

   (b) na bearta maolaithe riosca gaolmhara a sainaithníodh agus a cuireadh chun feidhme de bhun Airteagal 27;

   (c) an tuarascáil iniúchóireachta dá bhforáiltear in Airteagal 28(3);

   (d) an tuarascáil chur chun feidhme iniúchóireachta dá bhforáiltear in Airteagal 28(4).

3. I gcás ina measann ardán an-mhór ar líne go mbeadh nochtadh faisnéise rúnda an ardáin sin nó fhaighteoirí na seirbhíse mar thoradh ar fhoilsiú faisnéise de bhun mhír 2, nó go mbeadh leochaileachtaí suntasacha i ndáil le slándáil a sheirbhíse, go ndéanfadh sé dochar do shlándáil phoiblí nó go ndéanfadh sé díobháil d'fhaighteoirí, féadfaidh an t-ardán faisnéis den sórt sin a bhaint as na tuarascálacha. I gcás mar sin, tarchuirfidh an t-ardán na tuarascálacha iomlána chuig Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta agus chuig an gCoimisiún, agus beidh ráiteas faoi na cúiseanna ar baineadh an fhaisnéis as na tuarascálacha poiblí ag gabháil leo.

## ROINN 5
## FORÁLACHA EILE MAIDIR LE HOIBLEAGÁIDÍ AN DÍCHILL CHUÍ

*Airteagal 34*
*Caighdeáin*

1. Tacóidh an Coimisiún le forbairt agus cur chun feidhme caighdeáin tionsclaíochta deonacha agus cuirfidh sé chun cinn iad, arna leagan amach ag comhlachtaí ábhartha Eorpacha agus idirnáisiúnta um chaighdeánú maidir leis an méid seo a leanas ar a laghad:

   (a) fógraí arna gcur isteach go leictreonach faoi Airteagal 14;

   (b) fógraí arna gcur isteach go leictreonach ag comharthóirí iontaofa faoi Airteagal 19, lena n-áirítear trí chomhéadain ríomhchláraithe feidhmchlár;

(c) comhéadain shonracha, lena n-áirítear comhéadain ríomhchláraithe feidhmchlár, chun comhlíonadh leis na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 30 agus 31 a éascú;

(d) iniúchóireacht a dhéanamh ar ardáin an-mhór ar líne de bhun Airteagal 28;

(e) idir-inoibritheacht na stór fógrán dá dtagraítear in Airteagal 30(2);

(f) tarchur sonraí idir idirghabhálaithe fógraíochta mar thaca le hoibleagáidí trédhearcachta de bhun phointí (b) agus (c) d'Airteagal 24.

2. Tacóidh an Coimisiún le nuashonrú na gcaighdeán i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha agus iompar fhaighteoirí na seirbhísí i gceist.

*Airteagal 35*
*Cóid iompair*

1. Spreagfaidh agus éascóidh an Coimisiún cóid iompair a tharraingt suas ar leibhéal an Aontais chun cur le cur i bhfeidhm ceart an Rialacháin seo, ag cur na ndúshlán sonrach a bhaineann le dul i ngleic le cineálacha éagsúla ábhar neamhdhleathach agus rioscaí sistéamacha, i gcomhréir le dlí an Aontais, san áireamh, go háirithe maidir le hiomaíocht agus sonraí pearsanta a chosaint.

2. I gcás ina dtagann riosca sistéamach suntasach de réir bhrí Airteagal 26(1) chun cinn agus go mbaineann sé le roinnt ardán an-mhór ar líne, féadfaidh am Coimisiún iarraidh ar na hardáin an-mhór ar líne lena mbaineann, ar ardáin an-mhór ar líne eile agus soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha eile, de réir mar is iomchuí, ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ar pháirtithe leasmhara eile, a bheith rannpháirteach i dtarraingt suas na gcód iompair, lena n-áirítear gealltanais a leagan amach chun bearta sonracha maolaithe riosca a ghlacadh, chomh maith le gnáthchreat tuairiscithe maidir le haon bhearta a rinneadh agus a dtorthaí.

3. Le linn éifeacht a thabhairt do mhír 1 agus 2, beidh sé mar aidhm ag an gCoimisiún agus ag an mBord a áirithiú go leagtar a gcuspóirí amach go soiléir sna cóid iompair, go bhfuil príomhtháscairí feidhmíochta iontu le gnóthachtáil na gcuspóirí sin a thomhas agus chun aird chuí a thabhairt do riachtanais agus leasanna na bpáirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear saoránaigh, ar leibhéal an Aontais. Beidh sé mar aidhm ag an gCoimisiún agus ag an mBord a áirithiú go dtuairiscíonn rannpháirtithe go tráthrialta don Choimisiún agus dá gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha bunaíochta faoi seach maidir le haon bhearta a rinneadh agus a dtorthaí, arna dtomhas in aghaidh na bpríomhtháscairí feidhmíochta atá mar chuid díobh, freisin.

4. Déanfaidh an Coimisiún agus an Bord meastóireacht ar cibé an gcomhlíonann na cóid iompair na haidhmeanna a shonraítear i mír 1 agus 3, agus déanfaidh siad faireachán agus meastóireacht tráthrialta ar ghnóthachtáil a gcuspóirí. Foilseoidh siad a gconclúidí.

5. Déanfaidh an Bord faireachán agus meastóireacht ar ghnóthachtáil chuspóirí na gcód iompair go tráthrialta, ag féachaint do na príomhtháscairí feidhmíochta a d'fhéadfadh a bheith mar chuid díobh.

*Airteagal 36*
*Cóid iompair d'fhógraíocht ar líne*

1. Spreagfaidh agus éascóidh an Coimisiún tarraingt suas na gcód iompair ar leibhéal an Aontais idir, ardáin ar líne agus soláthraithe seirbhíse ábhartha eile, amhail soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha fógraíochta ar líne nó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar an tseirbhís agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta nó údaráis ábhartha, chun cur le trédhearcacht bhreise i bhfógraíocht ar líne a ghabhann thar cheanglais Airteagail 24 agus 30.

2. Beidh sé mar aidhm ag an gCoimisiún a áirithiú go saothraíonn na cóid iompair tarchur éifeachtach faisnéise, agus lánurraim á tabhairt do chearta agus leasanna na bpáirtithe rannpháirteacha, agus timpeallacht iomaíoch, thrédhearcach agus chothrom le haghaidh fógraíocht ar líne, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, go háirithe i ndáil le hiomaíocht agus sonraí pearsanta a chosaint. Beidh sé mar aidhm ag an gCoimisiún a áirithiú go dtéitear i ngleic leis na nithe seo a leanas ar a laghad sna cóid iompair:

   (a) tarchur faisnéise atá i seilbh soláthraithe idirghabhálacha fógraíochta ar líne chuig faighteoirí na seirbhíse maidir leis na ceanglais a leagtar amach i bpointí (b) agus (c) d'Airteagal 24;

   (b) tarchur faisnéise atá i seilbh soláthraithe idirghabhálacha fógraíochta ar líne chuig na stóir de bhun Airteagal 30.

3. Déanfaidh an Coimisiún forbairt na gcód iompair a spreagadh laistigh de bhliain amháin tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus a gcur i bhfeidhm tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis an dáta sin.

*Airteagal 37*
*Prótacail ghéarchéime*

1. Féadfaidh an Bord an Coimisiún a mholadh maidir le tarraingt suas, i gcomhréir le mír 2, 3 agus 4, prótacal géarchéime chun aghaidh a thabhairt ar chásanna géarchéime atá teoranta go docht d'imthosca urghnácha a dhéanfaidh difear don tslándáil phoiblí nó don tsláinte phoiblí, a thionscnamh.

2. Déanfaidh an Coimisiún ardáin an-mhór ar líne agus, i gcás inarb iomchuí, ardáin eile, a spreagadh agus a éascú le rannpháirtíocht an Choimisiúin, chun a bheith rannpháirteach i dtarraingt suas, tástáil agus cur i bhfeidhm na bprótacal géarchéime sin, a bhfuil ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas mar chuid díobh:

   (a) faisnéis fheiceálach maidir leis an gcás géarchéime arna soláthar ag údaráis na mBallstát nó ar leibhéal an Aontais a chur ar taispeáint;

   (b) a áirithiú go bhfuil an pointe teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 10 freagrach as bainistiú géarchéime;

   (c) i gcás inarb infheidhme, na hacmhainní atá tiomnaithe do chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 14, 17, 19, 20 agus 27 a oiriúnú do na riachtanais a cruthaíodh mar thoradh ar an gcás géarchéime.

3. Féadfaidh an Coimisiún, de réir mar is iomchuí, údaráis na mBallstát agus comhlachtaí an Aontais, oifigí agus gníomhaireachtaí a tharraingt isteach chun na prótacail ghéarchéime a tharraingt suas, a thástáil agus le maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bprótacal géarchéime. Féadfaidh an Coimisiún, i gcás inar gá

agus iomchuí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta nó eagraíochtaí ábhartha eile a tharraingt isteach chun na prótacail ghéarchéime a tharraingt suas.

4. Beidh sé mar aidhm ag an gCoimisiún a áirithiú go leagtar gach ceann de na nithe seo a leanas amach go soiléir sna prótacail ghéarchéime:

(a) na paraiméadair shonracha chun cinneadh a dhéanamh cad iad na himthosca urghnácha sonracha iontu a fhéachtar dul i ngleic leo sa phrótacal géarchéime agus na cuspóirí a shaothraíonn sé;

(b) ról gach rannpháirtí agus na bearta a chuirfidh siad i bhfeidhm mar ullmhúchán agus a luaithe agus a chuirtear an prótacal géarchéime i ngníomh;

(c) nós imeachta soiléir lena chinneadh cathain a chuirtear an prótacal géarchéime i ngníomh;

(d) nós imeachta soiléir chun an tréimhse ina nglacfar na bearta atá le déanamh a chinneadh a luaithe agus a chuirtear an prótacal i ngníomh, agus iad teoranta go docht dóibh siúd is gá chun dul i ngleic leis na himthosca sonracha urghnácha lena mbaineann;

(e) coimircí chun dul i ngleic le haon éifeachtaí diúltacha ar fheidhmiú na gceart bunúsach atá cumhdaithe sa Chairt, go háirithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil agus an ceart maidir le neamhidirdhealú;

(f) próiseas chun aon bheart a rinneadh, an fad agus na torthaí a bhí leo, a thuairisciú go poiblí tráth a dtagann deireadh leis an gcás géarchéime.

5. Má mheasann an Coimisiún nach n-éiríonn le prótacal géarchéime dul i ngleic leis an gcás géarchéime ar bhealach éifeachtach, ná feidhmiú na gceart bunúsach dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 4 a chosaint, féadfaidh sé iarraidh ar na rannpháirtithe athbhreithniú a dhéanamh ar an bprótacal géarchéime, lena n-áirítear bearta breise a dhéanamh.

# Caibidil IV
# Cur chun feidhme, comhar, smachtbhannaí agus forfheidhmiú

## Roinn 1
## Na húdaráis inniúla agus na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha Náisiúnta

### *Airteagal 38*
### *Na húdaráis inniúla agus na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha*

1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo (‘údaráis inniúla’).

2. Ainmneoidh na Ballstáit ceann amháin de na húdaráis inniúla mar a gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha. Beidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha sin freagrach as gach ábhar a bhaineann le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo sa Bhallstát sin, ach amháin má tá cúraimí nó earnálacha sonracha ar leith sannta ag an mBallstát lena mbaineann d’údaráis inniúla eile. Beidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha freagrach in aon chás as comhordú na n-ábhar sin a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta agus as cur le cur i

bhfeidhm agus forfheidhmiú éifeachtach agus comhsheasmhach an Rialacháin seo ar fud an Aontais.

Chun na críche sin, comhoibreoidh na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha lena chéile, le húdaráis inniúla náisiúnta eile, leis an mBord agus an Coimisiún, gan dochar don fhéidearthacht do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le malairtí tuairimí le húdaráis eile go tráthrialta i gcás inarb ábhartha le haghaidh feidhmiú chúraimí na n- údarás eile sin agus an Chomhordaitheora Seirbhísí Digiteacha.

I gcás ina n- ainmníonn Ballstát níos mó ná údarás inniúil amháin de bhreis ar an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha, áiritheoidh sé go bhfuil cúraimí na n- údarás agus an Chomhordaitheora Seirbhísí Digiteacha sin faoi seach sainmhínithe go soiléir agus go gcomhoibríonn siad go dlúth agus go héifeachtach agus iad ag feidhmiú a gcúraimí. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann ainm an údaráis inniúil eile chomh maith lena chúraimí faoi seach in iúl don Choimisiún agus don Bhord.

3. Ainmneoidh Ballstáit Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha laistigh de dhá mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Cuirfidh na Ballstáit ainm a n- údaráis inniúil atá ainmnithe mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha agus faisnéis faoin mbealach ar féidir teagmháil a dhéanamh leis ar fáil go poiblí agus in iúl don Choimisiún agus don Bhord.

4. Beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 39, 40 agus 41 agus atá infheidhme maidir le Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha maidir le haon údarás inniúil eile a ainmníonn Ballstáit de bhun mhír 1 freisin.

### *Airteagal 39*
### *Ceanglais do na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanann a gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha a gcúraimí faoin Rialachán seo ar bhealach neamhchlaonta, trédhearcach agus tráthúil. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil acmhainní teicniúla, airgeadais agus daonna leormhaithe ag a gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha chun a gcúraimí a chur i gcrích.

2. Agus a gcúraimí á ndéanamh agus a gcumhachtaí á bhfeidhmiú acu i gcomhréir leis an Rialachán seo, gníomhóidh na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha ar shlí a bheidh go hiomlán neamhspleách. Beidh siad saor i gcónaí ó thionchar seachtrach, idir thionchar díreach agus indíreach, agus ní iarrfaidh siad ná ní ghlacfaidh siad treoracha ó aon údarás poiblí eile ná ó aon pháirtí príobháideach.

3. Tá mír 2 gan dochar do chúraimí na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha laistigh den chóras maoirseachta agus forfheidhmithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus don chomhar le húdaráis inniúla eile i gcomhréir le hAirteagal 38(2). Ní chuirfidh mír 2 cosc ar mhaoirseacht na n-údarás lena mbaineann i gcomhréir leis an dlí bunreachtúil náisiúnta.

### *Airteagal 40*
### *Dlínse*

1. Beidh dlínse ag an mBallstát ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí idirghabhálacha lonnaithe chun críocha Chaibidil III agus IV den Rialachán seo.

2. Measfar soláthraí seirbhísí idirghabhálacha nach bhfuil bunaíocht aige san Aontas ach a thairgeann seirbhísí san Aontas, chun críocha Chaibidil III agus Chaibidil IV, a bheith faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil a ionadaí dlíthiúil ina chónaí nó bunaithe.

3. I gcás ina mainníonn soláthraí seirbhísí idirghabhálacha ionadaí dlíthiúil a ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 11, beidh dlínse ag na Ballstáit uile chun críocha Chaibidil III agus Chaibidil IV. I gcás ina gcinneann Ballstát dlínse faoin mír seo a fheidhmiú, cuirfidh sé na Ballstáit uile eile ar an eolas agus áiritheoidh sé go n-urramófar prionsabal *ne bis in idem*.

4. Tá mír 1, 2 agus 3 gan dochar don dara fomhír d'Airteagal 50(4) agus don dara fomhír d'Airteagal 51(2) agus do chúraimí agus cumhachtaí an Choimisiúin faoi Roinn 3.

*Airteagal 41*
*Cumhachtaí na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha*

1. I gcás ina bhfuil gá leis chun a gcúraimí a dhéanamh, beidh na cumhachtaí imscrúdaithe seo a leanas ar a laghad ag Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, maidir le hiompar soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha faoi dhlínse a mBallstáit:

(a) an chumhacht chun ceangal ar na soláthraithe sin, agus ar aon duine eile a ghníomhaíonn chun críocha a bhaineann lena dtrádáil, gnó, ceird nó gairm a d'fhéadfadh a bheith ar an eolas go réasúnta faoi fhaisnéis a bhaineann le sárú amhrasta an Rialacháin seo, lena n-áirítear eagraíochtaí a dhéanann na hiniúchtaí dá dtagraítear in Airteagal 28 agus 50(3), faisnéis den sórt sin a chur ar fáil laistigh de thréimhse ama réasúnta;

(b) an chumhacht maidir le hiniúchtaí ar an láthair a dhéanamh ar aon áitreabh a úsáideann na soláthraithe sin nó na daoine sin chun críocha a bhaineann lena dtrádáil, gnó, ceird nó gairm, nó a iarraidh ar údaráis phoiblí eile é sin a dhéanamh, d'fhonn cóipeanna d'fhaisnéis maidir le sárú amhrasta in aon fhoirm, beag beann ar an modh stórála, a imscrúdú, a urghabháil, a thógáil nó a fháil;

(c) an chumhacht maidir le hiarraidh ar aon bhall foirne nó ar ionadaí na soláthraithe nó na ndaoine sin míniúcháin a thabhairt maidir le haon fhaisnéis a bhaineann le sárú amhrasta agus na freagraí a thaifeadadh.

2. I gcás ina bhfuil gá leis chun a gcúraimí a dhéanamh, beidh na cumhachtaí forfheidhmithe seo a leanas ar a laghad ag Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, maidir le soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha faoi dhlínse a mBallstáit;

(a) an chumhacht leis na gealltanais a thairgeann na soláthraithe sin maidir lena gcomhlíonadh leis an Rialachán seo a ghlacadh agus na gealltanais sin a chur de cheangal orthu;

(b) an chumhacht le hordú a thabhairt sáruithe a scor agus, i gcás inarb iomchuí, leighis atá i gcomhréir leis an sárú agus is gá chun deireadh éifeachtach a chur leis an sárú a ghearradh;

(c) an chumhacht chun fíneálacha a ghearradh i gcomhréir le hAirteagal 42 i gcás ina mainnítear an Rialachán seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear le haon cheann de na horduithe arna n-eisiúint de bhun mhír 1;

(d) an chumhacht maidir le híocaíocht phionósach thréimhsiúil a ghearradh i gcomhréir le hAirteagal 42 chun a áirithiú go ndéantar an sárú a fhoirceannadh i gcomhréir le hordú arna eisiúint de bhun phointe (b) den mhír seo nó i gcásanna ina mainnítear na horduithe a eisíodh de bhun mhír 1 a chomhlíonadh;

(e) an chumhacht le bearta eatramhacha a dhéanamh chun an baol go ndéanfaí díobháil thromchúiseach a sheachaint.

A mhéid a bhaineann le pointí (c) agus (d) den chéad fhomhír, beidh na cumhachtaí forfheidhmithe a leagtar amach sna pointí sin ag Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha freisin maidir leis na daoine eile dá dtagraítear i mír 1 i gcás ina mainnítear aon cheann de na horduithe arna n- eisiúint dóibh de bhun na míre sin a chomhlíonadh. Ní fheidhmeoidh siad na cumhachtaí forfheidhmithe sin ach amháin tar éis an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann leis na horduithe sin, lena n- áirítear an tréimhse ama is infheidhme, na fíneálacha nó na híocaíochtaí tréimhsiúla a d'fhéadfaí a ghearradh orthu i gcás neamhchomhlíonta agus aon féidearthachtaí sásaimh, a chur ar fáil do na daoine sin in am trátha.

3. I gcás ina bhfuil gá leis chun a gcúraimí a dhéanamh, beidh an chumhacht ag na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha na bearta seo a leanas a dhéanamh freisin, maidir le soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha faoi dhlínse a mBallstáit, i gcás go bhfuil gach cumhacht eile de bhun an Airteagail seo chun stop a chur le sárú spíonta, leanfar leis an sárú agus beidh sé ina shiocair le díobháil thromchúiseach nach féidir a sheachaint trí chumhachtaí eile atá ar fáil faoi dhlí an Aontais ná faoin dlí náisiúnta a fheidhmiú:

(a) a cheangal ar chomhlacht bainistíochta na soláthraithe, laistigh de thréimhse ama réasúnta, scrúdú a dhéanamh ar an gcás, plean gníomhaíochta a ghlacadh agus a chur isteach ina leagtar amach na bearta is gá chun deireadh a chur leis an sárú, a áirithiú go ndéanann an soláthraí na bearta sin, agus tuairisciú ar na bearta a rinneadh;

(b) i gcás ina measann an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha nár chomhlíon an soláthraí ceanglais na chéad fleisce go leordhóthanach, go bhfuil an sárú fós á dhéanamh agus é ina shiocair le díobháil thromchúiseach, agus go gcuimsítear cion tromchúiseach coiriúil lena mbaineann bagairt do bheatha nó sábháilteacht daoine leis an sárú sin, féadfar iarraidh ar údarás breithiúnach inniúil an Bhallstáit sin ordú a thabhairt chun srian sealadach a chur ar rochtain fhaighteoirí na seirbhíse lena mbaineann an sárú nó, sa chás amháin nach bhfuil sé sin indéanta go teicniúil, srian a chur ar chomhéadan ar líne an tsoláthraí seirbhísí idirghabhálacha ar a bhfuil an sárú á dhéanamh.

Iarrfaidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha, ach amháin i gcás ina ngníomhaíonn sé ar iarraidh ón gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagal 65, sula gcuirfidh sé an iarraidh dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír isteach, ar pháirtithe leasmhara barúlacha i scríbhinn a chur isteach laistigh de thréimhse ama nach mbeidh níos lú ná dhá sheachtain, ina mínítear na bearta a bheartaíonn sé a iarraidh agus ag sainaithint an tseolaí nó na seolaithe beartaithe. Beidh an soláthraí, an seolaí nó na seolaithe beartaithe agus aon tríú páirtí eile a léiríonn leas dlisteanach i dteideal a bheith rannpháirteach sna himeachtaí os comhair an údaráis bhreithiúnaigh inniúil. Beidh aon bheart a ordófar comhréireach le cineál, tromchúis, atarlú agus fad an tsáraithe, gan a bheith ag cur isteach go míchuí ar rochtain na bhfaighteoirí ar fhaisnéis dhleathach maidir leis an tseirbhís lena mbaineann.

Beidh an srian i bhfeidhm le haghaidh tréimhse 4 seachtaine, faoi réir féidearthacht don údarás breithiúnach inniúil, cead a thabhairt ina ordú don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha síneadh a chur leis an tréimhse sin le haghaidh tréimhsí breise den fhad céanna, faoi réir uasmhéid síntí a shocróidh an t- údarás breithiúnach sin. Ní chuirfidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteach síneadh leis an tréimhse ach amháin i gcás ina measann sé, ag féachaint do chearta agus leasanna na bpáirtithe uile a ndéanfadh an srian difear dóibh agus do na himthosca uile, lena n- áirítear aon fhaisnéis a d'fhéadfadh an soláthraí, an seolaí nó na seolaithe agus aon tríú páirtí a léirigh leas dlisteanach a chur ar fáil dó, gur comhlíonadh an dá choinníoll seo a leanas:

(a) mhainnigh ar an soláthraí na bearta is gá a dhéanamh chun deireadh a chur leis an sárú;

(b) ní chuireann an srian sealadach srian míchuí ar an rochtain atá ag faighteoirí na seirbhíse ar fhaisnéis dhleathach, ag féachaint don líon faighteoirí a ndéanfaidh sé difear dóibh agus cibé an bhfuil aon roghanna malartacha atá sásúil agus inrochtana go héasca ann.

I gcás ina measann an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteach gur comhlíonadh an dá choinníoll sin ach nach féidir leis síneadh a chur leis an tréimhse de bhun na tríú fomhíre, cuirfidh sé iarraidh nua isteach chuig an údarás breithiúnach inniúil, dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír.

4. Tá na cumhachtaí a liostaítear i mír 1, 2 agus 3 gan dochar do Roinn 3.

5. Beidh na bearta a ghlacfaidh na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha i bhfeidhmiú a gcumhachtaí a liostaítear i mír 1, 2 agus 3 éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach, ag féachaint do, go háirithe, chineál, tromchúis, atarlú agus fad an neamhchomhlíonta nó an tsáraithe nó an tsáraithe amhrasta lena mbaineann na bearta sin, chomh maith le hacmhainn eacnamaíoch, teicniúil agus oibríochtúil sholáthraí na seirbhísí idirghabhálacha lena mbaineann i gcás inarb ábhartha.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil aon fheidhmiú ar na cumhachtaí de bhun mír 1, 2 agus 3 faoi réir coimircí leordhóthanacha a leagtar síos sa dlí náisiúnta is infheidhme i gcomhréir leis an gCairt agus le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais. Go háirithe, ní dhéanfar na bearta sin ach i gcomhréir leis an gceart maidir le hurraim a thabhairt don saol príobháideach agus do na cearta cosanta, lena n-áirítear an ceart chun éisteachta agus an ceart rochtana ar an gcomhad, agus beidh siad faoi réir cheart na bpáirtithe uile dá ndéantar difear chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil.

*Airteagal 42*
*Pionóis*

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha faoina ndlínse ar an Rialachán seo a leagan síos agus déanfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad i gcomhréir le hAirteagal 41.

2. Beidh na pionóis éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis na rialacha sin agus na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasuithe ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

3. Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh uasmhéid na bpionós a fhorchuirtear maidir le mainneachtain na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a chomhlíonadh thar 6 % d'ioncam ná de láimhdeachas bliantúil an tsoláthraí seirbhísí idirghabhálacha lena mbaineann. Ní rachaidh pionóis maidir le faisnéis mhícheart, neamhiomlán nó mhíthreorach a sholáthar, ná mainneachtain freagra a thabhairt ar fhaisnéis mhícheart, neamhiomlán nó mhíthreorach ná í a cheartú agus mainneachtain géilleadh do chigireacht ar an láthair thar 1 % d'ioncam ná de láimhdeachas bliantúil an tsoláthraí lena mbaineann.

4. Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh uasmhéid íocaíochta pionóis tréimhsiúla thar 5 % de mheánláimhdeachas laethúil an tsoláthraí seirbhísí idirghabhálacha lena mbaineann don bhliain airgeadais roimhe sin in aghaidh an lae, arna ríomh ón dáta a sonraíodh sa chinneadh lena mbaineann.

*Airteagal 43*
*An ceart chun gearán a thaisceadh*

Beidh sé de cheart ag faighteoirí na seirbhíse gearán a thaisceadh in aghaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála ina líomhnófar sárú ar an Rialachán seo le Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an Bhallstáit ina bhfuil an faighteoir ina chónaí nó bunaithe. Déanfaidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha measúnú ar an ngearán agus, i gcás inarb iomchuí, tarchuirfidh sé an gearán chuig Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta. I gcás ina dtagann an gearán faoi fhreagracht údarás inniúil eile ina Bhallstát, tarchuirfidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a fhaigheann an gearán é chuig an údarás sin.

*Airteagal 44*
*Tuarascála gníomhaíochta*

1. Tarraingeoidh Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha tuarascáil bhliantúil suas ar a ngníomhaíochtaí faoin Rialachán seo. Cuirfidh siad na tuarascálacha ar fáil go poiblí, agus cuirfidh siad iad in iúl don Choimisiún agus don Bhord.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa tuarascáil bhliantúil:

   (a) líon agus ábhar na n-orduithe chun gníomhú in aghaidh ábhar neamhdhleathach agus orduithe chun faisnéis arna heisiúint ag aon údarás breithiúnach nó riaracháin de Bhallstát an Chomhordaitheora Sheirbhísí Digiteacha lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9 a sholáthar;

   (b) na héifeachtaí a bhí ag na horduithe sin, mar a cuireadh in iúl don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha de bhun Airteagail 8 agus 9.

3. I gcás inar ainmnigh Ballstát roinnt údarás inniúil de bhun Airteagal 38, áiritheoidh sé go dtarraingeoidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha tuarascáil amháin suas a chumhdaíonn gníomhaíochtaí na n-údarás inniúil uile agus go bhfaigheann an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an fhaisnéis agus an tacaíocht uile is gá chuige sin ó na húdaráis inniúla eile lena mbaineann.

*Airteagal 45*
*Comhar trasteorann idir na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha*

1. I gcás ina bhfuil cúiseanna ag Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a bheith amhrasach gur sháraigh soláthraí seirbhíse idirghabhálacha, nach bhfuil faoi dhlínse an Bhallstáit lena mbaineann, an Rialachán seo, iarrfaidh sé ar Chomhordaitheoir

Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta measúnú a dhéanamh ar an gcás agus na bearta imscrúdaithe agus forfheidhmithe is gá a dhéanamh chun comhlíontacht leis an Rialachán seo a áirithiú.

I gcás ina bhfuil cúiseanna ag an mBord a bheith amhrasach gur sháraigh soláthraí seirbhísí idirghabhálacha an Rialachán seo, ar bhealach a bhaineann le trí Bhallstát ar a laghad, féadfaidh sé moladh do Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta measúnú a dhéanamh ar an gcás agus na bearta imscrúdaithe agus forfheidhmithe is gá a dhéanamh chun comhlíontacht leis an Rialachán seo a áirithiú.

2. Sonrófar an méid seo a leanas ar a laghad in iarraidh nó moladh de bhun mhír 1:

(a) pointe teagmhála an tsoláthraí seirbhísí idirghabhálacha lena mbaineann dá bhforáiltear in Airteagal 10;

(b) tuairisc ar na fíorais ábhartha, forálacha an Rialacháin seo leana mbaineann agus na cúiseanna a bhfuil an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a sheol an iarraidh, nó an Bord, amhrasach gur sáraigh an soláthraí an Rialachán seo;

(c) aon fhaisnéis eile a mheasann an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a sheol an iarraidh, nó an Bord, a bheith ábhartha, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, faisnéis a bailíodh ar a thionscnamh féin nó moltaí chun bearta imscrúdaithe nó forfheidhmithe sonracha a dhéanamh, lena n-áirítear bearta eatramhacha.

3. Tabharfaidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta lánaird ar an iarraidh nó ar an moladh de bhun mhír 1. I gcás ina measann sé nach bhfuil easpa faisnéise aige chun gníomhú ar an iarraidh nó ar an moladh agus go bhfuil cúiseanna aige le meas gur féidir leis an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a sheol an iarraidh, nó an Bord, faisnéis bhreise a sholáthar, féadfaidh sé faisnéis den sórt sin a iarraidh. Cuirfear an tréimhse ama a leagtar síos i mír 4 ar fionraí go dtí go gcuirfear an fhaisnéis bhreise sin ar fáil.

4. Cuirfidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta, gan moill mhíchuí agus in aon chás tráth nach déanaí ná dhá mhí ón iarraidh ná ón moladh a fháil, a mheasúnú ar an sárú amhrasta, nó measúnú aon údarás inniúil eile de bhun an dlí náisiúnta i gcás inarb ábhartha, in iúl don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a sheol an iarraidh, nó don Bhord, chomh maith le míniúchán ar aon bheart imscrúdaithe nó forfheidhmithe a glacadh nó a bheartaítear maidir leis an sárú sin chun comhlíontacht an Rialacháin seo a áirithiú.

5. I gcás nach bhfaigheann an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a sheol an iarraidh, nó, i gcás inarb iomchuí, an Bord, freagra laistigh den tréimhse ama a leagtar síos i mír 4 nó i gcás nach n-aontaíonn sé le measúnú Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta, féadfaidh sé an t-ábhar a tharchur chuig an gCoimisiún, agus soláthróidh sé an fhaisnéis ábhartha uile. Beidh an iarraidh nó an moladh a seoladh chuig Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta, aon fhaisnéis eile a soláthraíodh de bhun mhír 3 agus an chumarsáid dá dtagraítear i mír 4 mar chuid den fhaisnéis sin ar a laghad.

6. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ábhar laistigh de thrí mhí tar éis tharchur an ábhair de bhun mhír 5, tar éis dul i gcomhairle le Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta agus, ach i gcás inar tharchuir sé féin an t-ábhar, an Bord.

7. I gcás, de bhun mhír 6, ina gcinnfidh an Coimisiún nach bhfuil na bearta measúnaithe ná imscrúdaithe ná forfheidhmithe a rinneadh ná a beartaíodh de bhun mhír 4 ar chomhréir leis an Rialachán seo, iarrfaidh sé ar Chomhordaitheoir Seirbhísí

Digiteacha na bunaíochta tuilleadh measúnaithe a dhéanamh ar an ábhar agus na bearta imscrúdaithe nó forfheidhmithe is gá a dhéanamh chun comhlíontacht leis an Rialachán seo a áirithiú, agus é a chur ar an eolas faoi na bearta sin a rinneadh laistigh de dhá mhí ón iarraidh sin.

*Airteagal 46*
*Imscrúduithe agus iarrataí comhpháirteacha le haghaidh idirghabháil ón gCoimisiún*

1. Féadfaidh Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha páirt a ghlacadh in imscrúduithe comhpháirteacha, ar féidir iad a chomhordú le tacaíocht ón mBord, i ndáil le hábhair a chumhdaítear faoin Rialachán seo, a bhaineann le soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha a fheidhmíonn i roinnt Ballstát.

Tá imscrúduithe comhpháirteacha den sórt sin gan dochar do chúraimí agus do chumhachtaí na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha rannpháirteacha agus do na ceanglais is infheidhme d'fheidhmiú na gcúraimí sin agus d'fheidhmiú na gcumhachtaí sin dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Cuirfidh na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha rannpháirteacha torthaí na n- imscrúduithe comhpháirteacha ar fáil do na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha eile agus don Bhord tríd an gcóras dá bhforáiltear in Airteagal 67 le haghaidh comhlíonadh a gcúraimí faoi seach faoin Rialachán seo.

2. I gcás ina bhfuil cúiseanna ag Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta a bheith amhrasach gur sháraigh ardán an-mhór ar líne an Rialachán seo, féadfaidh sé iarraidh ar an gCoimisiún na bearta imscrúdaithe agus forfheidhmithe is gá a dhéanamh chun comhlíonadh leis an Rialachán seo a áirithiú i gcomhréir le Roinn 3. Beidh an fhaisnéis uile a liostaítear in Airteagal 45(2) san iarraidh sin agus leagfar amach inti na cúiseanna a bhfuiltear ag iarraidh ar an gCoimisiún idirghabháil a dhéanamh.

## ROINN 2
## AN BORD EORPACH UM SHEIRBHÍSÍ DIGITEACHA

*Airteagal 47*
*An Bord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha*

1. Bunaítear grúpa comhairleach neamhspleách Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha maidir le maoirseacht soláthraithe na seirbhísí idirghabhálacha leis an ainm 'An Bord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha' ('An Bord').

2. Tabharfaidh an Bord comhairle do na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus don Choimisiún i gcomhréir leis an Rialachán chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

(a) Cur le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo agus comhar éifeachtach na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus an Choimisiúin i ndáil le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo;

(b) comhordú agus cur le treoraíocht agus anailís an Choimisiúin agus na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus údarás inniúil eile maidir le saincheisteanna atá ag teacht chun cinn ar fud an mhargaidh inmheánaigh i ndáil le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo;

(c) cúnamh a thabhairt do Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus don Choimisiún maidir le maoirseacht ar ardáin an-mhór ar líne.

*Airteagal 48*
*Struchtúr an Bhoird*

1. Beidh Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha ar an mBord, a ndéanfaidh oifigigh ardleibhéil ionadaíocht orthu. I gcás ina bhforáiltear ina leith sa dlí náisiúnta, beidh údaráis inniúla eile a bhfuil freagrachtaí feidhmiúla sonracha orthu maidir le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo rannpháirteach sa Bhord in éineacht leis an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha. Féadfar cuireadh a thabhairt d'údaráis náisiúnta eile le freastal ar na cruinnithe, i gcás ina mbaineann na hábhair a phléifear leo.

2. Beidh vóta amháin ag gach Ballstát. Ní bheidh cearta vótála ag an gCoimisiún.

   Glacfaidh an Bord a ghníomhartha trí thromlach simplí.

3. Déanfaidh an Coimisiún cathaoirleacht ar an gCoimisiún. Tionólfaidh an Coimisiún na cruinnithe agus ullmhóidh sé an clár oibre i gcomhréir le cúraimí an Bhoird de bhun an Rialacháin seo agus lena rialacha nós imeachta.

4. Cuirfidh an Coimisiún tacaíocht riaracháin agus anailíseach ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí an Bhoird de bhun an Rialacháin seo.

5. Féadfaidh an Bord cuireadh a thabhairt do shaineolaithe agus do bhreathnóirí freastal ar a chruinnithe, agus féadfaidh sé comhoibriú le comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus grúpaí comhairleacha eile de chuid an Aontais, chomh maith le saineolaithe seachtracha de réir mar is iomchuí. Cuirfidh an Bord torthaí an chomhair sin ar fáil go poiblí.

6. Glacfaidh an Bord lena rialacha nós imeachta, i ndiaidh toiliú a fháil ón gCoimisiún.

*Airteagal 49*
*Cúraimí an Bhoird*

1. I gcás inar gá chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 47(2) a chomhlíonadh, déanfaidh an Bord an méid seo a leanas go háirithe:

   (a) tacófar le comhordú na n-imscrúduithe comhpháirteacha;

   (b) tacófar leis na húdaráis inniúla anailís a dhéanamh ar thuarascálacha agus ar thorthaí iniúchtaí ardán an-mhór ar líne a bheidh le tarchur de bhun an Rialacháin seo;

   (c) eiseofar tuairimí, moltaí nó comhairle do Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha i gcomhréir leis an Rialachán seo;

   (d) molfar don Choimisiún na bearta dá dtagraítear in Airteagal 51 a dhéanamh, agus i gcás ina n-iarrann an Coimisiún é, tuairimí a ghlacadh maidir le dréachtbhearta de chuid an Choimisiúin a bhaineann le hardáin an-mhór ar líne, i gcomhréir leis an Rialachán seo;

   (e) tacófar le forbairt agus le cur chun feidhme caighdeán, treoirlínte, tuarascálacha, teimpléad agus cód iompair Eorpach agus cuirfidh chun cinn í dá bhforáiltear sa Rialachán seo, mar aon le saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a shainaithint, i dtaca le hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

2. Cuirfidh Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus údaráis náisiúnta inniúla eile nach leanann na tuairimí, iarrataí ná moltaí a dhírítear orthu agus ar ghlac an Bord

leo cúiseanna leis an rogha sin ar fáil agus iad ag tuairisciú de bhun an Rialacháin seo nó nuair atá a gcinntí ábhartha á nglacadh, de réir mar is iomchuí.

## ROINN 3
## MAOIRSEACHT, IMSCRÚDÚ, FORFHEIDHMIÚ AGUS MONATÓIREACHT I LEITH ARDÁN AN- MHÓR AR LÍNE

*Airteagal 50*
*Maoirseacht fheabhsaithe d'ardáin an- mhór ar líne*

1. I gcás ina nglacann Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha bunaíochta cinneadh ina sonraítear gur sháraigh ardán an-mhór ar líne aon cheann d'fhorálacha Roinn 4 de Chaibidil III, úsáidfidh sé an córas maoirseachta feabhsaithe a leagtar síos san Airteagal seo. Beidh lánaird aige ar aon tuairim agus aon mholadh a dhéanfaidh an Coimisiún agus an Bord de bhun an Airteagail seo.

Féadfaidh an Coimisiún, ag gníomhú ar a thionscnamh féin, nó an Bord, ag gníomhú ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ó thriúr Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha cinn scríbe ar a laghad, i gcás ina bhfuil cúiseanna ann le bheith amhrasach gur sháraigh ardán an- mhór ar líne aon cheann de na forálacha sin, moladh do Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta imscrúdú a dhéanamh ar an sárú amhrasta d'fhonn go nglacfadh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha sin le cinneadh den sórt sin laistigh de thréimhse ama réasúnta.

2. Le linn don chinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1 a bheith á chur in iúl don ardán an-mhór ar líne lena mbaineann, iarrfaidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta air plean gníomhaíochta ina sonraítear conas a bheartaíonn an t-ardán an sárú a fhoirceannadh nó a leigheas, a tharraingt suas agus a chur in iúl do Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta, don Choimisiún agus don Bhord, laistigh de mhí amháin ón dáta a rinneadh an cinneadh sin. Féadfaidh rannpháirtíocht i gcód iompair mar a fhoráiltear in Airteagal 35 a bheith mar chuid de na bearta a leagtar amach sa phlean gníomhaíochta, i gcás inarb iomchuí.

3. Cuirfidh an Bord a thuairim faoin bplean gníomhaíochta in iúl do Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaigheann sé an plean gníomhaíochta. Cinnfidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha má tá an plean gníomhaíochta iomchuí chun an sárú a fhoirceannadh nó a leigheas laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaigheann sé an tuairim sin.

I gcás ina bhfuil imní ar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha bunaíochta maidir le cumas na mbeart an sárú a fhoirceannadh nó a leigheas, féadfaidh sé iarraidh ar an ardán an- mhór ar líne lena mbaineann dul i mbun iniúchta neamhspleách breise chun éifeachtúlacht na mbeart sin a mheas chun an sárú a fhoirceannadh nó a leigheas. Sa chás sin, seolfaidh an t- ardán an tuarascáil iniúchta chuig an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha, chuig an gCoimisiún agus chuig an mBord laistigh de ceithre mhí ón dáta ar a rinneadh an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Le linn iniúchadh breise den sórt sin a bheith á iarraidh, féadfaidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an eagraíocht iniúchta ar leith a dhéanfaidh an t- iniúchadh a shonrú, is é an t- ardán lena mbaineann a íocfaidh as an iniúchadh sin, agus roghnófar an eagraíocht ar bhonn na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 28(2).

4. Déanfaidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta a thuairimí faoi mar a d'éirigh leis an ardán an-mhór ar líne an sárú a fhoirceannadh nó a leigheas agus na cúiseanna leis an gcinneadh sin a chur in iúl don Choimisiún, don Bhord agus don

ardán an-mhór ar líne lena mbaineann. Déanfaidh sé amhlaidh laistigh de na tréimhsí ama seo a leanas, mar is infheidhme:

(a) laistigh de mhí amháin ón dáta a bhfaightear an tuarascáil iniúchta dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 3, i gcás inar tugadh faoi iniúchadh den sórt sin;

(b) laistigh de thrí mhí ó rinneadh an cinneadh faoin bplean gníomhaíochta dá dtagraítear sa chéad fho-mhír de mhír 3, i gcás nár tugadh faoi iniúchadh den sórt sin;

(c) láithreach bonn ar dul in éag don tréimhse ama a leagtar amach i mír 2, i gcás nár chuir an t-ardán sin an plean gníomhaíochta in iúl laistigh den tréimhse ama sin.

De bhun na cumarsáide sin, ní bheidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta i dteideal aon bheart imscrúdaithe ná forfheidhmithe a dhéanamh a thuilleadh i leith iompar ábhartha an ardáin an- mhór ar líne lena mbaineann, gan dochar d’Airteagal 66 ná aon bhearta eile a fhéadfaidh sé a dhéanamh ar iarraidh ón gCoimisiún.

*Airteagal 51*
*Idirghabháil ón gCoimisiún agus tionscnamh imeachtaí*

1. Féadfaidh an Coimisiún, ag gníomhú ar mholadh ón mBord nó ar a thionscnamh féin tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord, imeachtaí a thionscnamh d’fhonn na cinntí a d’fhéadfaí a ghlacadh de bhun Airteagail 58 agus 59 i leith iompair an ardáin an-mhór ar líne:

(a) a bhfuil amhras ann ina leith gur sháraigh sé aon cheann d’fhorálacha an Rialacháin seo agus nár thug Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta faoi aon bheart imscrúdaithe ná forfheidhmithe, de bhun iarraidh an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 45(7), ar dhul in éag don tréimhse ama a leagadh síos san iarraidh sin;

(b) a bhfuil amhras ann ina leith gur sháraigh sé aon cheann d’fhorálacha an Rialacháin seo agus d’iarr Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta ar an gCoimisiún idirghabháil a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 46(2), ar an iarratas sin a fháil;

(c) a bhfuarthas gur sháraigh sé aon cheann d’fhorálacha Roinn 4 de Chaibidil III, ar dhul in éag don tréimhse ama ábhartha don chumarsáid dá dtagraítear in Airteagal 50(4).

2. I gcás ina gcinneann an Coimisiún imeachtaí a thionscnamh de bhun mhír 1, tabharfaidh sé fógra do gach duine de na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, don Bhord agus don ardán an-mhór ar líne lena mbaineann.

Maidir le pointí (a) agus (b) de mhír 1, de bhun an fhógra sin, ní bheidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta lena mbaineann i dteideal aon bheart imscrúdaithe ná forfheidhmithe a dhéanamh a thuilleadh i leith iompar ábhartha an ardáin an- mhór ar líne lena mbaineann, gan dochar d’Airteagal 66 ná aon bheart eile a fhéadfaidh sé a dhéanamh ar iarraidh ón gCoimisiún.

3. Déanfaidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha dá dtagraítear in Airteagal 45(7), 46(2) agus 50(1), mar is infheidhme, ar eolas a fháil, an méid seo a leanas a tharchur chuig an gCoimisiún, gan moill mhíchuí:

(a) aon fhaisnéis a mhalartaigh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha maidir leis an sárú nó an sárú amhrasta, mar is infheidhme, leis an mBord agus leis an ardán an-mhór ar líne lena mbaineann;

(b) cáschomhad an Chomhordaitheora Seirbhísí Digiteacha maidir leis an sárú nó an sárú amhrasta, mar is infheidhme;

(c) aon fhaisnéis eile atá i seilbh an Chomhordaitheora Seirbhísí Digiteacha sin a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do na himeachtaí arna dtionscnamh ag an gCoimisiún.

4. Déanfaidh an Bord, agus na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha a dhéanann an iarraidh dá dtagraítear in Airteagal 45(1), aon fhaisnéis atá ina seilbh acu a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do na himeachtaí arna dtionscnamh ag an gCoimisiún, a tharchur chuig an gCoimisiún gan moill mhíchuí nuair a chuirtear ar an eolas iad.

*Airteagal 52*
*Iarrataí ar fhaisnéis*

1. D'fhonn tabhairt faoi na cúraimí a shanntar dó faoin Roinn seo, féadfaidh an Coimisiún le hiarraidh shimplí nó le cinneadh éileamh ar na hardáin an-mhór ar líne lena mbaineann, chomh maith le haon duine eile a ghníomhaíonn chun críocha a bhaineann lena dtrádáil, gnó, ceird nó gairm a d'fhéadfadh a bheith ar an eolas go réasúnta faoi fhaisnéis a bhaineann leis an sárú amhrasta nó leis an sárú, mar is infheidhme, lena n-áirítear eagraíochtaí a dhéanann na hiniúchtaí dá dtagraítear in Airteagal 28 agus 50(3), faisnéis den sórt sin a chur ar fáil laistigh de thréimhse ama réasúnta.

2. Le linn iarraidh shimplí ar fhaisnéis a sheoladh chuig an ardán an-mhór ar líne lena mbaineann nó chuig an duine eile dá dtagraítear in Airteagal 52(1), luafaidh an Coimisiún bunús dlí agus cuspóir na hiarrata, sonróidh sé an fhaisnéis a éilítear agus leagfaidh sé tréimhse ama síos ina gcaithfear an fhaisnéis sin a chur ar fáil, agus na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 59 as faisnéis mhícheart nó mhíthreorach a sholáthar.

3. I gcás ina n-éilíonn an Coimisiún ar an ardán an-mhór ar líne nó ar an duine eile dá dtagraítear in Airteagal 52(1) faisnéis a sholáthar trí chinneadh, luafaidh sé bunús dlí agus cuspóir na hiarrata sin, sonróidh sé an fhaisnéis a éilítear agus leagfaidh sé tréimhse ama síos ina gcaithfear an fhaisnéis sin a chur ar fáil. Sonróidh sé na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 59 agus sonróidh nó forchuirfidh sé na híocaíochtaí pionóis tréimhsiúla dá bhforáiltear in Airteagal 60. Sonrófar ann freisin an ceart chun go ndéanfadh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh athbhreithniú ar an gcinneadh.

4. Cuirfidh úinéirí an ardáin an-mhór ar líne lena mbaineann nó an duine eile dá dtagraítear in Airteagal 52(1) nó a n-ionadaithe agus, i gcás daoine dlítheanacha, comhlachtaí nó gnólachtaí, nó i gcás nach bhfuil aon phearsantacht dhlítheanach acu, déanfaidh na daoine atá údaraithe chun ionadaíocht a dhéanamh thar a gceann de réir dlí nó de réir a mbunreachta an fhaisnéis a iarrtar a sholáthar thar ceann an ardáin an-mhór ar líne lena mbaineann nó thar ceann na ndaoine eile dá dtagraítear in Airteagal 52(1). Féadfaidh dlíodóirí arna n-údarú go cuí chun gníomhú an fhaisnéis a

sholáthar thar ceann a gcuid cliant. Leanfaidh na cliaint sin de bheith freagrach go hiomlán má tá an fhaisnéis a sholáthraítear neamhiomlán, mícheart nó míthreorach.

5. Ar iarraidh ón gCoimisiún, soláthróidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha agus údaráis inniúla eile gach faisnéis is gá don Choimisiún chun na cúraimí a sannadh dó faoin Roinn seo a dhéanamh.

*Airteagal 53*
*Cumhacht chun agallaimh a reáchtáil agus ráitis a ghlacadh*

D’fhonn na cúraimí a sannadh dó faoin Roinn seo a chur i gcrích, féadfaidh an Coimisiún agallamh a chur ar aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach a thoileoidh le dul faoi agallamh chun críche faisnéis a bhailiú, a bhaineann le hábhar imscrúdaithe, i ndáil leis an sárú amhrasta nó an sárú, mar is infheidhme.

*Airteagal 54*
*Cumhacht le hiniúchtaí ar an láthair a dhéanamh*

1. D’fhonn na cúraimí a sannadh dó faoin Roinn seo a chur i gcrích, féadfaidh an Coimisiún iniúchtaí ar an láthair a dhéanamh ag áitreabh an ardáin an-mhór ar líne lena mbaineann nó an duine eile dá dtagraítear in Airteagal 52(1).

2. Féadfar iniúchtaí ar an láthair a dhéanamh le cúnamh ó iniúchóirí nó saineolaithe arna gceapadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 57(2).

3. Féadfaidh an Coimisiún agus na hiniúchóirí nó saineolaithe arna gceapadh aige éileamh a dhéanamh ar an ardán an-mhór ar líne lena mbaineann nó ar an duine eile dá dtagraítear in Airteagal 52(1) míniúcháin a thabhairt ar a eagrúchán, feidhmiú, córas TF, algartaim, iompar maidir le láimhseáil sonraí agus iompar gnó i rith an iniúchta ar an láthair. Féadfaidh an Coimisiún agus na hiniúchóirí nó saineolaithe arna gceapadh aige ceisteanna a chur ar phríomhphearsanra an ardáin an-mhór ar líne lena mbaineann nó ar an duine eile dá dtagraítear in Airteagal 52(1).

4. Ceanglaítear ar an ardán an-mhór ar líne lena mbaineann nó ar an duine eile dá dtagraítear in Airteagal 52(1) géilleadh d’iniúchadh ar an láthair arna ordú trí chinneadh an Choimisiúin. Sonrófar sa chinneadh ábhar agus cuspóir na cuairte, sonrófar ann an dáta a mbeidh an t-iniúchadh le tosú agus taispeánfar ann na pionóis dá bhforáiltear in Airteagail 59 agus 60 agus an ceart an cinneadh a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh lena athbhreithniú.

*Airteagal 55*
*Bearta eatramhacha*

1. I gcomhthéacs imeachtaí as a bhféadfaí cinneadh maidir le neamhchomhlíonadh de bhun Airteagal 58(1) a ghlacadh dá bharr, i gcás ina bhfuil práinn mar gheall ar riosca damáiste tromchúiseach d’fhaighteoirí na seirbhíse, féadfaidh an Coimisiún, trí chinneadh, bearta eatramhacha a ordú in aghaidh an ardáin an-mhór ar líne lena mbaineann ar bhonn cinneadh prima facie go ndearnadh sárú.

2. Beidh feidhm ag cinneadh faoi mhír 1 ar feadh tréimhse shonraithe agus féadfar an tréimhse sin a athnuachan a mhéid atá sé riachtanach agus iomchuí.

*Airteagal 56*
*Gealltanais*

1. Má tharlaíonn sé, le linn imeachtaí faoin Roinn seo, go dtairgeann an t-ardán an-mhór ar líne lena mbaineann gealltanais d'fhonn comhlíontacht le forálacha ábhartha an Rialacháin seo a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún na gealltanais sin a chur ina gceangal ar an ardán an-mhór ar líne lena mbaineann trí chinneadh agus dearbhú nach bhfuil aon fhorais eile ann i gcomhair gníomhaíochta.

2. Féadfaidh an Coimisiún, ar iarraidh nó ar a thionscnamh féin, na himeachtaí a athoscailt:

   (a) i gcás ina bhfuil athrú ábhartha ar aon cheann de na fíorais ar ar bunaíodh an cinneadh;

   (b) i gcás ina ngníomhaíonn an t-ardán an-mhór ar líne lena mbaineann ar neamhréir lena ghealltanais; nó

   (c) i gcás ina raibh an cinneadh bunaithe ar fhaisnéis neamhiomlán, mhícheart nó mhíthreorach arna sholáthar ag an ardán an-mhór ar líne lena mbaineann nó an duine eile dá dtagraítear in Airteagal 52(1).

3. I gcás ina measann an Coimisiún nach bhfuil na gealltanais a thairg an t-ardán an-mhór ar líne lena mbaineann ábalta comhlíontacht éifeachtach le forálacha ábhartha an Rialacháin seo a áirithiú, diúltóidh sé do na gealltanais sin i gcinneadh réasúnaithe le linn na n-imeachtaí a bheith á dtabhairt chun críche.

*Airteagal 57*
*Faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí*

1. D'fhonn na cúraimí a sannadh dó faoin Roinn *seo a chur i gcrích,* féadfaidh an Coimisiún na bearta is gá a dhéanamh chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach agus ar chomhlíontacht an ardáin an-mhór ar líne lena mbaineann leis an Rialachán seo. Féadfaidh an Coimisiún a ordú don ardán sin rochtain a thabhairt ar a bhunachair sonraí agus ar algartaim, agus ar mhíniúcháin a bhaineann leo.

2. Féadfar saineolaithe seachtracha neamhspleácha agus iniúchóirí a cheapadh mar chuid de na gníomhaíochtaí de bhun mír 1 chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht le forálacha ábhartha an Rialacháin seo agus chun saineolas nó eolas sonrach a chur ar fáil don Choimisiún.

*Airteagal 58*
*Neamhchomhlíonadh*

1. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh neamhchomhlíonta i gcás ina measann sé nach gcomhlíonann an t-ardán an-mhór ar líne lena mbaineann ceann amháin nó níos mó de na míreanna seo a leanas:

   (a) forálacha ábhartha an Rialacháin seo;

   (b) bearta eatramhacha arna n-ordú de bhun Airteagal 55;

   (c) gealltanais arna ndéanamh ceangailteach de bhun Airteagal 56;

2. Cuirfidh an Coimisiún a réamhchinntí in iúl don ardán an-mhór ar líne lena mbaineann sula nglacfar leis an gcinneadh de bhun mhír 1. Míneoidh an Coimisiún

na bearta a mheasann sé a ghlacfaidh sé, nó a mheasann sé ar cheart don ardán an-mhór ar líne lena mbaineann a ghlacadh, d'fhonn dul i ngleic go héifeachtach leis na réamhchinntí.

3. Ordóidh an Coimisiún sa chinneadh a ghlacfar de bhun mhír 1 don ardán an-mhór ar líne lena mbaineann na bearta is gá a dhéanamh chun comhlíontacht leis an gcinneadh de bhun mhír 1 a áirithiú laistigh de thréimhse ama réasúnta agus faisnéis a chur ar fáil maidir leis na bearta atá i gceist ag an ardán a dhéanamh chun an cinneadh a chomhlíonadh.

4. Cuirfidh an t-ardán an-mhór ar líne lena mbaineann tuairisc ar na bearta a rinne sé le comhlíontacht leis an gcinneadh de bhun mhír 1 a áirithiú ar fáil tráth a gcuireann sé na bearta sin chun feidhme.

5. I gcás ina measann an Coimisiún nach bhfuil coinníollacha mhír 1 comhlíonta, cuirfidh sé deireadh leis an imscrúdú trí chinneadh.

*Airteagal 59*
*Fíneálacha*

1. Féadfaidh an Coimisiún fíneálacha a fhorchur ar an ardán an-mhór ar líne nach mó ná 6 % dá láimhdeachas iomlán sa bhliain airgeadais roimhe sin sa chinneadh de bhun Airteagal 58, i gcás ina measann sé go ndearna an t-ardán an méid seo a leanas, d'aon ghnó nó le faillí:

   (a) sháraigh sé forálacha ábhartha an Rialacháin seo;

   (b) mhainnigh sé cinneadh ina n-ordaítear dó bearta eatramhacha a ghlacadh faoi Airteagal 55 a chomhlíonadh; nó

   (c) mhainnigh sé beart deonach a ndearnadh ceangailteach é le cinneadh de bhun Airteagal 56 a chomhlíonadh;

2. Féadfaidh an Coimisiún fíneálacha nach mó ná 1 % den láimhdeachas iomlán sa bhliain airgeadais roimhe sin a fhorchur trí chinneadh ar an ardán an-mhór ar líne lena mbaineann nó ar an duine eile dá dtagraítear in Airteagal 52(1), i gcás ina measann sé go ndearnadh an méid seo a leanas, d'aon ghnó nó le faillí:

   (a) faisnéis mhícheart, neamhiomlán nó mhíthreorach a sholáthar mar fhreagairt ar iarraidh de bhun Airteagal 52 nó, nuair a iarrtar an fhaisnéis a sholáthar le cinneadh, ní thugtar freagra ar an iarraidh laistigh den tréimhse ama a leagadh síos;

   (b) níor ceartaíodh an fhaisnéis mhícheart, neamhiomlán nó mhíthreorach arna soláthar ag ball foirne laistigh den tréimhse ama arna leagan síos ag an gCoimisiún, nó mainníodh nó diúltaíodh faisnéis iomlán a sholáthar;

   (c) diúltaíodh géilleadh do chigireacht ar an láthair de bhun Airteagal 54.

3. Cuirfidh an Coimisiún a réamhchinntí in iúl don ardán an-mhór ar líne lena mbaineann nó don duine eile dá dtagraítear in Airteagal 52(1) sula nglacfar leis an gcinneadh de bhun mhír 2.

4. Agus méid na fíneála á shocrú, tabharfaidh an Coimisiún aird ar chineál, tromchúis, fad agus atarlú an tsáraithe agus, maidir le fíneálacha a fhorchuirtear de bhun mhír 2, an mhoill a cuireadh ar na himeachtaí.

*Airteagal 60*
*Íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla*

1. Féadfaidh an Coimisiún íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur le cinneadh ar an ardán an-mhór ar líne lena mbaineann nó ar an duine eile dá dtagraítear in Airteagal 52(1), mar is infheidhme, nach mó ná 5 % den mheánláimhdeachas laethúil, arna ríomh ón dáta arna cheapadh leis an gcinneadh, d'fhonn iallach a chur orthu an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) faisnéis cheart agus iomlán a chur ar fáil mar fhreagra ar chinneadh ina dteastaíonn faisnéis de bhun Airteagal 52;

(b) géilleadh do chigireacht ar an láthair atá ordaithe aige le cinneadh de bhun Airteagal 54;

(c) cinneadh ina n-ordaítear air bearta eatramhacha a ghlacadh de bhun Airteagal 55(1) a chomhlíonadh;

(d) gealltanais a ndearnadh ceangailte iad le cinneadh de bhun Airteagal 56(1) a chomhlíonadh;

(e) cinneadh de bhun Airteagal 58(1) a chomhlíonadh.

2. I gcás ina gcomhlíonann an t-ardán an-mhór ar líne lena mbaineann nó an duine eile dá dtagraítear in Airteagal 52(1) an oibleagáid a raibh an íocaíocht phionósach thréimhsiúil beartaithe le forfheidhmiú, féadfaidh an Coimisiún méid cinntitheach na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla a shocrú ag figiúir atá níos ísle ná an méid a shocrófaí faoin gcinneadh bunaidh.

*Airteagal 61*
*Tréimhse teorann le haghaidh pionóis a fhorchur*

1. Beidh na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún le hAirteagail 59 agus 60 faoi réir tréimhse teorann a mhairfidh ar feadh cúig bliana.

2. Cuirfear tús leis an am ar an lá a rinneadh an sárú. Mar sin féin, i gcás sáruithe leanúnacha nó sáruithe a tharlaíonn arís agus arís eile, cuirfear tús leis an am ar an lá ar cuireadh deireadh leis an sárú.

3. Cuirfidh aon ghníomhaíocht arna déanamh ag an gCoimisiún nó ag an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha chun críche an imscrúdaithe nó na n-imeachtaí i leith sáraithe isteach ar an tréimhse teorann le haghaidh fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur. Áirítear na gníomhaíochtaí seo a leanas, go háirithe, ina measc siúd a chuirfidh isteach ar an tréimhse teorann:

(a) iarrataí ón gCoimisiún ar nó ó Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha ar fhaisnéis;

(b) iniúchadh ar an láthair;

(c) imeacht arna chur ar bun ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 51(2).

4. Cuirfear tús nua leis an am le gach briseadh. Mar sin féin, rachaidh an tréimhse teorann le haghaidh fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur in éag ar a dhéanaí ar an lá a bheidh tréimhse cothrom le dhá oiread na tréimhse teorann caite gan aon fhíneáil ná íocaíocht phionósach thréimhsiúil forchurtha ag an gCoimisiún. Cuirfear síneadh leis an tréimhse sin leis an méid ama ina bhfuil an tréimhse teorann de bhun mhír 5 ar fionraí.

5. Cuirfear an tréimhse teorann le haghaidh fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur ar fionraí fad atá cinneadh an Choimisiúin faoi réir imeachtaí atá ar feitheamh os comhair Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 62*
*Tréimhse teorann le haghaidh pionóis a fhorfheidhmiú*

1. Beidh an chumhacht a thugtar don Choimisiún cinntí a fhorfheidhmiú de bhun Airteagail 59 agus 60 faoi réir tréimhse teorann a mhairfidh ar feadh cúig bliana.

2. Cuirfear tús leis an am ar an lá a mbeidh an cinneadh críochnaitheach.

3. Cuirfear isteach ar an tréimhse teorann le haghaidh pionóis a fhorfheidhmiú sna cásanna seo a leanas:

(a) trí fhógra maidir le cinneadh lena n-athraítear méid bunaidh na fíneála nó na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla nó lena ndiúltaítear d'iarratas le haghaidh athraithe;

(b) tríd aon ghníomhaíocht a dhéanann an Coimisiún, nó Ballstát ag gníomhú ar iarraidh an Choimisiúin, a dearadh le híocaíocht na fíneála nó na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla a fhorfheidhmiú.

4. Cuirfear tús nua leis an am le gach briseadh.

5. Beidh an tréimhse teorann le haghaidh pionóis a fhorfheidhmiú ar fionraí a fhad:

(a) is a cheadaítear am le híoc;

(b) is atá forfheidhmiú íocaíochta ar fionraí de bhun chinneadh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 63*
*An ceart chun éisteachta agus rochtain a fháil ar an gcomhad*

1. Tabharfaidh an Coimisiún ceart don ardán an-mhór ar líne lena mbaineann nó don duine eile dá dtagraítear in Airteagal 52(1) éisteacht a fháil maidir leis na nithe seo a leanas sula nglacfar le cinneadh de bhun Airteagal 58(1), 59 nó 60:

(a) réamhchinntí an Choimisiúin, lena n-áirítear aon ábhar a bhfuil agóid ardaithe ag an gCoimisiún ina leith; agus

(b) bearta a fhéadfadh an Coimisiún a ghlacadh i bhfianaise na réamhchinntí dá dtagraítear i bpointe (a).

2. Féadfaidh an t-ardán an-mhór ar líne lena mbaineann nó duine eile dá dtagraítear in Airteagal 52(1) a gcuid barúlacha ar réamhchinntí an Choimisiúin a chur isteach laistigh de thréimhse ama réasúnach arna leagan síos ag an gCoimisiún ina réamhchinntí, nach féidir leis a bheith níos lú ná 14 lá.

3. Ní bhunóidh an Coimisiún a chuid cinntí ar aon ní ach amháin na hagóidí a raibh ar chumas na bpáirtithe lena mbaineann barúil a thabhairt ina leith.

4. Déanfar cearta cosanta na bpáirtithe lena mbaineann a urramú go hiomlán le linn na n-imeachtaí. Beidh siad i dteideal rochtain a bheith acu ar chomhad an Choimisiúin faoi théarmaí nochta idirbheartaíochta, faoi réir leas dlisteanach an ardáin an-mhór ar líne lena mbaineann nó duine eile dá dtagraítear in Airteagal 52(1) maidir lena rúin ghnó a chosaint. Ní shínfidh an ceart rochtana ar an gcomhad chuig faisnéis rúnda

agus doiciméid inmheánacha an Choimisiúin ná údaráis na mBallstát. Go háirithe, ní shínfidh an ceart rochtana chuig comhfhreagras idir an Coimisiún agus na húdaráis sin. Ní choiscfidh aon ní sa mhír seo an Coimisiún faisnéis atá riachtanach chun sárú a chruthú, a nochtadh agus a úsáid.

5. Ní úsáidfear an fhaisnéis a bhailítear de bhun Airteagail 52, 53 agus 54 ach chun críche an Rialacháin seo amháin.

6. Gan dochar don mhalartú agus don úsáid faisnéise dá dtagraítear in Airteagail 51(3) agus 52(5), ní nochtfaidh an Coimisiún, an Bord, údaráis na mBallstát agus a n-oifigigh, seirbhísigh faoi seach agus daoine eile a oibríonn faoina maoirseacht; agus aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach eile lena mbaineann, lena n-áirítear iniúchóirí agus saineolaithe a ceapadh de bhun Airteagal 57(2) aon fhaisnéis a gheobhaidh siad nó a mhalartóidh siad de bhun an Rialacháin seo ar faisnéis í de chineál a chumhdaítear faoi oibleagáid na rúndachta gairmiúla.

*Airteagal 64*
*Foilsiú cinntí*

1. Foilseoidh an Coimisiún na cinntí a ghlacann sé de bhun Airteagal 55(1), 56(1), 58, 59 agus 60. Luafar i bhfoilseachán den sórt sin ainmneacha na bpáirtithe agus príomhábhar an chinnidh, lena n-áirítear aon phionóis a forchuireadh.

2. Tabharfaidh an foilseachán aird do chearta agus do leasa dlisteanacha an ardáin an-mhór ar líne lena mbaineann, aon duine eile dá dtagraítear in Airteagal 52(1) agus aon thríú páirtí maidir le cosaint a gcuid faisnéise rúnda.

*Airteagal 65*
*Iarrataí ar shrianta ar rochtain agus comhar le cúirteanna náisiúnta*

1. I gcás ina bhfuil gach cumhacht de bhun an Airteagail seo chun stop a chur le sárú ar an Rialachán seo spíonta, leanfar den sárú agus é ina shiocair le díobháil thromchúiseach nach féidir a sheachaint trí chumhachtaí eile atá ar fáil faoi dhlí an Aontais ná faoin dlí náisiúnta a ghníomhú, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha bhunaíocht an ardáin an-mhór ar líne lena mbaineann gníomhú de bhun Airteagal 41(3).

Sula ndéanfaidh sé iarraidh den sórt sin chuig an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha, iarrfaidh an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara barúlacha i scríbhinn a chur isteach laistigh de thréimhse ama nach mbeidh níos lú ná dhá sheachtain, ina mínítear na bearta a bheartaíonn sé a iarraidh agus ag aithint an tseolaí nó na seolaithe beartaithe.

2. I gcás ina n-éilítear amhlaidh le haghaidh cur i bhfeidhm comhleanúnach an Rialacháin seo, féadfaidh an Coimisiún, ag gníomhú ar a thionscnamh féin, barúlacha i scríbhinn a chur faoi bhráid an údaráis bhreithiúnaigh inniúil dá dtagraítear in Airteagal 41(3). Féadfaidh sé barúlacha ó bhéal a dhéanamh freisin le cead ón údarás breithiúnach atá i gceist.

Chun críche ullmhú a bharúlacha amháin, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar an údarás breithiúnach sin aon doiciméid atá riachtanach le haghaidh measúnú an cháis a tharchur chuige nó tarchur na ndoiciméad sin chuige a áirithiú.

*Airteagal 66*
*Gníomhartha cur chun feidhme a bhaineann le hidirghabháil ón gCoimisiún*

1. I ndáil le hidirghabháil ón gCoimisiún a chumhdaítear sa Roinn seo, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a bhaineann leis na socruithe praiticiúla le haghaidh:

(c) na n-imeachtaí de bhun Airteagail 54 agus 57;

(a) na n-éisteachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 63;

(b) an nochta idirbheartaíochta faisnéise dá bhforáiltear in Airteagal 63.

2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 70. Sula nglacfaidh an Coimisiún le haon bheart de bhun mhír 1, foilseoidh sé dréacht de na bearta sin agus iarrfaidh sé ar gach páirtí leasmhar a mbarúlacha a chur isteach laistigh de thréimhse ama a leagtar amach sa dréacht sin, nach mbeidh níos lú ná mí amháin.

## ROINN 4
## FORÁLACHA COITEANNA MAIDIR LE FORFHEIDHMIÚ

*Airteagal 67*
*Córas comhroinnte faisnéise*

1. Déanfaidh an Coimisiún córas comhroinnte iontaofa agus slán a bhunú agus a choimeád ar bun chun tacú le cumarsáid idir Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, an Coimisiún agus an Bord.

2. Úsáidfidh Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, an Coimisiún agus an Bord an córas comhroinnte faisnéise le haghaidh gach cumarsáid de bhun an Rialacháin seo.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos socruithe praiticiúla agus oibríochta maidir le feidhmiú an chórais comhroinnte faisnéise agus a idir-inoibritheacht le córais ábhartha eile. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 70.

*Airteagal 68*
*Ionadaíocht*

Gan dochar do Threoir 2020/XX/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52], beidh an ceart ag faighteoirí seirbhísí idirghabhálacha sainordú a thabhairt do chomhlacht, eagraíocht nó comhlachas na cearta dá dtagraítear in Airteagail 17, 18 agus 19 a fheidhmiú thar a gceann, ar choinníoll go gcomhlíonann an comhlacht, eagraíocht nó comhlachas gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) feidhmíonn sé ar bhonn neamhbhrabúis;

(b) bunaíodh é go hiomchuí i gcomhréir le dlí Ballstáit;

(c) tá leas dlisteanach chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo i measc a chuspóirí reachtúla.

52 [Tagairt]

### ROINN 5
### GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE

*Airteagal 69*
*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 23, 25 agus 31 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ón [dáta ar a bhfuiltear ag súil le glacadh leis an Rialachán].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 23, 25 agus 31 a chúlghairm tráth ar bith. Cuirfidh cinneadh chun an chúlghairm a dhéanamh deireadh leis an tarmligean cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagail 23, 25 agus 31 i bhfeidhm ach amháin mura ndéanann Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse 3 mhí ó fhógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula dtéann an tréimhse sin in éag, go gcuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 3 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 70*
*Coiste*

1. Tabharfaidh an Coiste Seirbhísí Digiteacha cúnamh don Choimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE)Uimh. 182/2011.

# Caibidil V
# Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 71*
*Scriosadh forálacha áirithe de Threoir 2000/31/CE*

1. Scriosfar Airteagail 12 go 15 de Threoir 2000/31/CE.

2. Déanfar tagairtí d’Airteagail 12 go 15 de Threoir 2000/31/CE a fhorléiriú mar thagairtí d’Airteagail 3, 4, 5 agus 7 den Rialachán seo, faoi seach.

*Airteagal 72*
*Leasuithe ar Threoir 2020/XX/CE maidir le Caingne Ionadaíocha chun Comhleasanna Tomhaltóirí a Chosaint*

3. Cuirtear an méid seo a leanas le hIarscríbhinn I:

‘(X) Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE’

*Airteagal 73*
*Meastóireacht*

1. Laistigh de 5 bliana tar éis teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ar a dhéanaí, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

2. Chun críche mhír 1, seolfaidh na Ballstáit agus an Bord faisnéis ar iarraidh ón gCoimisiún.

3. Agus na meastóireachtaí dá dtagraítear i mír 1 á ndéanamh acu, cuirfidh an Coimisiún na seasaimh agus na torthaí ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, agus ó chomhlachtaí nó foinsí ábhartha eile san áireamh.

4. Laistigh de thrí bliana ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar a dhéanaí, tabharfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord, measúnú ar fheidhmiú an Bhoird agus tuairisceoidh sé an measúnú sin do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus na céad bhlianta feidhmithe an Rialacháin á gcur san áireamh. Ar bhonn na dtorthaí agus aird á thabhairt ar thuairim an Bhoird, beidh togra le haghaidh leasaithe ar an Rialachán seo ag gabháil leis an tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí, maidir le struchtúr an Bhoird.

*Airteagal 74*
*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

2. Beidh feidhm aige ón [dáta - trí mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le

1.4. Forais an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteideal (ceannteidil) an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid nua arna mbeartú

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

*3.2.2. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.3. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[53]

| |
|---|
| Réimse beartais: Na Líonraí Cumarsáide, an tÁbhar Digiteach agus an Teicneolaíocht; An Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna<br><br>Imní maidir le himpleachtaí buiséadacha na gcúraimí atá ar iontaoibh an Choimisiúin, lena n- áirítear na cúraimí maoirseachta díreacha agus tacaíocht don Bhord.<br><br>Gníomhaíocht: Todhchaí digiteach na hEorpa a mhúnlú |

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le

☑ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[54]**

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Forais an togra/tionscnaimh

*1.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.*

| |
|---|
| Ba cheart don Rialachán a bheith infheidhme go díreach tar éis [3 mhí] ón dáta arna ghlacadh, agus ba cheart go gceadódh rialachas an Aontais maoirseacht éifeachtach ar sheirbhísí digiteacha trasteorann faoin am sin. Dá bhrí sin, beidh údaráis atá ann ceana féin ceaptha agus/nó údaráis nua bunaithe ag na Ballstáit, faoin tráth sin, a fheidhmíonn cúraimí na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha. Ag an tráth céanna, ba cheart go mbeadh grúpa comhairleach neamhspleách ad hoc (an Bord) bunaithe agus éifeachtach d'fhonn a bheith ábalta a ghníomhaíochtaí a phleanáil agus tosú ag glacadh le faisnéis agus ag próiseáil faisnéise ó Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus ón gCoimisiún, d'fhonn a gcomhairle, tuairimí agus moltaí a sholáthar chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin a áirithiú. Thairis sin, tabharfar de chumhacht don Choimisiún maoirseacht dhíreach a dhéanamh ar ardáin ar leith faoi dheireadh, i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na critéir a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe. Ba cheart don ardán Eorpach a thacaíonn le malartú faisnéise a bheith go hiomlán feidhmiúil faoin am céanna sin. |

53 ABM: bainistiú de réir gníomhaíochtaí; ABB: buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

54 Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Sa chéim tionscnaimh tosaigh agus go dtí an chéad athbhreithniú gearrthéarmach ar an Rialachán, ba cheart don Choimisiún na gníomhaíochtaí tacaíochta a sholáthar don Bhord, chomh maith le bonneagar le haghaidh feidhmeanna inmheánacha, le rannchuidiú/rannpháirtíocht fhéideartha pearsanra ó Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha náisiúnta freisin.

*1.4.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex ante): D'fhonn feidhmiú cuí an mhargaidh aonair a áirithiú, foráiltear *inter alia* leis an idirghabháil, le haghaidh maoirseacht iomchuí ar sheirbhísí digiteacha agus comhar idir údaráis ar leibhéal an Aontais, dá bhrí sin ag tacú le hiontaobhas, nuálaíocht agus fás sa mhargadh aonair. Tá sé seo riachtanach chun na coinníollacha is fearr le haghaidh forbairt seirbhísí digiteacha trasteorann nuálacha a áirithiú san Aontas Eorpach thar theorainneacha náisiúnta agus timpeallacht shábháilte ar líne a choinneáil ar bun do gach saoránach de chuid an Aontais, is spriocanna iad sin nach féidir a bhaint amach ach ar leibhéal Eorpach. Ag féachaint go sonrach do *ardáin an- mhór*, thairis sin, is gá sraith mhaoirseachta neartaithe Eorpach, a chomhordaíonn agus a chomhlánaíonn rialálaithe náisiúnta, thairis sin i bhfianaise cumhachta agus tionchar uile- Eorpaigh stuamachta agus maoirseachta na ngníomhaithe sin.

An breisluach Eorpach a mheastar a ghinfear (*ex post*): Sainaithnítear sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra an luach breise a bhaineann le hidirghabháil an Aontais amháin agus é ag dul i ngleic leis an riosca ilroinnte dlíthiúla mar thoradh ar chuir chuige rialála agus maoirseachta éagsúla (ar an dóigh sin, gan cuntas a thabhairt don tsábháilteacht agus iontaofacht mhéadaithe ar sheirbhísí digiteacha) i méadú féideartha idir 1 agus 1.8 % i dtrádáil dhigiteach trasteorann, i.e. méadú sa láimhdeachas trasteorann a gineadh atá cothrom le EUR 8.6 billiún agus suas le EUR 15.5 billiún.

Maidir leis an luach breise i bhforfheidhmiú na mbeart, cruthaíonn an tionscnamh gnóthachain éifeachtúlachta thábhachtacha sa chomhar idir Ballstáit agus ag bailiú roinnt acmhainní le haghaidh cúnamh teicniúil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun iniúchadh a dhéanamh ar chórais modhnaithe ábhair, córais mholtaí agus ar fhógraíocht ar ardáin an- mhór ar líne. Beidh éifeachtacht mhéadaithe maidir le forfheidhmiú agus maoirseacht na mbeart mar thoradh air sin, de bhrí go bhfuil an córas reatha ag brath ar an gcumas teoranta atá ann i líon beag Ballstát den chuid is mó.

*1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

